Mhéadaigh Feidhm na gConarthaí líon conarthaí foirmeálta a cuireadh i bhfeidhm trí chomhairliúchán le húsáidóirí deiridh agus an próiseas iomaíoch. Leanann Feidhm na gConarthaí ag gabháil leis an bpróiseas iomaíoch do chaitheachas neamhphá go léir (gan Cógaslann, MPBE agus táirgí a bhaineann le Fuil a chur san áireamh). Tá feidhm na gConarthaí páirteach i gconarthaí soláthar agus seirbhísí.

Conarthaí Soláthar: m.sh. Gléas Liachta (m.sh. Steintíní Ionlath Drugaí, Tomhaltáin Obrádlainne, Raideolaíocht idirghabhálach srl.), Tomhaltáin m.sh. táirgí indiúscartha, stáiseanóireacht, bia srl.

Conarthaí Seirbhísí: m.sh. Línéadach, Slándáil, Glantóireacht, Cúntóirí Cúraim Shláinte srl.

Ghníomhaigh feidhm na gConarthaí i gcumas comhairliúcháin freisin i 2009 ar roinnt tionscadal don IMS, d'Acmhainní Daonna agus do na Roinne Pleanála.

Forbhreathnú Conarthaí 2009	
Earraí/Seirbhísí faoi chonradh foirmeálta i 2009	€49,038,112
Líon iomlán conarthaí i láthair	146

I 2009, sheas earraí/seirbhísí faoi chonradh foirmeálta do 77% den chaiteachas iomlán. Leanann an líon táirgí agus seirbhísí a gabhadh faoi chonradh foirmeálta ag leathnú. Bíonn margaí soláthair á anailísú go leantach chun deiseanna nua a aithint agus a chinntiú go nbaintear amach an luach is fearr ar airgead. Glacadh , fograíodh agus rinneadh anailísú ar roinnt conarthaí nua i 2009 le dámhachtain i 2010 m.sh. Mascaille agus Béil (thart ar €750k), conradh uama (thart ar €450k), tomhaltáin Saotharlainne (€750k), Taifid Liachta agus Scanachán.

Lean feidhm Sholáthair Chliniciúlaa bheith ina chomhpháirt ríthábhachtach den Roinn. Chinntigh rannpháirtíocht leantach na n-úsáideoirí deiridh agus cur chuige ildisciplíneach i leith an phróisis iomaíoch go dtugtar faoi cheisteanna cliniciúla agus airgeadais ó chéim dhearadh iomaíoch go díreach go dtí monatóireacht conartha leanúnach.

An Roinn Cheannaigh

Tá an ghníomhaíocht cheannaigh go léir laistigh de nó ar son Ospidéal Naomh Séamas a ghactar faoi chúram faoi réir rialúchán soláthair phoiblí, bunaithe ar baint amach luach ar airgead, baint amach riachtanas úsáideoirí deiridh agus déantar naceannacháin go léir don Ospidéal trí chóras SAP ERP.

Lean an fheidhm cheannaigh ag leathnú a punainn tháirge agus bhainistigh sí príomhchuntais díoltóra. Ba príomhfhócais iad comhiomlánú táirge do cheannacháin neamhchonartha agus cuíchóirí an bhonn sholáthair don fheidhm i 2009. Lean an fhoireann cheannaigh ag obair go dlúth leis an bhfeidhm conartha ar roinnt tionscnamh conartha. Ba é líon na n-orthuithe ceannaigh a rinneadh ná 26,713 i 2009.

Tionscnamh cumasaithe do TF SAP/ Bainistíocht Ábhar 2009

Lean an Roinn ag comhoibriú le foireann Airgeadais SAP/ Bainistíocht Ábhar ar roinnt tionscnamh.

- Úsáid mhéadaithe íomhánna digiteacha agus sonraíochtaí táirge a cheangal le príomhthairfid
- Cumraíocht chun réitigh do ionchorprú bhainistíocht seirbhísí seachtracha i sruth phróiseas an Ospidéil. Caithear seirbhísí a láimhseáil ar bhealach difriúil ná táirgí ó dhúchas
- Aschur thoradh Intrastat i bhformáid XXL chun uaslódáil chuig seirbhís ar líne na gCoimisinéirí Ioncaim
- Dearadh agus cumraíocht sruthanna oibre fhaomhadh Fhoréileamh Ceannaigh agus Orduithe Ceannaigh chun na próisis seo a uathoibriú agus cumarsáid a fheabhsú
- Cóid táirgí a mhapáil in aghaidh conarthaí chun bailiúchán shonraíocht ghníomhaíochta níos éasca agus sainaitheint clúdach conartha a cheadú
- Feabhsú leantach tuarascálacha saincheaptha chun riachtanais ghnó an Ospidéil a chomhlíonadh
- Próisis mhapáilte agus bharrfheabhsaithe chun leathnú modhanna oibre soláthar an Ospidéil a cheadú ar SAP chuig MPSE, Pleanáil agus Coimisiúnú

Acmhainní Daonna



An tUasal Ken Hardy

Stiúrthóir Acmhainní Daonna

An tUasal Gerry Heffernan

Leas-Stiúrthóir Acmhainní Daonna

Príomhfhorbairtí i rith 2009

I rith 2009, chuir an Roinn Acmhainní Daonna na tionscnaimh seo a leanas i gcrích:

- Tabhairt isteach na gComhpháirtithe Gnó Acmhainní Daonna chun seirbhís AD níos inrochtana agus féinoiriúnaithe a sholáthar chuig Roinne agus Stiúrthóireachtaí
- Críochnú Aonad Phleanáil Fhórsa oibre agus Eolais ag ionchorprú Bainistíocht Córas AD SAP, Riarachán Tuarastail, Aoisliúntas agus Eolas Fhórsa Oibre
- Oscailt an tAonad Scileanna Cliniciúla Réigiúnach
- Forbairt Chlár r-fhoghlama agus áiseanna leabharlann r-fhoghlama
- Ag leanúint obair cheannródaíoch an Tionscadaí Náisiúnta Mhais Chriticiúil SKILL d'fhoireann n tacaíochta san ospidéal
- Ag feidhmiú an chonartha comhairligh nua
- Ag feabhsú sheirbhísí sláinte cheirde chuig an tOspidéal agus a fhoireann

Lárionad Foghlama agus Forbartha (LFF)

I 2009, lean an LFF ag soláthar oideachas agus traenáil ardchaighdeán de bhrí riachtanais na foirne ildisciplínigh agus riachtanas othar/seirbhíse. Forbraíodh an Réamheolaire Foghlama agus Forbartha bliantúil bunaithe ar riachtanas aitheanta foghlama agus forbartha na foirne ildisciplínigh go léir a bhí mar mhodh príomhach chun foghlaim a chur in ord tosaíochta thar tréimhse dhá mhí déag.

Soláthraíodh réimse leathan chlár oideachais/traenála ag an Aonad i 2009, an méid seo a leanas san áireamh:

- Ionduchtú Éigeantach - Cuireadh iomlán de 23 clár ar fáil i 2009 - do gach ball foirne nua
- Ionduchtú éigeantach:
 - Traenáil Tine
 - Láimhsiú láimhe Othar & Neamh-othar
 - Dirghabháil Géarchéime Neamh-fhoréigneach
 - un- agus Ard-Thacaí Beatha Cairdiach
- Cláracha Fhorbairt Foirne/Bainistíochta:
 - Cúram Custaiméara
 - Bainistíocht neamhláithreachta
 - raenáil Agallaimh Inniúlacht-bhunaithe
 - Dea-chleachtas i mBainistíocht Taifead Cúraim Shláinte
 - Réiteach coimhlinte
 - Forbairt Maoirseachta/Bainistíochta
 - Traenáil athnuachana LEO
 - Bainistíocht Feidhmiúcháin Fhoireannbhunaithe
 - Cúram néaltraithe/ Síciatracht do Dhaoine aosta
 - Bainistíocht Struis
 - Traenáil TF agus SAP
- Dioplómaí iarchéime in Altranais Speisialtóra (i gcomhpháirtíocht le Scoil Altranais agus Cnáimhseachais, Coláiste na Tríonóide)
- Cúrsaí Altranais Ghearra, seimineáir i gcomhpháirtíocht le NPDU agus foireann Chliniciúil (Cúram maolaitheach, Féithpholladh agus cannúlacht, Cúram Traicéatóime, Teagascaíocht/ Inniúlacht, Laethana Staidéar IV, Laethana Staidéar Altra Foirne/CNM)
- Fliú H1N1 - Iarradh ar an CLD freagairt don éigeandáil náisiúnta seo in Iúil/Lúnasa le ceannaire F & F ag tacú le forbairt chlár oideachais ag leibhéal náisiúnta chun tacú le altraí (leibhéal OSN agus Pobail) i roll amach chlár vacsaínithe maidir le soláthar oideachais agus traenála chuig níos mó ná 350 altra in úsáid:
 - Prótacaíl chógais bhainteacha
 - Bainistíocht anaifiolacsais
 - Traenáil BLS

- Pleanáil Scoir

CDAO (Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna)

D'oibrigh AFF go dlúth le baill fhoirne cuí thar na DATHanna chun creidiúnú CDAO a chur chun cinn. Bhí ONS rathúil i gcreidiúnú cháilitheacht suímh a fháil agus iarradh orthu dul chun cinn a dhéanamh chuig na céimeanna dár gcionn – creidiúnú suímh agus bailíochtú cláir. Beidh obair leanúnach le geallsealbhoirí cuí i rith 2010 chun an tionscnamh corraitheach seo a chur chun cinn.

E-Learning Project

Ba ghníomhaíocht mhór don Ionad í forbairt R-Fhoghlama a bheidh leanúnach mar chuid de Straitéis Foghlama agus Forbartha. Ba é cuspóir an tionscadail ná Timpeallacht Foghlaim Ar Líne (TFA) d'fhoireann Ospidéal Naomh Séamas, a chuirfidh le agus a chuirfidh luach le cláracha bhunaithe sa seomra sanga a sheachadaítear ag an ospidéal.

Ba é an páirtí roghnaithe don tionscadal ná www.hseland.ie – acmhainn ar líne d'foghlaím agus d'fhorbairt. Trí chomhpháirtíocht oibre dlúth leis an bhfoireann ag HSELand, príomh-sheachadtaí:

- **Mol Foghlama an ONS** – achmhainn ar líne inar féidir foireann an ospidéil cláracha foghlama idirghníomhaigh ar líne agus ábhar thacaíocht foghlama a rochtain, smaointe agus acmhainní a roinnt agus comhoibriú le úsáideoirí moil eile
- orbairt **Chlár Thraenáil Láimhsithe Sábháilte** ar líne, ag ceadú foirne chun comhpháirteanna teoirice a chríochnú roimh measúnú praiticiúil a chríochnú i dteicnící láimhsithe sábháilte neamhbheo agus othar ag CLD
- **Ceardlanna Chúrsa R-Fhoghlama** – Trí thionscnamh uathúil, ag fócasú ar úsáid eolais agus scileanna inmheánacha, chuaigh foireann ó Ospidéal Naomh Séamas isteach le foireann FSS ag ceardlanna chun cláracha foghlama ar líne nua agus nuálacha a chruthú.
- **gCás Dóiteáin - Traenáil Shábháilteacht Tine R-Fhoghlama** – Forbraíodh agus láinseáladh an clár R-Fhoghlama 'I gCás Dóiteáin' i gcomhpháirtíocht le Oifigeach Tine an Ospidéil chun an fhoireann a éascú i gcríochnú a riachtanas thraenáil tine bliantúil ar líne. Soláthraíonn an cúrsa R-Fhoghlama idirghníomhach agus mealltach seo an t-eolas ríthábhachtach is gá chun freagairt d'éigeandáil tine. Laistigh den chlár seo, foghlaimíonn úsáideoirí na príosabail a bhaineann le tine, na príosabail le leanúint i gcás éigeandála tine, saghanna múchtóirí agus conas iad a úsáid agus modhanna aslonnaithe.

Tionscadal Leabharlainne/Acmhainní Ar Líne

D'oibrigh an CLD go dlúth le príomhghceallsealbhóirí ag leibhéal an ospidéal i bhforbairt 'Leabharlann/Acmhainní Ar Líne' chun irisí priontáilte a athsholáthar. Tá acmhainní/irisí ar líne le fáil anois d'fhoireann an ospidéal agus is féidir leo a rochtain ar an idirlíon trí chliceáil ar chnaipe **Leabharlainne/Acmhainní Ar Líne** nua suite ag bun an leathanaigh idirlín ar an taobh clé. Tógfar ar an obair agus muid ag dul ar aghaidh.

CDBO [Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna] agus SKILL [Daingniú Eolais laistigh de Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil]

Lean tionscadal mhais chriticiúil FSS SKILL CDBO mhais chriticiúil in Ospidéal Naomh Séamas i 2009 a stiúran Bainisteoir Tionscnaimh agus Áisitheoirí Oideachais sa CLD agus a thacaíonn Grúpa Stiúradh Thionscadal SKILL. Tá sé mar phríomhaidhm ag an tionscadal na baill fhoirne tacaíochta go léir a fhorbairt trí chinntiú go soláthraítear dóibh gach deis chun ardoideachas a rochtain agus a fheidhmiú i bhfeabhsú a bpáirt agus i bhforbairt deiridh na scileanna riachtanacha chun cur le cuspóirí agus cúram othar na heagraíochta chomh éifeachtúil agus is féidir.

Chríochnaigh 97 baill foirne tacaíochta san iomlán Cláracha CDBO thar na bliana acadúla 2008/2009 ag Leibhéal 3,4,5 agus Leibhéal 6. Éascaíodh na cláracha i gColáistí Gairmoideachais (foireann neamh-HCA) agus sa CLD (foireann HCA) araon.

Maoiniú le haghaidh Ardoideachais

Bunaithe ar bhuiséad Oideachais/Traenála lárnaigh teoranta a tionóladh sa CLD, próiseáladh roinnt cláracha oideachais, thraenáil agus fhorbairt foirne do mhaoiniú/mhaoiniú páirteach i rith 2009 chun cláracha tríú leibhéal agus fhoghlaim/fhorbairt phroifisiúnta leantach obairbhunaithe a chuimsiú. Tá rochtain chuig oideachas agus maoiniú bunaithe cur chuige cothrom agus comhsheasmhach le tosaíocht a tugadh d'oideachas, do thraenáil agus d'fhorbairt atá bainteach go tréan le hobair agus a dtugann tairbhí soiléire chuig feabhsú cháilíocht na seirbhíse agus cúraim shláinte. Moltar cinntí maidir le maoiniú trí Choiste Stiúradh Foghlama agus Forbartha a bhfuil Stiúrtóir AD ina chathaoirleach air agus a sheasann do fhoireann F & F agus fhoireann bhainistíochta sinsear thar an t-ospidéal.

Aonad Sheirbhísí AD/Pearsanra Seirbhís Chomhairleach AD

Tugadh isteach an dara chéim den samhail Chomhpháirtí Gnó i 2009 agus bhí athchóiriú rannán Earcaíochta agus Pearsanra Ginearálta i dtrí fhoireann seirbhíse bainteach leis seo, iad ag

obair faoi stiúradh Chomhpháirtí Gnó AD aitheanta. Bhí an trasdul, a bhain le ardleibhéal tras-traenála agus tacaíochta i measc foirne rathúil agus fuair sé aiseolas dearfach ó na stiúrtóireachtaí. Sanntar líon sainithe do gach foireann de Stiúrtóireachtaí/Roinne agus oibríonn siad go dlúth leo chun a spriocanna gnó a bhaint amach.

Laghdaíodh gníomhaíocht earcaíocht go suntasach i rith 2009 go príomhach mar gheall ar mhoratóir rialtais-leagtha ar earcaíocht agus promóisin sa hearnáil phoiblí a tháinig in éifeacht i Márta 2009. Chomh maith leis sin, coinníodh diansriantaí ag an gCoiste Fhaomhadh Folúntais chun cinntiú go líonadh na postanna is criticiúla agus baineadh amach seo, go formhór, trí fhoireann reatha a ath-implonú. Lean an obair ar rolladh amach an Ghréasán Earcaíochta Inniúlacht-bhunaithe agus thosaigh obair ullmhúcháin maidir le Córas r-Earcaíochta, a pleanáladh le haghaidh tabhairt isteach i rith 2010.

Éagsúlacht Cultúrtha

Rinneadh an suirbhé míchumais bhliantúil, mar is gá faoin Acht um Míchumas 2005, i Márta 2009 agus thug an t-ospidéal leibhéal 2.89%, atá beagán faoi leibhéal 3% a leagadh síos d'eagraíochtaí poiblí. Iarradh ar an ospidéal taispeántas a thabhairt ar ábhar 'Cóiríocht Réasúnta – tairbhí Ospidéal Naomh Séamas' ag Seimineár Dhea-chleachtas an Údarás Náisiúnta Míchumais.

Dáileadh Treoirleabhar Idirchultúrtha na Seirbhísí Sláinte agus Áis Éigeandála ilteangach chuig na stiúrtóireachtaí go léir chun cuidiú leis an bhfoireann chun cúram sláinte a sheachadadh chuig pobal othar ilteangach.

Aonad Phleanáil & Eolas an Fhórsa oibre

Ba bhliain an-ghnóthach í 2009 don aonad go formhór mar gheall ar an athrú sa timpeallacht eacnamaíoch -reatha. Bhí páirt an-mhór ag tosca seachtracha san ualach oibre ina dtugadh isteach dhá bhuiséad casta – An Tobhach Pinsin, An Tobhach Ioncaim agus athruithe ar ranníocaíochtaí ÁSPC. Tosca eile a chuimsíodh ná tionscnamh an Rialtais chun gráid Bhainistíochta & Riaracháin a laghdú faoi 3% agus an Moratóir ar Earcaíocht. Bhain amach agus sháraigh an t-ospidéal cuspóir an Rialtais seo 3% agus seirbhísí iomlán laistigh den ospidéal á choinneáil aige agus ag fanacht laistigh de threoirlínte an mhoratóra ar Earcaíocht. Bhí laghdú 48 (1.3%) ball foirne Choibhéis Lánaimeartha agus post deiridh bliana ag taispeáint 86.45WTE faoi shléáil FSS molta de thoradh ar dhiansmacht bainistíochta ar leibhéal foirne.

Thairis sin, is é an toradh atá ar na polasaithe seo ná éileamh méadaithe ó fhoinsí inmheánacha agus seachtracha ar an aonad chun tuarascálacha gnáthaimh agus ad hoc araon a

sholáthar. Mhéadaigh éileamh inmheánach ar thuarascálacha go suntasach de bharr go n-éirigh ceannasaithe roinne níos dírithe ar laghdú leibhéal neamhláithreachta agus smachtú costas maidir le leibhéal foirne.

Rinne an t-aonad riarachán ar trasdul thabhairt isteach ragobair NCHD agus ‘ar glao-dhualgas’ ó phróiseas láimhe go réiteach uathoibrithe. Éascaíodh seo follasacht agus cumais tuairiscithe níos mó.

Tionscnaimh eile a glacadh mar chúram i 2009 ná úsáid chórais TF le tabhairt isteach foirmeacha agus próisis ar líne, sonraí díobh atá ar fail ar shuíomh inlíonta san áireamh. Bhí an t-aonad i gceannas ar thabhairt isteach réiteach scanáil AD agus táthar ag súil go n-ionadóidh sé comhaid chruachóipe go léir sa deireadh thiar.

Sa deireadh, tionscadamh eile a tugadh isteach i 2009, agus ceann a bhí móréilimh i measc foirne ná tabhairt isteach scéim dhreasacht rothair mar chuid de Thionscnamh an Rialtais ‘Rothaigh chun na hOibre’.

Caidrimh Fostaithe

Bhí timpeallacht chaidrimh fostaithe i rith 2009 thar a bheith dúshlánach. Leanadh stailc lae amháin ar 24ú Samhain 2009 de lá agóide ar an 6ú Samhain 2009. Thacaigh an chuid is mó den na cheardchumainn lasitigh den ospidéal leis an stailc mar chuid d’fheachtas ICTU in aghaidh tobhach pinsin leagtha agus pleananna an rialtais chun gearrthaí pá a chur i bhfeidhm. I rith na tréimhse seo, bhog dea-chaidrimh oibre le baill foirne agus ionadaithe

Bainistíocht Neamhláithreachta

Lean bainistíocht neamhláithreachta a bheith dírithe uirthi i rith 2009 agus bhí rátaí neamhláithreachta meánaigh iomláin ag laghdú faoi 1.3% ó 4.6% i 2008 go 3.3% roimh dheireadh 2009, agus laghdú 20% ar costais neamhláithreachta de thoradh ar obair i gcomhpháirtíocht le fostaithe aonair, foireann AD, bainisteoirí, ionadaithe ceardchumainn agus sláinte cheirde.

Aonad Fhórsa Obair Liachta

Tá an t-Aonad Fhórsa Obair Liachta freagrach as foireann liachta, earcaíocht, gníomhaíocht phárolla agus obair riaracháin bhainteach san áireamh. I rith 2008 críochnaíodh athbhreithniú structúr an Aonaid agus feidhmíodh é den chuid is mó, leis na comhpháirteanna deiridh le feidhmiú i rith 2009.

Chuimsigh roinnt tionscnaimh a glacadh i 2008:

- Feabhsú chlár ionduchtaithe d’fhoireann NCHD, a chuimsigh sceidealú chlár leantach ionduchtaithe do

thosaitheoirí NCHD thar thréimhse dhá lae a chumasaigh riachtanais sheirbhís chliniciúla a chomhlíonadh. I 2009, chuimsigh baill foirne Comhairligh nua i gclár ionduchtaithe éigeantaigh cúig lae nua do gach ball foirne

- Rinneadh athbhreithniú ar phróiseas aighneacht agus críochnú thuairiscí ama do dhochtúirí sóisearacha freisin i gcomhar le Stiúrthóireachtaí Cliniciúla agus tá an tionscnamh ag leanúint le tuilleadh mionchoigeartuithe á tabhairt isteach chun monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar uaireanta freastail
- Lean an Coiste NCHD ag cabhrú le naisc a neartú agus a chothú idir an tAonad agus na NCHDanna agus soláthraíonn sé fóram úsáideach do nascú NCHDeanna ar phríomhcheisteanna an ospidéil

Sláinte Cheirde

Táirgíonn an tAonad um Shláinte Cheirdre (ASC) seirbhís chuimsitheach do níos mó ná 4,500 ball foirne in Ospidéal Naomh Séamas agus tógann sé seasamh réamhghníomhach maidir le tacú le sláinte agus sábháilteacht na foirne go léir. Tá an fhoireann – Lia Ceirde lánaimseartha, 2 Speisialtóir Cliniciúil Altranais, 2 rúnai/fáilteoir, agus Bainisteoir Sonraí san áireamh – gníomhach i gach gné de shláinte & shábháilteacht le fócas ar smachtú ionfhabhtaithe, bogadh agus láimhseáil, bainistíocht riosca, cosaint radaíochta agus chur chun cinn sláinte.

Príomhsheirbhísí a sholáthraíonn an Roinn san áireamh:

- Measúnú guaiseacha Ceirde – gurb féidir leo a bheith fisiciúil, bitheolaíoch, (pataigin fhuil-iompartha), ceimiceach nó síceasóisialta
- Clár vacsaínithe do Heipitíteas B
- Scagadh eitinne agus rianú teagmhála tar éis nochtadh d’eitinn
- Cúram foirne tar éise gorthuithe tréchraicneacha agus nochtadh steallóige
- Soláthraíodh seirbhísí comhairliúcháin ceangailte lenár gCCF (Clár Cúnaimh d’Fhostaithe) tríd an bhliain. Lean seo a bheith an-rathúil agus dea-fhaighte ag an bhfoireann. Tá sé an-dírithe ar chliant, ag soláthar rogha freastail inmheánaigh (80% de lucht freastail) agus seachtraigh.
- Oideachas agus traenáil foirne (altraí), dochtúirí, freastalaithe cúraim, liachta, mic léinn altranais)



- Scagadh ar radharc na súl bainteach le VDU
- Scagadh ar Varicella, ar Bhruitíneach, ar Leicneach agus ar Bhruitíneach dhearg agus vacsaíniú. Mhéadaigh an ghné seo dár n-obair go formhór de bharr go bhfuil líon i bhfad níos mó HCWanna ag daoine a rugadh lasmuigh d'Éirinn nach bhfuil díolmhaithe ó agus atá so-ghabhálach i leith na n- ionfhabhtuithe seo mar sin
- Vacsaínithe taistil chun críche ceirde amháin
- Scrúduithe liachta ion-phosta
- Atréoruithe Bainistíochta chun infheidhmeacht oibre a mheas

Forabairtí i 2009

- Bhí roinnt dúshlán don Roinn mar thoradh ar an bpaindéim H1N1. Comhordaíodh “tástáil infheidhmeachta” foirne d’análaitheoirí (is príomhfhoirse chosanta i leith ionfhabhtaithe) ag na OHD. Bhain seo “traenálaíthe” a thraenáil tríd an ospidéal chun “seiceáil infheidhmeachta” agus “tástáil infheidhmeachta” comhghleacaithe d’análaitheoirí. Rinneadh traenáil ar 81 baill foirne in iomlán ag OHD agus 3M (an comhlacht óna bhfuarthas na maisc) chun tástáil infheidhmeachta a dhéanamh ina gceantair. Rinneadh tástáil infheidhmeachta ar 821 ball foirne túslíne tríd an ospidéal d’análaitheoirí.
- Rinneadh riarachán vacsaín H1N1 ag OHD agus 70 altra ainmnithe tríd an ospidéal. Thionóil OHD clinici breise go speisialta do riarachán H1N1. Ag leanúint chomhthiomsú eolais ar bhaill atá vacsaínithe in aghaidh H1N1 ar fud an

ospidéil ba 1,922 an t-iomlán ó Dheireadh Fómhair go Eanáir 2010 .i. 43% den fhoireann iomlán san ospidéal. Vacsaíníodh roinnt ball foirne le tosca riosca éagsúla go seachtrach roimh scaoileadh an vacsaín do bhaill foirne FSS. (Tionóltar séasúr fliú ó Mheán Fómhair go Eanáir 2010)

- Chomhordaigh OHD oideachas agus traenáil altraí ainmnithe chun an a riar. Tionóladh 9 seisiún oideachais in iomlán. Beidh tairbhe fadtéarmach aige seo don ospidéal trí éascú vacsaíniú tapa líon mór foirne i dtréimse ama ghearr
- Méadaigh roghnú vacsaín fliú séasúrach ag baill foirne ó 826 i séasúr 2008/2009 go 1,151 i séasúr 2009/2010. Tionóladh clinici breise in OHD chun roghnú na vacsaíne a bharrfheabhsú. Is é an cuspóir leantach ná 30% de na baill foirne a vacsaíniú atá an leibhéal ina dtarlaíonn laghdú i neamhláithreach tinnis agus traschur chuig othar
- Rinneadh suirbhé foirne na seirbhíse OHD le bailiúchán sonraí ag tosú ar an 5ú Deireadh Fómhair 2009. Tugadh 200 ceistiúchán go randamach do bhaill foirne a d’fhreastail ar an roinn chun iad a chríochnú, 71 díobh a tugadh ar ais. Seasann seo do ráta freagartha 35%. Rinneadh cur síos ar an sásamh iomlán leis an tseirbhís a solathraíonn an roinn mar iontach ag 48%, agus 49% ag tabhairt dea-tuairisc air
- Suiteáladh teilifís agus DVD i seomra fanachta OH chun eolas ar cheisteanna a bhaineann le sláinte a sholáthar do bhaill foirne agus iad ag fanacht sa Roinn. Eagraíodh seo ag CNS L. Tierney, indéanta ag tacaíocht airgeadais ó Chomhpháirtíocht

Roinn Iniúchta Inmheánaigh



An tUasal Cathal Blake
Head of Department



Soláthraíonn an Roinn Iniúchta Inmheánaigh feidhm mheasúnú smacht straitéiseach corparáideach tríd an ospidéal. Is feidhm neamhspleách í agus mar sin is féidir léi a páirt a chomhlíonadh le neamhchlaontacht agus oibiachtúlacht. Seo hiad na croiluchanna agus sainmharcanna a bhaineann le Seirbhís Iniúchta Inmheánaigh ar both.

Is é an sprioc ná cuidiú le bainistíocht ina n-obair and chun réimsí laige smachta nó féideartha nó iarbhír nó go deimhin réimsí inar féidir eacnamaíochtaí níos mó agus éifeachtúlachtaí a fheidmiú a chur faoina mbráid.

Tá ról straitéiseach na Roinne Iniúchta Inmheánaigh léirithe in ilghnéitheacht leathan iniúchtaí a rinneadh agus éagsúlacht oibríochtaí measúnaithe agus luacháilte. D'fhéadfadh é a bheith ó réimsí acmhainní daonna agus réimsí oibríochta tábhachtacha laistigh den ospidéal.

Aontaítear na réimsí le hiniúchadh gach bliain idir Cheannaire Iniúchta Inmheánaigh, POF agus Coiste Iniúchta an ospidéal.

Obair Iniúchta 2009

Chuimsigh an phríomhobair iniúchta a glacadh i 2009:

- Iniúchadh bhainistíocht neamhláithreachta
- Iniúchadh Cógaslaine
- Iniúchadh phárolla lónadóireachta
- Iniúchadh sheirbhís tacsáí
- Iniúchadh stocáireamh dheireadh bliana 2008
- Iniúchadh Oifig Airgid
- Athleanúint ar athbhreithniú chuntas shealúchas othar
- Athleanúint ar tuarascáil ioncam carrchlóis

SEIRBHÍSÍ EOLAIS & BAINISTÍOCHTA (IMS)



An tUasal Martin Buckley

Bainisteoir IMS

Marie Sinnott Uasal

Bainisteoir Oibríochtaí ICT

Annemarie Dooley Uasal

Bainisteoir Tionscadal ICT

An tUasal Finian Lynam

Eolas Bainistíochta (MIS)

An tUasal Gerry Sullivan

Bainisteoir Saotharlainne ICT

An tUasal Feargal McGroarty

Bainisteoir Haemaifilia/ Haemafhaireachais ICT

Is é misin na Roinne IMS creatlach nuálaíoch agus athléimneach Sheirbhísí Eolais a sholáthar chun tacú le gnéithe ghnó an ospidéil go léir.

Forbairt Chóras i 2009

Uasgrádú PACS/EPR – Forbairtí nua:

- asghrádaíodh an córas go leagan 2007.19, ag soláthar réimse feidhmiúlacht nua, 'Ionad Teachtaireachta' san áireamh a cheadaíonn cliniceoirí torthaí a fhorhnuiniú go leictreonach
- Doiciméadú Cliniciúil agus ordú do SCOPE, staitisticí gníomhaíochta san áireamh
- Gabháil gníomhaíocht chomhairleach tánaisteach chun tacú le Conradh Comhairligh
- Doiciméadú Cliniciúil do: Titimí agus rian chúram lándorchaithe, nóta cliniciúil ainéime duánaigh, nóta atreoraithe agus dhul chun cinn inmharthanacht fhíocháin, Foirm dhíospóireachta MDT do GEMS agus taifeadadh leictreonach mhacalla struis Dobutamine

Aitheantas Urlabhra – Ionadaíonn sé seo modh deachtú téip agus laghdaíonn sé athscríobh. Chuimsigh réimsí a fheidhmíodh i 2009: Heipiteolaíocht, Gaistrentreolaíocht, Úireolaíocht, Néareolaíocht, Riospráide agus Soithíoch

Gabháil Ama Leictreonacha (Coretime) – Cumasaíonn sé seo baill foirne féin-bhainistiú a dhéanamh ar a n-uaireanta oibre trí úsáid a bhaint as a suaitheantas ID foirne. Uasghrádaíodh an córas i 2009 agus leathnaíodh go **Crest** agus **Omega**.

Córas Gutháin – leathnaíodh FGI (Freagra Gutha Idirghníomhaigh) chuig Ionad Lae Diaibéiteach agus GUIDe.

Córas Gutháin – IVR (Freagairt Ghuth Idirghníomhach) – Scanadh a dhéanamh ar ghuthanna (imeascadh SAP agus ADOS).

Ionscópacht (ADAM) – Rinneadh uasghrádú mór.


Infreastruchtúr ICT

Líonra– Lean an fhoireann Tacaíochta Teicniúla IMS ag feabhsú agus ag bainistiú líonra fairsing comhtháite guth/sonraí an ospidéil, ag riaradh do níos mó ná 3,000 úsáideoirí deiridh. Baineadh anuas an córas Siemens PABX ag tabhairt níos mó spáis sa seomra cumarsáide a bheith ina Ionad Mhol Líonra agus Sonraí.

Bainistíocht Freastalaithe – Lean fíorúlú ag soláthar éifeachtúlacht agus leanúnacht seirbhíse. Faoi láthair tá 66 freastalaí ar an infreastruchtúr seo thar trí chnuasach. Uasghrádaíodh na cláracha Oracle agus Citrix chun úsáid mhéadaithe eolais chiniciúla ar líne a thacú.

Deasc Chabhrach – Bhí níos mó ná 16,091 glao logáilte i 2009. Seasann sé seo do laghdú de 8% ar líon na nglanna a fuarthas i 2007 go príomha mar gheall ar infreastruchtúr níos seasmhaí agus athchur printéirí as feidhm (90) agus RPanna (120). Is féidir briseadh síos de na glanna seo a fheiceáil sa ghraf thíos.

Glaonna Deisce Cabhrach 2008-2009



Seirbhísí Gréasáin – I 2009 rinneadh athdhearadh mór ar Shuíomh Gréasáin an Ospidéil (www.stjames.ie) tar éis comhairliúcháin le réimse leathan gheallsealbhoirí agus úsáideoirí. Tá sé mar aidhm ag an suíomh nua a bheith níos freagrúla ar príomhéiteachta, le fócas ar leith ar Othair, Cuairteoirí agus GDanna/Proifisiúnaigh Chúraim Shláinte. Cuimsíonn gnéithe nua Léirscaíl Idirghníomhach, Roinn Atreoraithe OPD agus Lámhleabhar Thagairt Shaotharlainne. Bhí an t-aiseolas ar an suíomh nua an-dearfach ón bhfoireann, ó na GDanna agus ón bpobal mór. Seo a leanas an úsáid reatha ar suíomh gréasáin:

- 206,124 cuairteoir aonair ar an suíomh – meán de 565 in aghaidh an lae
- 1,235,702 líon iomlán na leathanach a chonacas 1,235,702 – meán de 3,385 in aghaidh an lae

Mar an gcéanna, ba Inlíon an Ospidéil ina phríomhfhoinsé eolais agus cumarsáide suas chun dáta don fhoireann, le níos mó ná 1,000 amharc in aghaidh an lae. Soláthraíonn sé clár éifeachtúil freisin le haghaidh sreabhadh oibre idirghníomhach ag baint úsáide as foirmeacha ar líne. Lean sé seo ag fás i 2009 le níos mó ná 55,741 foirm críochnaithe i rith na bliana.

R-phost – I 2009 malartaíodh níos mó ná 1.3 teachtaireacht bailí. Láimhsíodh an dúshlán a bhaineann le ríomhphost gan iarraidh (Turscar) a thuilleadh trí fheidhmiú infreastruchtúr slándála nua Ironport.

Slándáil – Ba bhliain rathúil eile í 2009 don bhfoireann slándála. Chiallaigh monatóireacht agus bainistíocht réamhghníomhach an LAN nár tharla cailleadh seirbhíse mar gheall ar bhagairtí slándála. Feidhmíodh bogearraí criptithe do ríomhairí glúine agus ríomhphost chun sláine shonraí agus cosc chaillteanas sonraí a chinntiú. Rinneadh iniúchadh ar chriptiú mheán inaistrithe agus planáladh go rollfar amach é ag tús 2010.

Seirbhísí Eolas Bainistíochta (MIS)

Tuairisciú Stóras Sonraí – I 2009 soláthraigh an tseirbhís eolas bainistíochta príomhtacaíocht do thionscnaimh oibríochta agus straitéiseacha: Liosta fanachta; úsáid ED; planáil chumas OPD; monatóireacht cháilíocht sonraí; FSS-Healthstat; Casemix; Atlas Shláinte Náisiúnta san áireamh.

Mhéadaigh táirgeadh tuairisciú sceidealaithe agus ad hoc freisin trí 2009 le haghaidh iad araon, bainistíocht inmheánach agus gníomhaireachtaí seachtracha, ba é an nós le roinnt blianta anuas mar gheall ar riachtanas ag méadú chun gníomhaíocht agus torthaí a mheas. Ba príomhacmhainn é an tairseach eolais MIS seo chun an riachtanas seo a



bhainistiú. Soláthraíonn an tairseach feidhmiúlacht inúsáidte, agus cumasaíonn sí an úsáideoir deiridh údaraithe an stóras sonraí a rochtain agus an t-eolas is déanaí a mheas i bhfíor-am. Tá an gréasán stóras sonraí Soláthraíonn an tairseach feidhmiúlacht inúsáidte, agus cumasaíonn sí an úsáideoir deiridh údaraithe an stóras sonraí a rochtain agus an t-eolas is déanaí a mheas i bhfíor-am. Tá an gréasán stóras sonraí leathnaithe go leantach agus cuimsíonn sé sonraí ag clúdach na gnéithe suntasacha a bhaineann le gníomhaíocht an ospidéil.

Suimeáil Chórais – Lean an tseirbhís suimeála ag bainistiú agus ag forbairt réimse leathan comhéadan oibríochta le haghaidh phríomhchórais agus iad ag teacht ar líne, mar shampla an EPR, Saotharlann, Aitheantas Labhartha, Éilimh, srl. Tá an tseirbhís seo ríthábhachtach i bhforbairt agus bainistíocht an Stórais Shonraí. Rinneadh comhéadan ar an bhfeidhmiúlacht a cuireadh le córais othair i 2009 chun sonraí a chumasú le baint amach agus lódáil sa stóras lárnach.

Códú Cliniciúil – Tharla roinnt athruithe próisis mhóra sa tseirbhís Chódaithe Cliniciúla, chun cruinneas, cáilíocht agus tráthúlacht a fheabhsú. Bhí na hathruithe seo dírithe ar phríomhréimsí cliniciúla agus mar gheall ar sin mhéadaigh an cháilíocht a mheas coimpléascacht agus iomláine go suntasach. Chomh mhaith leis sin, mar gheall ar sin, mhéadaigh tráthúlacht le 100% críochaithe laistigh de thrí mhí agus 95% críochaithe laistigh de 6 seachtain. De bharr go mbuntacaíonn an tseirbhís le cláracha gníomhaíochta, planála agus taighde, leanfaidh an próiseas leantach d'fheabhsuithe cáilíochta agus éifeachtúlachta.



Tuarascálacha na Roinne
Seirbhíse



An Dr. Finbarr O'Connell
Stiúrthóir Cliniciúil

Mary Foley Uas
Bainisteoir Altranais

Patricia Malone Uas
Bainisteoir Gnó

Réamhrá


Cuimsíonn an Stiúrthóireacht CresT speisialtachtaí seo a leanas: Cairdeolaíocht, Máinliacht Chairdeathóracasach agus Liacht Riospráide.

Tugadh isteach roinnt príomhthionscnamh i 2009 a fheabhsaigh an tseirbhís a thairgeadh d'othair ag freastal ar an tseirbhís seo.

Cairdeolaíocht

- Soláthraíonn Cairdeolaíocht seirbhísí ar bhonn othar cónaithe, cás lae agus othar neamhchónaithe, ag soláthar seirbhíse for-réigiúnaigh
- In Ospidéal Naomh Séamas tá dhá shaotharlann chataitéarú Cairdeolaíochta ina ndéantar réimse leathan gnáthamh roghnach agus práinneach
- I bpáirtíocht le Roinn Fhisic Liachta, rinneadh uasghrádú cuimsitheach ar Shaotharlann Chataitéaraithe 2 sa chéad cheathrú de 2009
- Bhí na céad ghnáthaimh Chomhla Thraschataitéir déanta sa Shaotharlann Chataitéaraithe. Is é Ospidéal Naomh Séamas an t-aon ospidéal amháin in Éirinn a thug an gnáthamh seo

isteach



- Tá athchur Chomhla Thraschataitair d’othar a bhfuil steanóis artaireach ort nach bhfuil máinliacht coiriúnach dóibh. Tá an gnáthamh go híos-ionrach agus tarlaíonn sé sa shaotharlann Chataitearaithe gan ghá le hainéistéiseach. Admhaítear othair ar an oíche roimh nó roimh lá an ghnáthaimh phleanáilte, go ginearálta scaoiltear abhaile iad laistigh de dhá lá ina dhiadh sin
- I 2009, bhain 25 othar tairbhe as an ngnáthamh seo, in ainneoin na staid airgeadais reatha, pleanálfar chun an clár seo a leanúint a bhfuil leasa suntasacha aige do na hothair agus don ospidéal de bharr go laghdaíonn sé an gá le máinliacht costasach.

Máinliacht Chairdeathórcasach

Tá an tAonad Máinliachta Cairdeathórcasach ag sroicheadh a 10ú bliain. Tá trí mháinliá cairdeathórcasach agus foireann tiomnaithe chleachta ildisciplíneach ag an t-aonad a d’oscail i 2000 ag soláthar chúram máinliachta saineolaíoch réamh- agus iar-ghnáthaimh d’othair ó uile ar fud na hÉireann.

Tharla fás suntasach san Aonad ar líon na n-othar ag freastal le haghaidh máinliachta Tórcsaigh, an phríomhchóireáil íceach d’othair le hailse scámhóg.

I 2009, rinneadh 199 athghearradh scámhóige san aonad, is é seo thart ar 50% d’ualach cáis náisiúnta.

D’fhorbair clár ailse scámhóg Ospidéal Naomh Séamas de réir straitéis fhorbairt an Chlár Náisiúnta um Smachtú Ailse le haghaidh chóireáil ailse go náisiúnta. De bharr go bhfuil Ospidéal Naomh Séamas ceann de na haonaid tiomanta le haghaidh ailse scámhóg, rinneadh nasc straitéiseach le hOspidéal Beaumont i mBaile Átha Cliath. Frestalaíonn máinliá cairdeathórcasach ó Ospidéal Naomh Séamas ar chruinniú foirne il-disciplínigh ag Ospidéal Beaumont. Déantar cúram máinliachta na ndaoine a atreoraíodh le haghaidh máinliachta ag Ospidéal Naomh Séamas agus ina dhiadh seo atreoraítear iad ar ais go Beaumont le haghaidh a gcóireáil leantach.

Feabhsaíodh seirbhísí ailse scámhóg ag Ospidéal Naomh Séamas i rith 2009 le ceapadh roinnt príomhphostanna atá indéanta trí mhaoiniú ó Chlár Náisiúnta um Smachtú Ailse (NCCP). Na poist a ceapadh ná an ceathrú máinliá



Cairdeathóracasach agus an dara comhordaitheoir Altra Cliniciúil Ailse san áireamh. Tá tionchar díreach dearfach ag na poist seo araon ar an gcúram a thairgítear d'othair ag freastal ar an tseirbhís. D'éascaigh deontas tuilleadh ceannach roinnt píosaí trealamh diagnóisigh, scóp EBUS san áireamh. D'éascaigh sé seo leathnú sheirbhís ionscópacht riospráide agus cinntíonn gurb féidir le Ospidéal Naomh Séamas leanúint rochtain tapa chuig seirbhísí diagnóiseacha d'othair phráinneacha le hailse scámhóg amhrasta.

Liacht Riospráide

- Soláthraíonn speisialtacht Liacht Riospráide d'othair ag freastal ar Ospidéal Naomh Séamas le speictream leathan de thinnis bainteach le Riospráid
- Tá cúig chomhairleach speisialtachta, ceithre phost cliniciúil lánaimseartha agus post taighde tiomanta amháin. Ceapadh an Dr. Anne Marie McLaughlin chun poist chomhairligh HRB-mhaoinaithe
- Tugann ceapadh an cúigiú comhairleach roinnt deiseanna don speisialtacht chun réimse seirbhísí ar fail d'othair a leathnú
- Tá an Dr. Joseph Keane ag stiúradh chlár taighde cliniciúil faoi láthair i gColáiste na Tríonóide, tá an clár ar thús cadhnaíochta taighde i staidéar stáitsiú eitinne agus ailse scámhóg. Baineann an roinn agus na hothair tairbhe as an rochtain díreach seo chuig an taighde suas chun data ag tabhairt na deise chun na cinntí a aistriú go cleachtadh cliniciúil
- Tá cur chuige foirne ag an ngrúpa Chomhairleach Riospráide i leith cúraim othar agus oibríonn sé laistigh de ghréasán riospráide il-disciplínaigh. Bainistíonn an fhoireann Chomhairligh an t-ualach cáis othar neamhchónaithe, chás lae agus othar cónaithe chun rochtain agus cóireáil tapa agus cuí d'othair a chinntiú
- Tá cur chuige nuálaíoch ag an speisialtacht Riospráide i leith cúraim othar atá soiléir i roinnt tionscnamh, an tAonad Mheasúnú Riospráide (RAU) agus an clár NIV ar bharda John Houston san áireamh



An tAonad Mheasúnú Riospráide (RAU)

Leathnaíodh An tAonad Mheasúnú Riospráide (RAU) go suntasach i 2009, i struchtúr an aonaid agus i réimse na seirbhísí a sholáthar araon.

Leathnaíodh an fhoireann chliniciúil le ceapadh dhá Speisialach Altra Cliniciúil breise agus Oibrí Sóisialach Liachta leath-ama. D'éascaigh seo leathnú an chlár le tabhairt isteach sheirbhísí nua:

- Clár scaoileadh luath agus seachaint admhála le haghaidh asma agus niúmóine
- Clár tacaíthe um chuairt bhaile
- Clinic Omalizumab

Bhí méadú 100% ag an gclár bunaithe COPD ar othar ag glacadh chlár for-rochtana COPD.

Faoi réir tiomantas Liacht Riospráide i leith taighde, lean clár taighde speisialaithe na foirne le láithreoireacht bhéil ag ERS 2009 i Vín, dhá láithreoireacht phóstaer dhuais-bhuaiteach ag ITS 2009 Gaillimh.

Clár TB

Bunaíodh an tseirbhís TB in Ospidéal Naomh Séamas i 2004 nuair a dhúnadh na seirbhísí TB in Ospidéal Peamont. Ó 2004 bhí seirbhís eatramhach i ngníomh go dtí go dtógfadh aonad TB cliniciúil tionanta náisiúnta.

Cóireálann an fhoireann TB ildisciplíneach othair ar bhonn othar cónaithe agus othar neamhchónaithe araon. Mhéadaigh líon othar cónaithe TB (iad le diagnóis phríomha TB) faoi 29% i 2010, tá 3 seomra brú diúltach in Ospidéal 5 aonad 2 a sholáthraítear do na othair TB.

Leanann an fhoireann stiúrthóireachta ag obair leis an POF agus an FSS chun an tseirbhís a fheabhsú d'othair le TB, feabhsóidh soláthar aonad TB speisialaithe na seirbhísí atá ar fail d'othair, tá an stiúrthóireacht ag súil le céad céimeanna eile an phróisis pleanála agus coimisiúnaithe.



An Dr. Kenneth O'Byrne
Stiúrthóir Cliniciúil

Suzanne Roy Uas.
Bainisteoir Gnó

Margaret Codd Uas.
Bainisteoir Altranais

Réamhrá

Is speisialtacháí an Stiúrthóireacht HOPe Haemateolaíocht, Liacht agus Rada-Oinceolaíocht agus Cúras Maolaitheach. Cuimsíonn na speisialtachtaí sin an tIonad Náisiúnta Thrasphlandú Smior Dhaoine Fásta agus Ionad Náisiúnta do Neamhoird Téachtú Oidhreachtuil lena n-áirítear Clinic Warfarin. Tá naisc láidre ag Stiúrthóireacht HOPe leis an gCláir Chuibhreannas Trialacha Cliniciúla Ailse agus leis an Bone Marrow for Leukaemia Trust.


Nósanna Seirbhíse

I rith 2009, d'fhan gníomhaíocht na Stiúrthóireachta faoi réir gníomhaíocht na mblianta roimhe seo.

Cúram Lae Haemateolaíocht Oinceolaíochta

Bhí méadú beag ar líon na n-othar, ach bhí an t-athrú céatadán neamhshuntasach.


An Líon a d'fhreastal ar Chúram Lae 2001 – 2009



Gníomhaíocht Othar Cónaithe

Maidir le gníomhaíocht othar cónaithe, bhí laghdú ar líon scaoilí ag an dá speisialtachaí.

Scaoilí de réir Speisialtachta 2001-2009



Haemateolaíocht

D'éirigh An Ollamh Shaun McCann as cleachtas cliniúil i Meán Fómhair 2009. Bhí sé ina shiocair le forbairt sheirbhís Thrasphlandú Smeara in Ospidéal Naomh Séamas.

An Clár um Trasphlandú Smeara

Déantar acoimre ar ghníomhaíocht do 2009 sna ceithre graf agus cairteacha seo a leanas:

Fig 1. Clár Thrasphlandú lomlán Ospidéal Naomh Séamas 1984-2009




Fig 2. Gnáth-trasphlanduithe gaschealla fuilghinte i 2009 de réir chomhartha galair




Fig. 3 Trasphlanduithe Smeara allaigineach i 2009





Fig. 4 Trasphlanduithe Smeara i 2009 de réir chomhartha galair



Oinceolaíocht Liachta

Fuair an tOllamh Kenneth O'Byrne cathaoir phearsanta ó Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus lean sé a chathaoirleacht ar Ghrúpa Oinceolaíocht Tórcsach na Breataine (BTOG). Ceapadh an Dr. Dearbhaile O'Donnell chun comh-chathaoirleachta ghrúpa staidéar cliniúil ghíniceolaíochta ag ICORG. Ag cruinniú náisiúnta Chumann Oinceolaíocht Liacht na hÉireann (ISMO) i Nollaig 2009, sholáthraigh cúig dhochtúir ag leibhéal SpR/cláraitheora ó láithreoirachtaí a sheachaid ONS. Fuair an Dr. Naidoo agus an Dr. Collins duaiseanna dá láithreoirachtaí.

Cúram Maolaitheach

Thosaigh an tUasal Rory Wilkinson an clár altranas ordaithe i suíomh ospidéal ghéarmhíochaine in Éirinn.

Rada-Oinceolaíocht

Thosaigh obair thógála agus comhtháthú cliniúil an áis Radaíocht Oinceolaíochta ar an láthair i 2009.

Cuibhreannas Trialacha Cliniciúla Ailse

An Dr. John Kennedy An tOllamh John Reynolds
Stiúrthóir Cláir Stiúrthóir Eolaíochta

Ingrid Kiernan Uas.

Bainisteoir Thrialacha Cliniciúla

Riaraíonn Oifig na dTrialacha Cliniciúla Ailse (CCTO) trialacha cliniciúla ag an Ospidéal agus déantar idirchaidreamh le Grúpa Taighde Oinceolaíochta Cliniciúla na hÉireann (ICORG), an HRM agus le Bord Leigheasra na hÉireann. Tá iniúchtaí, oiliúint, taighde agus scaipeadh an eolais a bhíonn mar thoradh air mar chroí-obair ghníomhaíochtaí an ghrúpa.

Clár Trialacha Cliniciúla Ailse 2009

Ba bhliain an-torthúil í 2009 don oifig trialacha cliniciúla ag an ospidéal. Earcaíodh 96 othar ar trialacha cliniciúla oinceolaíochta/haemateolaíochta agus 190 othar ar staidéir thaighde aistrithigh. Lean trialacha le déanamh leis an chuid is mó de na comhlachtaí móra cógaisíochta agus grúpaí comhoibríthe idirnáisiúnta i réimsí ailse chíce, ailse scámhóg, ailse calaireicteach, ailse ubhagánach, liomfóma agus leicéime mhialóideach ainsealach.

An tIonad Náisiúnta do Neamhoird Téachta Oidhreachtúil (NCHCD)

Clinic Warfarin

Fuair an Clinic Warfarin maoiniú ón gciste nuálaíochta FSS chun traenáil othar a thosú in úsáid mheaisíní féin-tástála CoaguChek XS. Uasdátaíodh an córas bogearraí Anticoagulation go leagan gréasáin DAWN Leagan 7 agus tá sé á rolladh amach chuig cleachtais DG Pháirtíocht Ionchathair Theas.

Tuarascáil Altranais

Tharla roinnt ceapacháin altranais nua i Stiúrthóireacht HOPE i rith 2009. Ceapadh Norma Daly Uas. mar CNM2 ar Bharda Walter Stevenson agus Karen Boyle Uas. mar CNM1. Ceapadh an tUasal Michael Farrell mar Áisitheoir Cliniciúil do na cláracha Diplóma Iarchéime i Haemateolaíocht agus Altranais Oinceolaíochta.

Mar chuid dá sainchúram náisiúnta in altranais Haemaifilia, bhí Anne Grogan (CNM3 de NCHCD), i gcomhpháirtíocht le comhghleacaithe san aonaid haemaifilia eile, i gceannas ar na hinniúlachtaí caighdeánaithe altranais is gá d'othair Haemaifilia.

Oideachas Altranais

Bunaíodh go leor cláir leis na blianta beaga anuas agus lean siad ar aghaidh le linn 2008

- Cúrsa Tréachta dhá lae
- Cúrsa Haemateolaíochta cheithre lae
- Cúrsa Oinceolaíochta chúig lae
- Diplóma Iarchéime in Altranais Haemateolaíochta agus Oinceolaíochta

Chríochnaigh Lidy Soloman Uas. agus Louise Halpin Uas., altraí fhoireann Haemateolaíochta, an Diplóma Iarchéime i Haemateolaíocht. Chomh maith:

- Chríochnaigh Gillian Mullarkey Uas. iniúchadh ar mhúcósíteas béil a bhfuil athrú cleachtais lasitigh de stiúrthóireacht mar thoradh air
- Chríochnaigh Carmel Whelehan Uas., Altra Foirne Oinceolaíochta, an Diplóma Iarchéime in Oinceolaíocht agus bronnadh an mórghníomh acadúla is fear uirthi ag UCD

Stiúrthóireacht MedEL



An tOllamh Davis Coakley

Stiúrthóir Cliniciúil

Carol Murphy Uas.

Bainisteoir Gnó

Nuala Kennedy Uas.

Bainisteoir Altra

Réamhrá

Cuimsíonn an Roinn Míochaine do Dhaoine Scothaosta iontráil, athshlánú, bardaí cúraim leanúnach agus ospidéal lae a sholáthraíonn seirbhísí liachta agus athshlánaithe d'othair. Tá roinn othar seachtach gnóthach agus ann agus cuirtear raon clinici speisialaithe cúram siúlach ar fail freisin. Lean taighde a bhfuil tábhachtach go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta sa réimse aosaithe ar aghaidh i mbliana in Institiúid Mercers ar Thaighde i nDáil le hAosú.

Forbairtí i 2009

Bhí fairisingiú mór i 2009 in obair chliniciúil agus taighde na Stiúrthóireachta:

- Bhí tuilleadh forbairtí suntastacha ar an Ionad Barr Feabhais um Aosú Rathúil nua planáilte
- Leathnú de sheirbhísí cliniciúla agus taighde i ngalar stroice
- Lean an tseirbhís Titimí agus Sioncóipise ag leathnú agus ag forbairt
- Forbraíodh an tSeirbhís Chosaint Chnámh agus Oistéapóroise agus éileamh méadaitheach ar gach gné den tseirbhís
- Leanann fairisingiú agus forbairt ar aghaidh ar deontais nua thaighde á thabhairt. Tá punann tionscadal taighde ag an Ionad is ionann agus roinnt milliún euro an t-íomlán

An tIonad Barr Feabhais Nua um Aosú Rathúil

Fuair an tIonad tuilleadh móimintim i mbliana agus tá sé ina ardphointe pleanála. Rachaidh an plean don Aonad nuálaíoch nua seo i ngleic leis an gcuid is mó de na dúshlán a bhaineann le críonadh. Seachas áiseanna cliniciúla ardcaighdeáin a sholáthar, cuimseoidh an tIonad áiseanna traenála agus oideachasúla agus an Institiúid Mercer ar Thaighde ar hAosú.

An tSeirbhís Stróc

Bhí forbairtí móra sa tseirbhís Stróc i 2009 le hoscailt ghéaraonad stróc tiomanta nua sé leaba i nGéaraonad Mheasúnú Liachta i mBealtaine 2009. Tharla comhdháil altranas stróc náisiúnta i nDeireadh Fómhair a eagraíodh ag foireann MIRA agus MedEL agus bhronn HRB deontas taighde ar an Dr. Daniel Ryan a thosnóidh a obair taighde san Institiúid Mercer i 2010.

Seirbhís Titimí agus Sioncóipise, Chosaint Chnámh agus Oisteapórise

Leanann an tSeirbhís Titimí agus Sioncóipise, Chosaint Chnámh agus Oisteapórise a ardleibhéal gníomhaíochta le 2180 othar ag freastal le haghaidh scantaí DXA, 870 othar ag freastal ar Réamh-mheasúnú agus ar chlinicí ultraspeisialtóir-treorach. Chomh maith leis sin bhí 1028 othar ag freastal ar ár chlinicí shláinte chnámh speisialaithe.

I 2009 suiteáladh mais-speictriméadar nua sa Roinn Bhithcheimice Cliniciúla agus sholáthair sé seo meán thomhas Vitimín D níos tapúla, cumas chun staidéar a dhéanamh ar meitibilítí Vitimín D san áireamh.

An tAonad Titimí agus Sioncóipise

Leanann An tAonad Titimí agus Sioncóipise ag leathnú a seirbhíse le 3118 othar agus freastal ag clinicí an aonaid. Feictear gach othar a fhreastalaíonn ar Ospidéal Naomh Séamas le titim agus sioncóipísí gan choinne mar thosaíocht san aonad. Ceadáíonn an t-aonad anailís iniúchta mionsonraithe ar na hothair seo ag diúltú an ghá do iontráil chuig ospidéal. Gníomhann sé mar measúnú aonionaid inar féidir na scrúduithe go léir agus diagnóis a dhéanamh le cuairt amháin.

Lean an tSeirbhís Titimí agus Chosc Briste Othar Cónaithe ag leathnú i 2009

Dírítear ar othair a bhfuil ardriosca titime acu le haghaidh coisc ar ghortú titime nuair a ghlactar leo faoi chúram na Ranna MedEL. Mar sin, sainaitnítear agus bainistítear othair a bhfuil ardriosca acu. I measc na seirbhísí a chuireann an fhoireann ar fail, tá ranganna cothroim agus neartú, cláir oideachasúla titime don fhoireann agus d'othair, cláir chomhlíonadh

chosantóir chromáin, agus cláir straiséis bhainistíochta d'othair chorraithe agus trí chéile. I 2009, rinneadh 341 measúnú d'othair iar-thitime.

An Institiúid Mercer ar Thaighde ar Aosú

Bhí comóradh 21ú bliana bhunú an Institiúid Mercer ar Thaighde ar Aosú. Céiliúradh an ócáid le seinm Solomon de chuid Handel ag Cór agus ceolfhoireann Guinness.

Taighde Teicneolaíochta um Mhaireachtáil Neamhspléach (TRIL)

Tá príomhionad cliniciúil Thaighde Teicneolaíochta um Mhaireachtáil Neamhspléach IDA agus Intel lonnaithe in Institiúid Mercer ar Thaighde ar Aosú. I mbliana críochnaíodh ceann de phríomhchéimeanna a oibríocht le críochnú an staidéir TRIL 600.

Is sócmhainn riachtachach don aonad TRIL é an clinic TRIL. Soláthraíonn sé timpeallacht chliniciúil dár dtaighde, chomh maith le gníomhaíocht mar fhoinse chohóirt taighde agus shonraí mheasúnú bonnlíne. Rinneadh measúnú ar na rannpháirtithe TRIL deiridh i mBealtaine 2009. In iomlán rinneadh measúnú ar breis is 634 othar mar chuid den chlár.

Fad-Staidéar na hÉireann ar Aosú (TILDA)

Is mórthionscnamh é Fad-Staidéar na hÉireann ar Aosú (TILDA) a sholáthraíodh taighde ardcaighdeáin maidir le daoine aosta agus le haosú in Éirinn. Tá sampla ionadaíoch náisiúnta de 8,000 go 10,000 daoine fásta d'aois 50 agus níos sine, agus atá ina gcónaí in Éirinn á roghnú don staidéar. Is í an tOllamh Rose Anne Kenny an ceann tiomána laistiar den staidéar seo in a raibh forbairtí suntasacha i 2009 le hoscailt an aonaid nua TILDA i gColáiste na Tríonóide ag an Uachtarán Mary McAleese agus oscailt aonad satailíte ar fud na hÉireann i bhFad-Staidéar na hÉireann ar Aosú.

Clinic Cuimhne

Bhí an Clinic Cuimhne agus Clinic Luath-Staidéir Mheasúnú Cognaíoch an-ghníomhach i 2009. Feictear othair níos luaithe agus ceadáíonn iniúchtaí measúnú agus cóireáil níos cruinne a dhéanamh ar cúiseanna bunúsacha an easnaimh cognaíoch. Feictear 379 othar sa Chlinic Cuimhne i 2009 ina bhfuil 65% acu ina n-atreoruithe nua le haghaidh lánmheasúnaithe.

Is é Clinic Staidéir Cognaíoch seirbhís chuimhne chliniciúil rochtana tapa a bhfuil mar aidhm aige othair le deacrachtaí chuimhne neamhdiagnóisithe a mheas laistigh de 8 seachtain ó atreoraíodh iad. Rinneadh measúnú ar 250 sa chlinic i 2009.

Ionad Eolais agus Forbartha Sheirbhísí Néaltraithe

Réamhrá

Is ionad náisiúnta do shármhaitheas i néaltrú é an tIonad Eolais agus Forbartha Sheirbhísí Néaltraithe (DSIDC) agus é tiomanta do dhea-chleachtas i ngach gné de chúram néaltraithe. Bunaíodh é i 1998 ag ionadaithe Ospidéal Naomh Séamas, Institiúid Mercer ar Thaighde ar Aosú agus Ollscoil Bhaile Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide. I ndiaidh próisis rannpháirtíochta, le príomhghceallshealbhóirí an bhliain roimhe sin, i 2009 bhí feidhmiú chéad bhliain de phlean straitéiseach trí bliana DSIDC.

Is iad seo na spriocanna straitéiseacha don tréimhse a leanas:

- Chun feasacht ar néaltrú a chur chun cinn chuig déantóirí polasaí, ceannairí tuairime is araile trí sholáthar eolais suas chun dáta agus cuí ag leibhéal aonair, eagraíochtúla agus instidiúideacha
- Chun eolas, scileanna agus dearchtaí proifisiúnach chúram sláinte is araile a oibríonn le nó a sholáthraíonn seirbhísí do dhaoine le néaltrú trí riachtanais a shainnithint agus tríd an fhreagairt oideachais is cuí a sholáthar
- Chun fail amach cad a oibríonn nó cad a dhéanann difríocht ar shaoil daoine le néaltrú trí taighde gníomhaíochta a stiúradh agus a thacú agus trí torthaí a scaipeadh
- Chun ábharthacht, inmharthanacht, fás agus forbairt DSIDC a chinntiú trí athbhreithniú rialta straitéise agus polasaí, acmhainní agus cumais mhéadaithe, rialachas agus bainistíocht mhaith.

Baineadh cuid mhaith amach i réimsí chur chun cinn feasachta, oideachais agus taighde.

Forbairt in 2009

Dul chun cinn feasachta ar néaltrú

Tionóladh dhá chomhdháil idirnáisiúnta a fhreastalaíodh agus a mheasúnaíodh go maith. San Earrach, bhí fócas na comhdhála ar fhoghlaim ó forbairt an Straitéis Néaltraithe do Shasana, a lánseáladh i bhFeabhra. Chuir sé seo le forbairt iarratais ó DSIDC don Roinn Sláinte agus Leanaí ar Straitéis Náisiúnta um Aosú Dearfach. D'fhreastail 155 rannpháirtí ar Chomhdháil an Fómhar agus tógadh mórán cainteoirí saineolaíochta le chéile ar ábhar Néaltrú agus Athshlánú. Bhí an chomhdháil an-rathúil le 98% de na freagróirí ag tabhairt breithiúnais go bhfuil sé go maith nó go sármhaithe.

Ghlac an fhoireann DSIDC páirt i mórán ceardlanna agus rinne said láithreoireachtaí i rith na bliana. Soláthraíodh nuachtlitreacha san Earrach, sa Samhradh agus san Fhómhair agus scaipeadh go forleathan iad trínar mbunachar sonraí r-theagmhálacha a fhorbraíodh i mbliana. Forbraíodh agus lánseáladh suíomh gréasáin DSIDC nua i Márta agus úsáidtear go forleathan é mar a fhianaíodh ag roinnt ceisteanna maidir le néaltrú a phróiseálann an t-aonad.

Ghlac DSIDC comhairleachtaí dearaidh a chumasaigh eagraíochtaí taithí a gcliaint le néaltrú a fheabhsú. Rinneadh athchóiriú ar an leabharlann DSIDC agus chuimsigh acmhainní sain-néaltraithe a dhíoladh 52 leabhar agus 26 DVD. Rinneadh dul chun cinn ar tionscnamh idir DSIDC, an FSS agus Comhairle Liachleachtóirí na hÉireann ar fhorbairt acmhainn néaltraithe bunaithe ar an nGréasán do DGanna.

Oideachas

Lean an tseirbhís oideachais ag DSIDC ag feabhsú agus ag éagsúlú le linn 2009. Soláthraíodh Bróisiúr Oideachais agus scaipeadh é go forleathan trí ríomhphost agus i gcruachóip. Sholáthair sé seo sonraí ar 6 cúrsa sceidealaithe éagsúil agus conas cúrsaí deartha a rochtain chun riachtanais néaltraithe sonracha a chomhlíonadh.

Chiallaigh soláthar 79 seisiún oideachais aonair sonracha do néaltrú do 1,333 duine go seachadadh 1,203 lá duine oideachais nó traenála i rith na bliana. Seasann sé seo do breis is 100% den chuspóir do 2009, a bhaineadh amach in ainneoin easpa acmhainn in mórán instidiúidí a chuir teorainn le taisteal chun feastal ar chúrsaí. Seachadadh 11 cúrsa sceidealaithe agus 14 cúrsa 'deartha' do phroifisiúnaigh chúram sláinte sna hearnálacha poiblí, príobháideacha agus deonacha. Bhí siadsan i mBaile Átha Cliath agus i 12 tír in oirthear, iarthar agus i ndeisceart na tíre.

Forbraíodh agus seachadadh cúrsa nua ar *Ghníomhaíochtaí agus Scéal Saoil* san Fhómhar agus glacadh riachtanais ar leith shíctoiripeoirí mar chúram trí sheimineár i mBealtaine. Rinneadh obair ar fhorbairt 3 chúrsa nua a bheidh seachadta i 2010. Fuarthas nó athnuaíodh moladh ón mBord Altranais le haghaidh chúrsaí a bhaineann le altraí.

Chuir foireann DSIDC le forbairt agus/nó seachadadh oideachas sonracha do néaltrú i roinnt eagraíochtaí eile, an tIonad Foghlama agus Forbartha, Ospidéal Naomh Séamas, Ollscoil Bhaile Átha, Coláiste na Tríonóide (MSc. Altranais Seaneolaíoch agus MSc. Néaltrú) agus Aonaid Phleanáil agus Forbairt Altranais agus cnáimhseachais FSS (Tionscadal Thraenáil Néaltraithe Náisiúnta) san áireamh.

Taighde

Lean an Clár Maireachtála le Néaltrú (LiD) maoinithe ag Atlantic Philantropies, Cumann Alzheimer na hÉireann agus Coláiste na Tríonóide ag seachadadh ábhar taighde luachmhar.

Bronnadh dhá dhuais PhD bhreise i rith 2009, mar sin tá ceithre mac léinn PhD ar ghnéithe síceasóisialta de néaltrú ar an gclár. Dhírigh taighde go dtí seo ar cháilíocht bheatha, ar dhrugaí frith-néalraithe, ar thithíocht dhídeanach agus ar chúram fadtéarmach do dhaoine le néaltrú, ar athlonnú go dtí aonaid chúram Néaltrú speisialtóra agus ar theiripe athchuidhne i measc daoine le néaltrú in Éirinn.

Críochnaíodh tráchtas máistreachta ar ábhar Chlinicí Cuimhne in Éirinn agus ag mionsonrú uimhreacha, áit, seirbhísí a thairgítear agus bealaigh atreoirithe san Fhómhar. Soláthróidh na torthaí ón obair i leagan amach leabhráin le haghaidh scaipeadh forleathan.

Tharla trí sheimineár Maireachtála le Néaltrú i rith 2009 le ranníocaíochtaí ó roinnt cainteoirí idirnáisiúnta. Tharla an chéad cheann in Eanáir agus bhí fócas aige ar chúram athchuidhne agus néalraithe. Tharla an dara ceann i mBealtaine agus díriodh sé ar ábhar Chúram Dheireadh Saoil agus Néaltrú agus tharla an tríú seimineár i Nollaig.

Tugadh páipéir eolaíochta ó chlár taighde Maireachtála le Néaltrú ag roinnt cruinnithe áitiúla agus Eorpach. Chuimsigh said an Chomhdháil Léargas Nua ar Aosú a thionóladh ag Coláiste an Rí, Londain, páipéir a tugadh ag an 19ú Comhdháil Seaneolaíochta agus Míochaine Geiriatraigh Domhanda i bPáras, agus postaeir a tugadh ag Cumann Seaneolaíocht na hÉireann i mBéal Feirste agus Comhdháil DSDC Ollscoil Stirling, York.



Cainteoirí ag Comhdháil DSIDC an Fómhair, Néaltrú agus Athshlánú i Samhain ó C go D: An tOll. Ian Robertson, TCD; Valerie Twomey Uas., Ospidéal Athshlánaíthe Náisiúnta, An tOll. Mary Marshall, OBE, Ollscoil Stirling; An tOll. Linda Clare, Ollscoil Bangor; agus Patricia Hallahan Uas., Stiúrthóir, DSIDC



Griangrafaithe ag Seimineár DSIDC an Earraigh, Forbairt Straitéis Néalraithe ó C go D: An tOll. Rose Anne Kenny, Cathaoirleach Choiste Stiúrtha DSIDC; Patricia Hallahan Uas., Stiúrthóir, DSIDC agus Maria Parsons Uas., Coláiste na hOllscoile Londain

Stiúrthóireacht SaM



An Dr. Colm Bergin
Stiúrthóir Cliniciúil

Sharon Morrow Uas.
Bainisteoir Gnó

Margaret Codd Uas.
Bainisteoir Altra

Réamhrá

Cuimsíonn an Stiúrthóireach SaMS naoi speisialtachtaí lena n-áirítear an Roinn Míochaine Úraigintiúil agus Galair Ionfhabhtaíoca (GUIDe), Deirmeolaíocht, Inchríneolaíocht, ENT, Gíneolaíocht, Néareolaíocht, Néarfhiseolaíocht Chliniciúil, Oftailmeolaíocht, agus Réamaiteolaíocht. Cuimsíonn sé Naomh Eoin, Victor Synge agus trí bharda Ospidéal 5 Aonad 3 d'othair chónaithe, an Seomra Scaoilte, agus na hionaid lae siúlacha ag an gClinic GUIDe, an tIonad Cúraim Sláinte agus an tIonad Lae Diaibéiteach agus tIonad Lae Réamaiteolaíochta.

Forbairtí na Stiúrthóireachta le linn 2009

Lean an Stiúrthóireacht ag fás maidir le gníomhaíocht leis na seirbhísí go léir ag baint amach a gcuispóirí do 2009

- Píolótadh roinnt tionscadal TF, úsáid aitheanta gutha agus cuairteanna barda gan sreang san áireamh
- Píolótadh roinnt tionscadal TF, úsáid aitheanta gutha agus cuairteanna barda gan sreang san áireamh, atreoruithe leictreonach do Réamaiteolaíocht agus Diaibéiteas mar chuid de thionsadal Healthlink agus athbhreithniú ghabháil chásmheascáin laistigh den Stiúrthóireacht san áireamh.

Forbairtí Fhoireann na Stiúrthóireachta

Bhí an Stiúrthóireacht áthasach fáilte a chur roimh Sharon Slattery mar Bhainisteoir Altra i bhFeabhra. Roimhe sin


bhí Sharon ina CNM 2 ar bharda Naomh Eoin agus thug sé saibhreas eolais agus taithí chliniciúla don fhoireann Stiúrthóireachta. Ceapadh an Dr. Bergin mar Ollamh Galair Ionfhabhtaíochta i 2009.

Gníomhaíocht Stiúrthóireachta Seirbhísí Othar Seachtrach

Lean an ráta iomlán freastail do sheirbhísí Othar Seachtrach Stiúrthóireachta SaMS ag méadú i rith 2009. Leanann an Stiúrthóireacht ag bainistiú amanna fanachta, cóimheasa idir othair nua agus othair athfhillte agus rátaí DNA.

Cuimsíonn fíis na Stiúrthóireachta SaMS forbairt samhlaigh cúraim shiúlaigh d'othair Ghalair Ainsealaigh.

Líon na nOthar ag freastal ar OPD



Seirbhísí Othar Cónaithe

Soláthraíonn Barda Naomh Eoin, Bara Victor Syngé agus Ospidéal 5 Aonad 3 cúram othar cónaithe. D'ardaíodh Joanne MacDonagh, Sinéad Moran, Nowell Ngwenya agus Ann Sloane chun postanna CNM 2 agus CNM 1 i 2009. Ghlac Barda Victor Syngé páirt sa tionscadal maoirseacht othar rathúil leantach 'One to One' Fhrestalaí Cúraim Shláinte gurbh é an toradh atá ar méadú ar shábháilteacht othar agus laghdú suntasach ar chostais. Ghlac an barda páirt sa tionscadal 'naprún dearg' freisin mar chuid de chlár riarachán eagraíochtúil cógais shábháilte. I ndiaidh phiólótach ráthúil Bhainistíocht Eipeadúrach d'othair iarobráide ar bharda Naomh Eoin, lean an tseirbhís i 2009. Éascaíodh foireann Aonad 3, Ospidéal 5 agus GUIDe ag an Altra Tacaíochta Cliniciúla i bhforbairt inniúlachtaí cliniciúla do bhainistíocht Ghalair ionfhabhtaíochta agus d'othair VEID.

Seirbhísí Barda Lae

Cuireann Stiúrthóireacht SaMS seirbhísí barda lae (liachta agus máinliachta) ar fáil thar ocht speisialtacht.

Seo a leanas na freastail lae in aghaidh na Roinne:

Cásanna Lae	Iomlán 2007	Iomlán 2008	Iomlán 2009
Deirmeolaíocht	4,937	5,268	5,671
ENT	270	250	269

Day Cases Contd.	Total 2007	Total 2008	Total 2009
Incríneolaíocht (ar lean)	12,996	9,729	6,435
Guide	3,776	2,101	4,036
Gíneolaíocht	393	500	461
Néareolaíocht	146	144	150
Néarfiseolaíocht	1,176	1,286	1,535
Réamaitheolaíocht	5,408	5,454	5,672
Iomlán	29,102	24,732	24,229

An Seomra Scaoilte

Tá sé mar chuspóir ag an Seomra Scaoilte amanna feithimh a laghdú d'othair a theastaíonn leaba othair chónaithe uathu trí áit chompordach a sholáthar d'othair a scaoileadh an lá sin. Is táscaire tábhachtach é don Stiúrthóireacht agus don eagraíocht an tSeomra Scaoilte. Freastalaíodh ar 28% de scaoifidh othar sa Seomra Scaoilte in 2009.

Deirmeolaíocht

Lean an Roinn Deirmeolaíochta ar tionscadal NPTF in 2009 leis an aidhm ama feithimh chliniciúla a laghdú. De thoradh na hothair bhreise ó na liostaí fanachta ONS agus AMNCH, bhí méadú 48% ar uimhreacha othar nua OPD i 2009.

Leanann an Dr. Patrick Ormond ag stiúradh an tseirbhís Mháinlictha Mhiceagrafach Mohs (MMS) san Ionad Cúraim Sláinte. I 2009, bhí obráidí MMS ag 137 othar, agus dá bhrí sin ní raibh ar na hothair seo taisteal chuid an RA dá gcóireáil.

Leanann an fhoireann EB, faoi cheannas an Dr. Rosemarie Watson le cúram tiomanta aonair a sholáthar d'othar fhásta a raibh Epidermolysis Bullosa orthu.

Ba mhaith leis an Stiúrthóireacht aitheantas a thabhairt do rannpháirtíocht agus tiomantas don Seirbhís Deirmeolaíochta de Sarah Gore, Rúnaí Liachta a d'éag faraoir i 2009.

Inchríneolaíocht

Leanann an tseirbhís dhiaibéitigh ag soláthar sainchúraim do líon méadaitheach othar. Leanann an tseirbhís ag soláthar seirbhísí speisialta agus treasacha i réimsí mar theiripe chaidéil insline agus scagadh reitineach. Tháinig Carolyn Conroy isteach san Fhoireann Inchríneolaíochta i 2009 mar CNM3. Thosaigh an Dr. Siobhán McQuaid mar Inchríneolaí Ionaid i mBealtaine. Bhí an fhoireann páirteach go gníomhach i bhforbairt chlár cúraim roinnte do dhiaibéiteas faoi stiúradh an Oll. Nolan. D'fhorbair Pauline Wilson, Coslia Sinsearach, clár cúraim choise diaibéiteacha a bheidh de thoradh ar laghdú fhad fanachta agus sheachaint iontrála do mórán othar diaibéiteach.

Leanann an Dr. Marie Louise Healy, i gcomhpháirtíocht leis na Seirbhísí Máilliachta ENT, le seirbhís chuimsitheach oinceolaíochta thíoróidigh a sholáthar. Soláthraíonn an tseirbhís seo cúram do 70% d’othair atá diagnóisithe le hailse thíoróidigh i bPoblacht na hÉireann. I measc na bhforbairtí taobh istigh den tseirbhís altranaís tá córas atreorú leictreach don na Speisialtóirí Altraí Cliniciúla Diaibéitigh.

Cluas, Srón agus Scornach (C.S.S.)

Tháinig an Dr. Mark Rafferty isteach san fhoireann ENT i lár 2009 mar Mháinlia Comhairleach ENT. Taispeáineann figiúirí is déanaí go gcuireann Ospidéal Naomh Séamas cóireáil ar thart ar 47% d’ualach oibre náisiúnta Ailse Chinn agus Mhuiníl.

Lean an Clár Sábhálteachta Traicéatóime ar aghaidh le linn 2009. Tá sé mar aidhm ag an tseirbhís béim a leagan ar na ceisteanna bainistithe riosca a bhaineann le cúram traicéatóime agus iad a dhíbirt. Cuimsíonn sé laethanta staidéir traicéatóime ráithiúla idirdisciplíneacha ar a bhfreastlaíonn an t-ospidéal

agus soláthraí cúraim sláinte ón taobh amuigh. Rinne an tseirbhís Éisteolaíochta faoi stiúradh Geraldine Mann, an Príomhéisteolaí, athbhreithniú ar 586 othar i 2009.

GUIDe

Bíonn seirbhísí ag an Roinn Mhíochaine Uraigintiúil agus Galair Ionfhabhtaíochta (GUIDe) a chlúdaíonn galair ghnéas-tarchurtha, ionfhabhtú VEID, cúram ginearálta galair ionfhabhtaigh agus seirbhís chomhairleach d’othair chónaithe ar fud an Ospidéil.

Seachadaíonn an tseirbhís roinnt seirbhísí for-rochtana, clinicí OPD i bpríosúnaigh Wheatfield agus Cloverhill san áireamh, agus i 2009 thug sí isteach clinic OPD ag Ospidéal na mBan, an Cúm agus Ospidéal Ollscoile na bPáistí. Chomh maith leis sin, bunaíodh clinic haemaifilia i NCHCD.

I 2009, chríochnaigh Síle Dooley clár Náisiúnta um oiliúint Altraí ar chórais a ordú go rathúil agus tháinig sí isteach lena comhghleacaithe Sandra Delamere agus Gráinne Kelly mar altra oideas sa Roinn. Bunaíodh clinic bunaithe ar altraí do bhainistíocht othar le heitinn fholailigh.


Sheachaid an tseirbhís Ghalair Ionfhabhtaíochta clár vacsaínithe H1N1 ráthúil, ag soláthar vacsaínithe do 800 othar VEID i 2009. Lean an tOllamh Fiona Mulcahy agus an tOllamh Colm Bergin ar aghaidh mar Stiúrtóirí Speisialtachta Náisiúnta, RCIP dá speisialtachtaí áirithe; Míochaine Úraigintiúil agus Galair Ionfhabhtaíochta.

Gíniceolaíocht

Soláthraíonn an tSeirbhís Ghíniceolaíochta in Ospidéal Naomh Séamas cúram d’othair a bhfuil réimse leathan de riochtaí acu, mar shampla, riochtaí ginearálta gíneolaíochta, oinceolaíochta, neamhchoinneálacht lamhnáin agus inchríneolaíocht ghíniceolaíochta (sos míostraithe).

D’éirigh an Dr. Eamon McGuinness as a phost mar Ghíniceolaí Comhairleach i 2009 agus cuireadh an Dr. Katherine Astbury ina ionad. Tháinig Aidín Roberts isteach san Fhoireann Ghíniceolaíochta mar Altraspeisialtóir Cliniciúil ó Ospidéal Naomh Séamas agus Ospidéal na mBan, an Cúm agus Ospidéal Ollscoile na bPáistí. Cuireann an tSeirbhís Gíneolaíochta Oinceolaíochta in Ospidéal Naomh Séamas seirbhís áitiúil, réigiúnach agus forréigiúnachar fáil d’othair a bhfuil ailse ghíniceolaíoch orthu. In 2009, rinneadh athbhreithniú ar 256 othar ag an gcruinniú seachtainiúil Ildisciplíneach Oinceolaíochta Ghíniceolaíochta.

Figiúirí Ailse Ghíniceolaíochta



Néarfiseolaíocht Chliniciúil

Is cuid de Sheirbhís Néarfí seolaíochta Cliniciúil Bhaile Átha Cliath Theas í an Roinn Néarfí seolaíochta Cliniciúil, a thairgeann réimse de sheibhísí scrúduithe agus diagnóiseacha. Ina measc tá Staidéir ar Sheoladh Néaróg (NCS), Leictremiografaíocht (EMG), Tástáil Chainníoch Chéadfach (QST), Leictreinceifí leagrafaíocht (EEG) agus Ionchas ó Spreagadh Sómatachéadfach (SSEPs), Freagraí i Stoc na hInchinne ó Spreagadh Éisteachta (BAERanna) agus Freagraí ó Spreagadh Radharcach (VERanna). Tháinig an Dr. Yvonne Langan isteach ar an bhfoireann mar Néarfiseolaí Cliniciúil i bhFeabhra 2009, ó shin bhunaigh sí EEG siúlach agus seirbhís ghearr theiliméadracht fhíseáin. Chomh maith leis sin, fuair an tseibhís deontas ó Brainwave chun taighde a dhéanamh i réimse íogaireacht baroflex in othair le titimeas.

Néareolaíocht

Fuair an Roinn maoiniú Nuálaíochta i 2008 don Chlár Bhainistiú Titimis agus lean sí agus d’fhorbair sí an clár seo go ráthúil i 2009. Tá sé mar aidhm ag an gclár an gá glacadh le hothair le



titimeas san ospidéal a laghdú nó a ghlanadh. Léirigh an clár deathionchar ar iontrálacha othar cónaithe óna thús laghdaigh go suntasach cur i bhfeidhm clinic mhear-rochtana líon na n-othar ag freastal ar an Roinn Éigeandála. Cuimsíonn an clár clinic mhearrochtana chomh maith le clár oideachais agus comhairleach cuimsitheach, seoladh ríomhphost san áireamh chun go mbeadh othair in ann teagmháil a dhéanamh go leictreonach le baill fhoirne.

Tháinig Martina McKenna isteach ar an bhfoireann Néareolaíochta mar Altraspeisialtóir Cliniciúil. Leanann an Roinn Néareolaíochta lena taighde leanúnach ar Scléaróis Iolrach, galar cnáimh agus imdhíon-modhnóirí. Tá roinnt tionscadal leanúnach sa Roinn i rith 2009. Cuimsíonn said: Athleanúint ghalar cnáimh in MS agus staidéar smachtaithe ar dlús cnáimh i ngalar Parkinson.

Oftailmeolaíocht

Tugadh isteach an gclár Chlinic Scagach Reitine do Dhiabéitigh i 2005, agus leanann sé ag fás le hiomlán 2,996 ag freastal ar an tseirbhís i 2009. Éascaíonn an cur chuige comhoibrítheach seo ar chúram othar ag an tseirbhís Inchríneolaíochta agus Oftailmeolaíochta do bhrath luath de ghalar súile diaibéiteach, agus é mar chuid mhór den obair a dhéanann an tseirbhís oftailmeolaíochta. Freastlaíonn gach othar diaibéiteach i gcomhair scagtha go bliantúil.

Réamaiteolaíocht

Cuimsíonn an tseirbhís Réamaiteolaíochta:

- sainseirbhís airtritis bunaithe ar an othar seachtrach
- seirbhís treasach fhíocháin tacaíochta atreoraithe i gcomhoibriú le hImdhíoneolaíocht agus Deirmeolaíocht
- Clinic luath-airtritis seachtainiúil

- seirbhís insteallta/mearmheasúnaithe san Ionad Lae Réamaiteolaíochta
- seirbhís laethúil comhairliúcháin d’othair chónaithe
- seirbhís fhísíteiripe/theiripe shaothair speisialaithe
- clár teagasc speisialaithe seachadta ag comhairleach i réamaiteolaíocht
- clár tiomnaithe taighde
- baineann 50% d’ualach oibre na Ranna le tiomantais Mhíochaine Inmheánach gear

Bhí 2009 gnóthach don seirbhís Réamaiteolaíochta/GIM, le hiontrálacha othar cónaithe agus athbhreithnithe othar neamhchónaithe/altra. Rinneadh athbhreithniú ar 320 othar ag na seirbhísí fisíteiripe agus teiripe shaothair.

Tharla roinnt athruithe foirne i rith na bliana: líon Michelle Lynch an dara post altraspeisialtóra cliniciúla i Réamaiteolaíocht, agus ghlac an Dr. Barry O’Shea post comhairleach, ag roinnt poist leis an Dr. Doran. Thug an Dr. John Ryan agus an Rachel Kidney ranníocaíochtaí luachmhara don ualach oibre Mhíochaine Inmheánaigh sa leath deiridh den bhliain. Ghlac an Dr. Cunnane roinnt postanna nua, Uachtaránacht Chumann Réamaiteolaíochta na hÉireann, Stiúrthóir Oideachais Iarchéime agus Teagascóir Intéirneach ag Ospidéal Naomh Séamas san áireamh. Chomh maith leis sin, leanann sí mar Stiúrthóir Speisialtacht Náisiúnta i Réamaiteolaíocht agus déanann sí maoirseacht ar gach gné de thraenáil Réamaiteolaíochta in Éirinn. Bhí an Dr. Michelle Doran mar rannpháirtí gníomhach i dtascfhórsa EULAR ar vacsaínithe sna galair réamataigh. Chuimsigh tionscnaimh cliniciúla nua an tionscadal ‘Angel’, deartha chun atreoruithe clinice a mheas agus amanna fanachta othar neamhchónaithe a ghearradh.

Stiúrthóireacht GEMS 2009



An Dr. P.W.N. Keeling
Stiúrthóir Cliniciúil

Catherine Carey Uas.
Bainisteoir Altra

An tUas. Kevin Burke
Bainisteoir Gnó

Réamhrá

Is iad na réimsí seo a leanas a thagann faoin Stiúrthóireacht GEMS, liacht agus máinliacht Ghastraistéigeach, Liacht Ghinearálta lena n-áirítear Heipiteolaíocht, Liacht Duánach, Úireolaíocht agus Máinliacht Ghinearálta.

Forbairtí i 2009

- I Márta 2009, rinneadh an chéad eisídiú radaimhnicíochta a gníomhaíodh in Éirinn san Aonad Ionscópachta. Is cóireáil é seo le haghaidh loit réamh-urchóideacha an éasafagais
- Iúil 2009, tosaíodh Clinic Próstataigh Mear-Rochtana in Ospidéal Naomh Séamas. Soláthraíonn cur chuige “aonionaid” i leith othar a atreoraíodh ag dochtúir ginearálta le haghaidh iniúchtaí ar Ailse Próstataigh Amhrasta. Feidhmíonn clinicí laistigh den Aonad Ionscópachta trína bhfeictear othair sa Roinn GEMS OPD go díreach agus dtéann said faoi bhithóipse má’s gá san Aonad Ionscópachta ar an lá céanna
- In Iúil 2009, ceapadh Colm Fox chun Altraspeisialtóir Cliniciúil Ainéime Duánaigh. Ceadáíonn ceapachán CNS in Ainéime Duánach athleanúint chuimsitheach na hothair go léir ar Oibreáin Eiritreapóiseas-spreagthach (ESAanna), tríd sin ag laghdú seans d’othair leibhéal Hb ró-ard agus ag íoslghdú rioscaí cliniciúla bainteach


An tAonad Iontrála Géarmhíochaine (AMAU)

Faigheann an tAonad Iontrála Géarmhíochaine gach iontráil liachta éigeandála (timpeall 6000 in aghaidh na bliana) agus tá sé ar an gceantar ainmnithe, áit ina leagtar béim ar sholáthar cúram ar ardcaighdeán d'othair le géarthinneas liachta. Tá achmhainn AMAU, le meán 18 iontráil gach lá, sa chaoi go réamh-mheasfá go bhfaighfeá 70% de na hiontrálacha go léir a gcúram ospidéil iomláin laistigh den aonad (an fhanacht uasmhéid a cheadaítear in AMAU – 5 lá). Aistrítear na hothair a theastaíonn fanacht níos faide uathu ó AMAU go dtí leaba cuí speisialtachta nó mhíochaine ghinearálta.

An príomhthionscnamh a tugadh isteach sa chóras nua seo ná go n-admhaíodh na hothair ghéarmhíochaine ón RÉ go dtí áit aonair.

An toradh do níos mó ná 29,000 othar géarmhíochaine a admhaítear trí RÉ ospidéil mhúinte gnóthaigh ná breis is laghdú 55% ar mhortlaíocht gach-cúise bliantúil agus ospidéal 30-lae, in ainneoin méaduithe suntasacha ar ualach oibre, ar chomhghalracht agus ar dhéine géarmhíochaine thar am. Le 6000 tarlú gach bliain i thart ar 4,700 othar, ciallaíonn sé seo beagnach 350 beathaí sábháilte gach bliain.

Figiúr 1: Rátaí mhortlaíocht ospidéil gach-cúise 30-lae in iontrálacha géarmhíochaine éigeandála (2002-2009)



An tAonad Cúraim Chíche

D'ainmnigh an Clár Náisiúnta Rialaithe Ailse (NCCP) Ospidéal Naomh Séamas mar cheann d'ocht Seirbhísí Galair Chíche Siomtóimacha in Éirinn i 2007. Mar gheall air seo bhí méadú sadobharcantair agus atreoruithe don tseirbhís le dhá bhliain anuas. Chun freastal ar an éileamh breise ar sheirbhísí, méadaíodh acmhainn chlinic Cúraim Chíche agus bunaíodh dhá chlinic nua; Clinicí Cíche Measúnaithe Triarach breise agus Clinic Measúnaithe Riosca Teaghligh. D'fhreastal níos mó ná 2000 othar nua ar Chúram Cíche in 2009. Is ionann é seo agus ardú de 50% ar 2008. Tharla cuid mhór den ghníomhaíocht seo mar gheall ar dhúnadh Sheirbhísí Cúraim Chíche AMHCH agus sa Lár-Réigiún.

Ceann de na gnéithe rathúla den Chlinic Measúnaithe Triarach, ina bhfuil rochtain ag othair ar Athbhreithniú Máinliachta ó Mháinlia Comhairleach, Raideolaíocht (Mamagram/Ultrafhuaim) agus Cíteolaíocht (Bithóipse Caol-Snáthaid), ná go bhfaigheann an chuid is mó d'othar diagnóis ar an lá céanna. Laghdaíonn sé seo an méid ama bhíonn ar othair fanacht do thorthaí, a d'fhéadfadh a bheith thar a bheith strusmhar; laghdaíonn sé seo an bearna ama roimh cóireáil a thosú freisin. I 2009, fuair 82% d'othair nua a ndiagnóis ag a gcéad chuairt.

Le linn 2009, chríochnaigh HIQA a n-iniúchadh de Sheirbhísí Cíche Siomptóimigh. I Meán Fómhair, tháinig HIQA chuig Ospidéal Naomh Séamas chun athbhreithniú cáilíochta a dhéanamh ar ár seirbhís. Bhí aiseolas ó sheo an-dearfach.

Príomhthorthaí a d'aithin HIQA


- Bhí Seirbhísí Ghalair Chíche Siomptóimigh Ospidéal Naomh Séamas ag comhlíonadh príomhriachtanais cáilíochta agus shábháilteacha leagtha amach sna caighdeáin
- Ar an iomlán, bhí na seirbhísí, na próisis agus na smachtaí chun an luach breise a sheachadadh i gcaighdeáin a táthar ag súil leo i Seirbhís Speisialtóra Náisiúnta agus chun inbhuanaitheacht a chinntiú ag dul ar aghaidh ag an tseirbhís ag Ospidéal Naomh Séamas

I 2009 bhí an Roinn Cúraim Cíche ráthúil ina n-iarratas ar an Comhairle Altranais Náisiúnta le haghaidh maoinithe chun CNS a cheapadh chun moladh a scríobh d'Ard-Altrachleachtóir i gCúram Cíche. Soláthraíonn an deontas seo na hacmhainní agus an deis dúinn chun moladh d'ANP i gCúram Cíche a ullmhú agus a chur isteach. Tabhairfeadh ceapachán ANP chuig Cúram Cíche tacaíocht agus feabhsú don seirbhís d'othair le galar cíche, ag soláthar cur chuige níos sruthlíní, speisialtóra agus iomláine i leith cúraim othar.


Thug Yvonne Hanhouser Uas., Altraspeisialtóir Cliniciúil i gCúram Cíche a Póstaer ar "Riachtanas Eolas Othair Ailse Cíche Nua-Dhiagnóisithe" ag Lá Oscailte Chomhairleach Altranais Náisiúnta agus an EONS (Cumann Altraí Oinceolaíocht na hEorpa) i mBerlin i 2009.

Taispeáineann na táblaí/graif thíos an chaoi ina mhéadaigh an ghníomhaíocht ó bhunaíodh an Clinic Cíche i 1997.

Gníomhaíocht Chúraim Chíce



Líon na nAilsí Chíce Cóireáilte



Máinliacht Chalaireicteach

Tá an tseirbhís mháinliacht chalaireicteach mar chuid den tSeirbhís Mháinliacht Ghinearálta. Tá an tseirbhís mháinliacht Chalaireicteach mar chuid den tSeirbhís Mháinliacht Ghinearálta. Lean an tseirbhís Chalaireicteach ag forbairt in 2009. Ainmníodh Ospidéal Naomh Séamas mar ionad ailse faoin gClár Náisiúnta um Bainistiú Ailse agus tharla méadú 25% ar an tseirbhís chalaireicteach mar gheall air. Ba é 207* an líon ailisí calaireicteacha a atreoraíodh d'Ospidéal Naomh Séamas i 2009. Rinneadh 138 máinlia athghearradh siada agus 63 máinlia neamhatghearrtha.

Rinne an tUasal Dermot Hehir, Máinlia Comhairleach ón Tulach Mhór athghearrthaí reicteacha ar 11 dá othair ailse in Ospidéal Naomh Séamas. Tháinig an tUasal Fiachra Cooke, Comhairleach Ionaid, isteach ar an bhfoireann chalaireicteach freisin i Meán Fómhair 2009.

Tarlaíonn cruinniú fhoireann ildisciplíneach oinceolaíoch GI go seachtainiúil agus i 2009 pléadh 96% d'othair ag an gcomhdháil. Bhí méadú de 30% ar an ualach oibre an cruinnithe le 326 othar le GI níos ísle. Pléadh roinnt othar ar ócáidí éagsúla.

Soláthraíonn an t-aonad calaireicteach traenáil chláráitheora speisialtóra ardchaighdeáin i gCalaireicteolaíocht na Breataine Móire agus na hÉireann.

Soláthraíonn an t-aonad calaireicteach traenáil chláráitheora speisialtóra ardchaighdeáin i gCalaireicteolaíocht na Breataine Móire agus na hÉireann.

Leanann Ospidéal Naomh Séamas ag cur isteach sonraí le cuimsiú i gcomhar le iniúchadh ailse putóige de chuid Chalaireicteolaíocht na Breataine Móire agus na hÉireann agus is é an t-aon ospidéal amháin a dhéanann seo.

Leanann na altraí ailse calaireicteacha, Delia Flannery & Katrina O'Connor, ag soláthar cúram fócasaithe ar an othar ó dhiagnóis, trí chóireáil agus ar aghaidh go stiúradh altraí-tiomanta. Lean ualach oibre an chlinic athleanúna ag méadú i 2009; le méadú ó chlinicí coicise go seachtainiúla agus méadú 65% ar othair a chonacthas. Lean ualach oibre na ranna stóma ag méadú mar gheall ar stad sheirbhísí stóma pobalbhunaithe i gceantair chúraim phobail 4 agus 5. Tá méadú ar othar a chonacthas san ospidéal mar thoradh ar seo.

Soláthraíonn an altra géineolaíochta, Michael Farrell, seirbhís chomhairliú géinitigh. Pléitear na cásanna go léir leis an Oll. Andrew Greene, Géineolaí in Ospidéal na bPáistí, Croimghlinn. Bhí méadú faoi thrí ar na hatreoruithe seo le meán de 30 othar a atreoraítear gach bliain. Déantar anailís imdhíon-histeacheimiceach le haghaidh léiriú dheisiú mhí-oiriúnú próitéine agus/nó staidéir éagobhsaíocht Mhícrea-shataillite ag iarraidh sainmharc móilíneach de Shiondróm Uí Loingsigh/ Ailse Chalaireicteach Neamh Polyposis Dúchasaigh ar eiseamail athghearradh. D'aithin an tseirbhís ghéineolaíochta 13 teaghlach go dtí seo le claochluite pataigineacha dheisiú mhí-oiriúnthe agus d'aithin sí 2 teaghlach mhór Shiondróm Uí Loingsigh le Leagan Géiniteach de Thábhacht Neamhchinnte (GVUS).

An tAonad Scagdhéalaithe Duánaigh

Ó Dheireadh Fómhair 2008 soláthraíonn Ospidéal Naomh Séamas cóireáil níos fearr d'othair ar a dtugtar Haemasagachán Ar líne.

Na buntáistí a bhaineann le Haemasagachán Ar líne in aghaidh Haemasagdhéalaithe ná:

- Cobhsaíonn Haemasagachán Ar líne brú fola ag baint úsáide as an bpróiseas roimh chaolúchán. Cruthaíonn sé seo cobhsaíocht cairdiach níos fearr – a chiallaíonn go bhfuil sé feiliúnach don othar fotheannasach neamhsheasmhach, fothvolaemic/éidíme scámhógach, nó othar in ICU.
- Ceadaíonn sé níos mó glanta fola d'Úiré agus de Chréitínín mar gheall ar iompar comhiomprach in HDF I gcomparáid le hiompar leathaidh i haemasagdhéalú

- Cruthaítear go nglantar mionghlóballin Beta 2 a chruthaítear go ndíbríonn/laghdaíonn siondróm tolláin charpaigh agus amyloidosis in othair CRF
- Laghdaíonn sé gníomhachtú comhlánaithe – taispeánadh go dteastaíonn suimeanna laghdaithe de theiripe EPO ó othair ar HDF i gcomparáid le haemascagdhealú

Gníomhaíocht Haema-scagacháin ar Líne

- Na seisiúin chóireáil scagdhealaithe le haghaidh 2009 ná 526. Méadú ó 456 – 2009
- Líon na n-othar a chóireáladh ná 115. Méadú ó 97 – 2009
- Oideachas réamh-scagdhealaithe – nua-diagnóisithe ESRF – 57
- Othair Dhuánacha le haghaidh obair trasplandaithe – 40. Seisiúin vacsaíniú réamh-scagdhealaithe – 81
- Ainéime dhuánach Ean – Iúil 2009 – 71
- Atreoruithe chuig géaraonaid – othair nua: 17
- Iontrálacha chuig ONS ó Ghéaraonaid – 48
- Feidhm athshlánaithe: 23 othar = 25.2%

Oideachas/Traenáil

- D'fhreastal CNM Nuala Doyle ar an gComhdháil Chumann Atráí Neifreolaíochta na Meiriceá i San Diego in Aibreán 2009
- D'fhreastal Vicente Ecalnir RGN ar an Siompóisiam Duánach na Breataine i mBealtaine 2009
- Sheas Nuala Doyle CNM Seirbhís Duánach Ospidéal Naomh Séamas ar SARI – Straitéis Smachtú Frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhicróbáigh in Éirinn. Foilsíodh na Treoirínte ar – Cosc Ionfhabhtú Ionshoithíoch bainteach le Cataitéar i Nollaig 2009

Oideachas Réamh Scagdhealaithe

Déanann an Fhoireann Altranais Scagdhealú Duánach a dícheall síbhís réamh-scagdhealaithe ardchaighdeán a soláthar d'Othair Réamh-Scagdhealaithe Duánach. Aithnítear othair chun páirt a ghlacadh sa chlár seo bunaithe ar GFR (ráta scagacháin ghlomarúlach measta) m.sh. pointe Theipeadh Duáin Phointe Dheireanaigh 3-5.

Cuirtear oideachas réamh-scagdhealaithe ar fáil dóibh chun iad a chumasú cinneadh feasach a dhéanamh maidir leis an gcineál chóireáil scagdhealaithe a bheadh feiliúnach dóibh

m.sh. Haemascagdhealú nó scagdhealú Peireatóiním. Rinneadh diagnóis Theipeadh Duánach Phointe Dheireanaigh ar 57 othar nua i 2009 is gá dóibh comhairliúchán agus oideachas. Leanann muid ag déanamh vacsaíniú ar ár n-othair CKD agus ag déanamh monatóireacht ar leibhéil fhreagartha gach bliain faoi réir Threoirínte Náisiúnta. Déantar ullmhúchán do Trasplandú Duánach agus eagraítear an scagadh riachtanach agus tástálacha go léir. Fuair 2 de na othair seo trasplandú roimh ré i 2009. Tá 270 othar ar an gclár CKD faoi láthair.

Comhordaitheoir Ainéime

In Iúil 2009, ceapadh Colm Fox chun phost Altraspeisialtóir Cliniciúil Ainéime Duánaigh. Ceadáíonn ceapachán CNS in Ainéime Dhuánach athleanúint chuimsitheach de gach othar ar ESAanna, ag laghdú an riosca go bhforbróidh othair leibhéil Hb ró-ard agus ag laghdú rioscaí cliniciúla gaolmhara.

- Bailíodh liosta beo d'othair ag fáil theiripe ESA ar chóras EPR chun monatóireacht agus bainistíocht othar CKD a éascú.
- Tionótar clinicí iarann IV Dé Máirt agus Dé Déardaoin san aonad scagdhealaithe, tugadh 161 dáileog Venofer IV d'othair CKD l'ainéime uireasa iarainn ó Iúil 2009 go Nollaig 2009
- Rinneadh athbhreithniú ar 196 othar ag fáil theiripe ESA ó Iúil 2009 go Nollaig 2009. Rinneadh measúnú ar othair neifreolaíochta ag an gclinic CKD a thionóladh san aonad othar neamhchónaithe maidin dé hAoine
- D'fhreastal 357 othar san iomlán na clinicí bhainistíocht ainéime agus iarann IV ó Iúil 2009 go Nollaig 2009

An tSeirbhís Heipiteolaíochta

Soláthraíonn an tIonad Heipiteolaíochta seirbhís chuimsitheach d'othair a bhfuil galair ae víreasach agus neamh-víreasach agus gaistrentreolaíoch orthu. Leagtar béim ar an othar san aonad le seirbhís curtha ar fáil ag comhairleoirí d'othair chónaithe agus othair seachtracha. Tá forbairt déantar ar na seirbhísí agus na clinicí a chuirtear ar fáil chun sainríchtanais na ngrupaí cliaint a bhaineann úsáid as na seirbhísí seo a chomhlíonadh.

- Na hatreoruithe nua in iomlán, ag cuimsiú atreoruithe gaistrentreolaíochta, ae ginearálta, víreasach & haemacromatóise i 2009 ná 1,088. Ba atreoruithe heipitís víreasach iad níos mó na ceathrú (27%) de na hatreoruithe nua. Soláthraíonn an tAonad Heipiteolaíochta clinicí comhairleach-treoraithe Heipitís B seachtainiúla & clinicí Heipitís C seachtainiúla

- Leanann an fhoireann altranais & chomhairleach chun na clinici cóireála a fhorbairt sa réimse go leantach Tá comhlíonadh cóireála & torthaí othar go hiontach. Seasann freastal ag clinici cóireála do 31% de fhreastail chuig an t-aonad. Ghlac foireann & othair páirt i dtionscnaimh taighde i 2009
- Leanann rathúlacht an naisc le seirbhísí andúile i gcóireáil othar le Heipitítis C ag fás. Rinneadh obair thalún agus ullmhúchán fairsing i 2009 chun an tseirbhís chóireáil Heipitítis C a leathnú sa tSeirbhís Phríosúin. Tabharfar isteach an tseirbhís chóireála seo i bPríosúin Bhaile Átha Cliath i 2010
- Leanann an nasc Altra Idirchaidrimh le Ospidéal Naomh Uinsinn ag forbairt. Is nasc tábhachtach é d’othair ag aistriú go Ospidéal Naomh Uinsinn le haghaidh trasplandú ae. I 2009 rinneadh measúnú ar fiche othar le haghaidh thrasplandú ae. Chuaigh naoi n-othar ar aghaidh chun trasplandú ae a fháil.
- I 2009 bunaíodh dhá chlinic Fibroscan nua san aonad. Úsáidtear Fibroscanadh chun measúnú a dhéanamh ar an ae
- Leanann an tseirbhís Fhleibeatóime san Aonad Heipiteolaíochta ag forbairt
- Tá an clinic fola ultra-treoraithe agus soláthraíonn sé réamhthástáil fhola othar neamhchónaithe, scagthástáil ghéiniteach le haghaidh haemacrómatóise & scagthástáil OGTT le haghaidh ghalar víreasach, HTC & ae sailleach
- Bhí scagthástáil OGTT ag 108 othar i 2009. Ó na hothair seo bhí 9 acu diagnóisithe go dearfach le diaibéiteas saghas II, bhí 32 othar éadulangach glúcóis
- Fuair 124 othar scagthástáil ghéiniteach le haghaidh haemacrómatóise

Staitisticí 2009


Cur Síos	Nua	Filleadh	Iomlán
Clinicí Víreolaíochta (C)	168	773	941
Clinicí Víreolaíochta (B)	125	432	557
Ginearálta	732	2032	2764
Haemacrómatóis	63	215	278
Tástálacha Anáil Úiré	35	177	212
HBV faoi stiúr Altraí	79	2254	2333
Clinic Thástáil Fola	171	693	864
Clinic Réamhbhithóipse Ae	17	143	160
Clinic Comhairleoireachta	63	282	345
HBV faoi stiúr Altraí	8	393	401
Iomlán	1461	7394	8855

Máinliacht Gaistraistéigeacha (GI) Uachtar

Is féidir leis an treocht is airde d’urchóideachtaí GI uachtar a fheiceáil in Ospidéal Naomh Séamas. I gcomparáid le figiúirí ón Bord um an gClárann Náisiúnta Ailse (NCRI), tháinig 17% d’ailsí éasafagacha/gastracha in Éirinn trí ONS, 20% i 2006 agus 23%.


- Tá gníomhaíocht ailse GI Uachtar iomlán ag méadú in Ospidéal Naomh Séamas

Ailse éasafagach/gastrach ONS 2005-2009



- Laistigh den tseirbhís GI Uachtar i 2009, ba atreoruithe treasacha iad 68% de na hatreoruithe go léir, le ONS ina ionad Barr Fheabhais do chóireáil ailse éasafagach/gastrach
- I 2009, tharla ceapachán an dara Máinlia GI Uachtar, An tUas. Ravi Narayanasamy, Altra Thaighde Ailse, Zeita Claxton Uas., a leathnóidh an tseirbhís go mór
- Nuálaíocht oideachais d’othair trí DVD ‘Turas Othair’ a d’fheabhsaigh eispéiras an ospidéil d’othair a thugann aghaidh ar mháinliacht mhór

Líon na n-obráid mhór



Is cur chuige ráthúil struchtúrtha comhoibríthe í comhdháil Fhoireann Ildisciplíneach GI Uachtar i leith bhainistíocht othar. Pléadh 84% de na hothair nua-dhiagnóisithe i 2009 ag an gcruinniú FID seachtainiúil. Éascaíonn an nasc teileachomhdhála le Ospidéal Thulach Mhór cumarsáid chuimsitheach idir an tUas. Johnston/ an tUasal Hehir agus an fhoireann GI Uachtar san Ospidéal Naomh Séamas. Tarlaíonn atreorú othar chuig Ospidéal Naomh Séamas le haghaidh tuilleadh chúram speisialaithe



de thoradh ar díospóireacht maidir le othair nua-dhiagnóisithe ansin.

Fanann clinicí Roinn GI Uachtar Othar Neamhchónaithe leanúnach gach Céadaoin agus Déardaoin agus leanann máinliacht gach Luain agus Aoine.

Éasafagas Bairéid

D'fhorbair clárlann daoine i mbaol ailse éasafagach ag Ospidéal Naomh Séamas chun galarchosc agus diagnóis níos luaithe an ailse seo a d'fhéadfadh a bheith millteach chur chun cinn. Tá clárlann na n-othar le Éasafagas Bairéid, riocht a bhaineann le teagmháil fhadtéarmach an éasafagais le haife aigéid, bainteach le riosca méadaithe faoi dhachead nó thart ar riosca bliantúil duine as gach 200 a bhfuil ailse orthu. Cuimsíonn an clárlann eolas othar cuimsithe, a éascaíonn maoiseacht, oideachas agus taighde. Meastar go bhfreastalaíonn breis is 1,000 othar ar Ospidéal Naomh Séamas le Éasafagas Bairéid atá ar chlár maoirseachta faoi láthair.

Bunaíodh grúpa ildisciplíneach faoi stiúradh an tOll. John Reynolds agus an Dr. Dermot O'Toole. Is é feidhm an Ghrúpa seo ná cóireáil in aghaidh Éasafagas Bairéid a athbhreithniú agus a fheabhsú. Ghéill an Grúpa do thacar sonraí do bhailiúchán gach sonraí bainteach don riocht seo. Gintear tuarascálacha chun othair a aithint a theastaíonn maoirseacht

agus cúram leanúnach uathu. Éascaíonn sé seo díriú ar galarchosc ailse éasafagach agus ceadaíonn sé seo aithint tuilleadh ailsí ag céim inleasaithe. Ghin an Grúpa Bairéid polasaí maoirseachta cuimsitheach agus tá sé seo le fáil i ngach seomra lonscópachta le haghaidh an fhoireann liachta le leanúint. Ghin an grúpa bileog freisin d'othair a bhfuil an riocht seo orthu. Fuaireamar go bhfuil na hothair a léigh an bhileog seo níos feasaí faoina riocht agus cuidíonn sé seo imní nach gá a mhaolú.

Bunaíodh clinic Bairéid agus tionóltar ar bhonn coicise. Tá an clinic seo uathúil mar tá sé tiomanta do ghalar sainiúil agus chuimsigh sé speisialtachtaí máinliachta agus liachta araon, agus is é seo an chéad cheann dá chineál in Éirinn atá tiomanta d'Éasafagas Bairéid.

I Márta 2009, rinneadh an chéad chóireáil eisidiú radaimhinicíochta in Éirinn d'othair le diospláise ar fear 65 bliain d'aois i gClinic Éasafagas Bairéid ag Ospidéal Naomh Séamas. Rinneadh an gnáthamh seo ag an Dr. Dermot O'Toole agus an tUasal Narayanasamy Ravi. Rinneadh é mar ghnáthamh simplí chúram lae.

I Nollaigh 2009, cheadaigh an Ciste Ailse Éasafagach maoiniúchán do Bhainisteoirí Sonraí Bairéid ag Ospidéal Naomh Séamas Ospidéal Beaumont, Ospidéal Naomh Lúcas i gCill Chainnaigh agus Ospidéal Ollscoil na Trócaire, Corcaigh

le trí bliana anuas. Tá sé mar aidhm aige Clárann Náisiúnta a bhunú i bPobacht na hÉireann, le Ospidéal Naomh Séamas a bheith chun tosaigh ina bhforbairt.

An tAonad Ionscópachta

Bhí méadú suntasach ar líon na ngnáthamh a rinnadh laistigh den aonad ionscópachta i 2009. Don chéad uair riamh rinneadh 5,000 ionscópacht ar an drólann. In ainneoin méadú suntasach ar líon na ngnáthamh bíonn cuspóirí amanna fanachta á gcomhlíonadh. Ghlac an tAonad Ionscópachta páirt in iniúchadh náisiúnta seachtainiúil amanna fanachta le haghaidh ionscópachtaí ar an drólann a dhéanann an FSS ó Shamhain 2009 ar aghaidh. Bhí an tAonad Ionscópachta Ospidéal Naomh Séamas oiriúnach gach seachtain i Samhain agus Nollaig faoi réir amanna fanachta d’othair phráinneacha agus ghnáthaimh. Mar a luadh thuas rinneadh an chéad chóireáil eisídiú radaimhnicíochta in Éirinn inár n-aonad ionscópachta. Is gnáthamh ionscópachta deaghlachta é a thairgíonn cóireáil ghníomhach, comh maith le gnáthfhaireachas d’othair a bhfuil metaplasia stéigeach (dysplasia de ghrád íseal), dysplasia ardghráid agus carcainóma inmhúcois luath orthu. Ceann de na buntáistí a bhaineann le eisídiú radaimhnicíocht ionscópachta loit réamhurchóidigh mar ghnáthamh lae ná go seachnaíonn sé an gá do mháinliacht oscailte in obrádlann, dianchúram ina dhiaidh sin agus cúram othar cónaithe iarobráide faidreiseach féideartha.

I Meán Fómhair 2009, d’fhorbair an t-aonad ionscópachta post Altraspeisialtóir Cliniciúil i nGalar Inne Athlastaigh. Maoirsíonn an t-Altraspeisialtóir seo cúram othar a bhfuil Galar Inne Athlastaigh orthu, ag soláthar tacaíocht othar ag diagnóis, i rith cóireála agus sa chéim iar-chóireála. Roimhe seo chonacthas, measúnaíodh agus cóireáladh breis is 450 othar. Beartóidh an Stiúrthóireacht GEMS go mbeidh méadú agus leathnú suntasach ar an tseirbhís seo go luath amach anseo, mar gheall ar na huimhreacha atreoruithe réamh-mheasta atáthar ag súil leo.

I Márta 2009 bhain Sharon Hough Uas., Ard-Altraspeisialtóir i nGaistrentreolaíocht clárú mar Altra Oideas.

Rinneadh na gnáthaimh ionscópachta seo a leanas san aonad:

Gnáthamh	Líon
Ionscópacht ar an drólann	5,003
Cisteascópacht	970
ERCP	471
Bithóipse Trus	363
Ionscópacht ar an siogmóideach	287
Broncascópacht	968
OGD	6,576
Ileoscópacht	28

An tAonad Fheidhm Ghaistraistéigeach (GI)

Lean an gá do staidéir Fhiseolaíochta GI, rinneadh 3295 gnáthamh san iomlán i 2009, ba 59% acu atreoruithe seachtracha. Ba iad othair Ghalar Aife Gaightraistéigeach (GGIA) 90% den ualach oibre.

Thug an t-aonad teicníc inúchta nua isteach, monatóireacht pH coiscis chomhcheangailte 24u. Braitheann monatóireacht pH (Milli-pH) coiscis Aife Gaightraistéigeach agus aithníonn tarluithe aife aigéid agus neamh- aigéid. Is féidir é a úsáid in othair a bhfuil siomptóim dhianseasmhacha orthu agus iad ag fail teiripe liachta. Déanfaidh an scrúdú seo athnuachan ar an gcaoi ina ndéantar iniúchadh ar aife agus tá sé cabhrach i roghnú othar a mbainfeadh tairbhe as máinliacht frith-aife.

Ceapadh an príomhtheicneoir GI chun an aonaid i mbliana agus is é an chéad phríomhphost i bhFiseolaíocht GI le bheith ceaptha in Éirinn. Is é an tAonad Fheidhm GI an t-aon soláthróir amháin de sheirbhís atreoruithe náisiúnta agus an t-aon aonad iniúchta amháin a bhfuil lán-Chreidiúnú aige mar aonad seirbhíse agus traenála araon in Éirinn.

An tSeirbhís Úireolaíochta

In Iúil 2009 tharla tosú Chlinicí Próstatacha Mear-rochtana in Ospidéal Naomh Séamas. Soláthraíonn na clinicí cur chuige “aonionaid” d’othair a d’atreoraigh Dochtúirí Ginearálta le haghaidh iniúchtaí ar Ailse Phróstatach. Feidhmíonn clinicí laistigh den Aonad Ionscópachta dhá uair sa tseachtain in a bhfeictear othair sa Roinn GEMS OPD agus ina dtéann siad faoi bhithóipse má’s gá san aonad ionscópachta ar an lá céanna.

An Roinn Altranais Stóma

Soláthraíonn an Roinn Altranais Stóma in Ospidéal Naomh Séamas seirbhís altranais fhreagrúil, thacúil agus chumsitheach d’othair a bhfuil stómaí acu cheana féin nó a theastaíonn foirmiú stóma nó máinliacht atógalach inne agus lamhnáin agus bainistíocht fiostúl eintreachneasach uathu.

Tá an Roinn Chúram Stóma in Ospidéal Naomh Séamas gnóthach go buan agus tá dhá Altraspeisialtóir Chúram Stóma, Anna Fearon Uas. agus Siobhán McGovern aici faoi láthair. Déanann na Altraspeisialtóir Chúram Stóma athbhreithniú ar na hothair go léir a d’fhéadfadh go dteastaíonn stóma uathu i rith máinliachta pleanáilte. Lonnaítear na hothair le haghaidh stóma agus tugtar comhairliúchán dóibh maidir le himpleachtaí an stóma ar a saolta. Déantar athbhreithniú iarobráide ar na hothair nach n-atreoraítear roimh obráid mar gheall ar mháinliacht éigeandála ar iarratas.

Faigheann gach othar eolas maidir le féin-bhainistíocht a stóma, agus nuair is féidir, déantar é seo thar tréimhse ama roimh scaoileadh. Ag am scaoilte, beidh othair go hidéalach tar éis an spriccleibhéal inniúlachta is gá dóibh a bhaint amach chun a stóma a bhainistiú. Mura bhfuil othar neamhspleách nuair a scaoiltear é/í, múinfear cúramóir, cara nó gaol conas cúram an stóma a bhainistiú.

Roghnaíonn othair an fearas stóma ab fhearr leo agus a fheileann a nósanna maireachtála. Tugtar soláthar don othar agus é/í á scaoileadh agus déantar atreorú chuig cúram stóma pobail cuí nuair atá sé ar fáil. Ar shlí eile, déantar athleanúint ar othair inár Roinn Chúram Stóma Othar Neamhchónaithe. Tugtar sonraí teagmhála agus eolas cuí maidir le grúpaí agus eagraíochtaí tacaíochta do na hothair agus iad á scaoileadh.

Stiúránn an Roinn Chúram Stóma Cliniciúla Altrathreoraithe ar bhonn riachtanais agus éilimh. Déantar athbhreithniú ar riachtanais othar i réimsí ardoideachais, eolais, comhairle agus castachtaí fabhtcheartaithe a d'fhéadfadh a chur orthu.

Cuimsíonn ról na n-altraí chúram stóma freisin:

- Athbhreithnithe othar cónaithe filte
- Athbhreithnithe agus atreoruithe othar neamhchónaithe
- Láimhseáil glaonna gutháin agus ceisteanna
- Comhairle ar bhainistíocht créachtaí agus draenála
- Eolas maidir le foirmiú stóma, agus máinliacht atógálach
- Ag plé roghanna cóireála
- Eolas gnáthaimh
- Ag múineadh baill fhoirne agus daltaí
- Ag freastal ar laethanta staidéir agus comhdhálacha chun a choimeád suas chun data i gcleachtas reatha

	Stóma					
	2004	2005	2006	2007	2008	2009
Líon na n-othar a theastaíonn máinliacht stóma	111	104	137	134	144	162
Colastóime	54	53	59	68	66	70
Buan	20	32	29	44	41	49
Sealadach	34	21	30	24	25	21
Iléastóimí	46	39	69	55	66	92
Buan	22	21	25	22	22	53
Sealadach	24	18	44	33	44	39
Úraistóimí	8	10	9	10	11	19
Jejunostóimí	2	0	0	1	1	0
Othair a raibh déantúis spaga iléa- anasach acu	2	2	2	1	2	4
Othair a raibh dúnadh Stómaí sealadacha	17	8	26	30	14	26

Othair ag iarraidh cúram fíostúil/créachta	28	24	22	40	94	82
Líon na n-othar neamhchónaithe a chonacthas	332	248	380	374	330	477
Líon na n-othar cónaithe a chonacthas	281	225	372	376	284	243
Othar lonnaithe roimh obráid nach raibh foirmiú Stóma acu i rith obráide	62	47	44	64	49	54

Fócas Cliniciúil

Tá na hothair a atreoraíodh chuig na seirbhísí seo faoi chúram na máinlianna seo a leanas: An tUas. Stephens, An tUas. Mehigan, an tOll. Reynolds, an tUas Boyle agus an Dr. Gleeson, an tUas. Butt, an tUas. Lynch, an tUas. Grainger, an tUas. McDermott agus an tUas. Cooke.

Sa bhliain 2009, rinneadh 162 stóma nua san iomlán in Ospidéal Naomh Séamas.

- Stómaí Buana = 69
- Stómaí Sealadacha = 85
- Stómaí Maolaitheacha = 26

Líon iomlán de 243 othar cónaithe i 2009, a chuimsigh othair le créachtaí/draenacha a theastaigh eolas agus traenáil speisialaithe. Aisiompaíodh stóma de 26 dár n-othar chónaithe. Lonnaíodh 54 othar den iomán seo le haghaidh stóma, nach gcruthaíodh. Ár uimhir iomlán de hothair ná 477, a chuimigh athbhreithnithe iar-mháinliachta agus múineadh chúram stóma leantach san áireamh.

Seirbhísí a sholáthraítear i gClinic Stóma OPD

- Lonnú réamhobráide stóma
- Eolais réamhobráide
- Oiriúint tacáí heirne
- Measúnú agus bainistíocht fíostúil
- Teagmháil Ghutháin agus comhairle
- Atreorú chuig seirbhísí thacaíocht phobail
- Bainistíocht stoic sholáthar stóma
- Athbhreithniú táirge
- Athbhreithniú chraiceann peireastóim má táthar ag brath frithireachta
- Athbhreithniú stómaí tultite agus aistarraingthe
- Athbhreithniú scaradh stóma
- Oideachas othar agus teaghligh maidir le bainistíocht stóma
- Soláthar bileoga eolais d'othair agus don fhoireann
- Soláthar comhairle agus tacaíochta
- Soláthar athleanúna tar éis scaoilte
- Oideachas mhic léinn altranais

Stiúrthóireacht Éigeandála



An tUasal Patrick Plunkett

Stiúrthóir Cliniciúil

Noelle Wallace, Uasal

Bainisteoir Gnó

Caitriona McHale, Uasal

Bainisteoir Altraí

Réamhrá

Cuimsíonn an Stiúrthóireacht Éigeandála (ED) an Rannóg Éigeandála agus an tAonad um Mheasúnú Phian Chliabhach (CPAU).

Is é misean an Stiúrthóireachta ná sárchúram a sholáthar d'othair a thagann chun na rannóige, ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil laistigh de na hacmhainní sin a chuireadh ar fáil dúinn. Cuimsíonn ár bhfeidhmeanna cúram díreach d'othair, seirbhísí tacaíochta, feidhmeanna riaracháin agus gníomhaíochtaí acadúla agus traenála.


Dúshlán

Dúshlán mór leis na blianta beaga anuas ná an t-iarraicht chun tréachur éifeachtúil a chinntiú do na hothair go léir, ón gcéad fhreastal go dul abhaile nó admháil go leaba ospidéil. D'fhéadfadh mórán othar a sheoladh abhaile go sábháilte tar éis iniúchta suntasaigh amháin, a chaithfear a bheith comhordaithe le ranna eile, a bhfuil sceideal áirithe gnóthach ag gach ceann acu cheana féin. Go háirithe, caithfear Íomháu Diagnóiseach, Saotharlanna Soithíocha agus Cairdiacha agus Ionscópacht a mholadh as ucht na tacaíochta thar cionn a sholáthraíonn siad. Gan iadsan, agus na disciplíní éagsúla sa Stiúrthóireacht LabMed, ní bheadh muid ábalta a fheidhmiú mar Roinn Éigeandála nua-aimseartha, bheadh ár n-amanna tréachuir níos mó agus bheadh ár ráta admhála níos airde, mar gheall ar choimpléascacht láithreoireachtaí na n-othar.


Tarlaíonn plódú agus neamhábaltacht othair nua a phróiseáil mar gheall ar theip ar othair a ghlanadh a láimhseáladh, beidh muid níos neamhéifeachtúil de thoradh air sin. Dá mhéad éifeachtúla gurb féidir linn a bheith ag scaoileadh othar tar éis chúram éigeandála, cé acu go leaba barda nó abhaile, is amhlaidh is mó spas atá again chun othair a fheiceáil laistigh den RÉ. Mar sin, ginfidh rath rath.

Ár dúshlán is mó i mbliana ná déileáil le géarchéim H1N1 ó Mheitheamh ar aghaidh. Ba an leibhéal bagartha a d'athraigh go leantach agus an gá chun sábháilteacht fhoirne agus a othar a chinntiú ualach suntasach ar mheanma foirne agus a gcumais fhisiciúla chun obair a dhéanamh in éadaí cosanta agus maisc le tréimhsí faidréiseacha. Bhí cur chuige na foirne profisiúnta agus chinntigh sé go láimhseáladh othair “fhlíú” agus ár ngnáthchohórt othar tinn agus gortaithe araon chomh éifeachtúil agus is féidir, in ainneoin gur thit líon foirne suntasach tinn le “fhlíú”.

Líon na n-othar a scaoileadh abhaile



Am iomlán do na hothair go léir ag freastal ar RÉ



Beidh an caighdeán FSS de fhad uasmhéid 6-uair do chuile othar ollmhór, agus d'fhéadfadh go mbeidh sé inár ndúshlán is mó don bliain seo chugainn. Ní féidir leis seo a bhaint amach laistigh den RÉ amháin. Teastaíonn tacaíocht tiomanta uaidh ónar gcomhghleacaithe inmheánacha agus ón ngéag Príomha, Pobail agus Leantach de Stiúrthóireacht Sheirbhíse Comhtháite de FSS.

Ard-Altraspeisialtóirí

Le tríú bliain déag anuas, cóireáladh beagnach 75,000 ag ard-altraspeisialtóirí sa Roinn Éigeandála seo. Chuir an

saineolas a forbraíodh go mór le forbairt an ról AAS i ranna éigeandála uirbeach agus tuaithe ar fud na tíre. Tá sé dea-aitheanta go bhfuil an ról seo rithábachtach do phleananna athchumrú Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte dá Seirbhísí Éigeandála.

Solathraítar modúl Ardscileanna Cliniciúla in Altranas Éigeandála mar chuid de MSc in Altranas agus mar mhodúl neamhspleách araon. Roimhe seo traenáladh tríocha AAS trínár modúl cliniciúil, ag seasamh do 90% de AAS ag obair i ranna éigeandála sa tír seo.

Cheadaigh Rialúchán Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint ar Radaíocht Ianúcháin Liachta) (Leasú) 2007 (I.R. 303) d'altraí le bheith ina n-oideasóirí Radaíocht Ianúcháin. I 2009, cheadaigh An Bord Altranais gur chomhlíonaigh ár modúl AAS na ceanglais reachtúla, ionas go mbeidh iad ag críochnú na traenála seo ullmhaithe le bheith ina oideasóirí neamhspleácha de Radaíocht Ianúcháin.

An tAonad um Mheasúnú Phian Chliabhrach

I 2009, bhí Altraspeisialtóirí Cliniciúla agus Ard-Altrachleachtóirí (Cairdeolaíocht Éigeandála) freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar 1,253 ag teacht le pian chliabhrach chuig an RÉ. Cuimsíonn a ndualgais bhreise traenáil i míniú ECG agus BLS d'fhoireann altranais agus liachta.

Admháladh 641 othar chuig aonad mheasúnú phian chliabhrach (CPAU) i 2009. Scaoileadh 64% go sábháilte laistigh de 24 uair. Teastaíonn ó othair le measúinthe mínormálta admháil níos faide de bharr go dtéann siad ar aghaidh go angagrafaíocht diagnóiseach. Theastaigh ó 147 othar angagrafaíocht diagnóiseach, a raibh 60% acu mínormálta. Tugadh isteach angagrafaíocht chorónach, faoi stiúradh cliniciúil an Dr. Ross Murphy, thart ar dheireadh 2008, chun an gá d'angagrafaíocht diagnóiseach a laghdú sna cásanna sin le measúinthe débhríocha. I 2009, chuaigh 94 de na hothair sin faoi CTCA. Taispeánadh go raibh galar ag iarraidh angagrafaíochta ag 19 daoibh, le angagrafaíocht ionrach seachanta sa 75 othar eile.

Tar éis scaoilte ó CPAU, déantar athbhreithniú ar na hothair go léir i gclinic athbhreithniú CPAU ultra-threoraithe, ina bhfuil measúnú agus athrú thoisc riosca mar phríomhfhócas. Bhí ráta freastail de 97%.

Mar chuid de bheart dhearbhu cáilíochta, rinneadh iniúchadh ar na hothair go léir a scaoileadh go díreach ó RÉ tar éis láithreach le pian chliabhrach thar tréimhse 2 míosa. Chinntigh sé seo cloí cuí le prótacail na roinne, gan cás scaoilte míchuí mar bith aitheanta I gcomhar leis



an roinn chairdeolaíochta, dhaingnigh muid ár bpróisis iniúchta idirghabhálacha ‘criticiúla ó thaobh ama’ do STEMI (ionfharctadh miócairdiach ardú deighleoige-ST). Tá na amanna meánacha don chéad leicteacardagram 12-seolán faoi 12 nóiméad. De gnáth, soláthraítear reperfusion ar bhonn 24/7 mar angaplaiste ionfharctha díreach ag an tseirbhís chairdeolaíochta. Is é 89 nóiméad an t-am meánach atá laistigh de na spriocamanna idirnáisiúnta do dheachleachtas.

Oideachas, Traenáil agus Taighde

Stiúir an tUas. Abel Wakai, Comhairleach Ionaid, i gcomhar leis an tUas. Patrick K Plunkett, ina ról mar Chathaoirleach Bhord Náisiúnta na hÉireann ag Coláiste Liacht Éigeandála, an chéad chéim den bpróiseas Delphi dírithe ar PTF (Príomh-Tháscairí Feidhmíochta) a mhíniú do Ranna Éigeandála na hÉireann. Leanfaidh ar aghaidh air seo i 2010 le dhá bhabhta breise den bpróiseas Delphi. Táthar ag súil ag gcuirfidh sé seo le clár cáilíochta HIQA.

Tionóladh cúrsa darb ainm dó “Athbhreithniú Liacht Éigeandála” a d’fhorbair an tUas. Wakai, dhá uair. Díródh é seo ar iad ag teacht chun scúdú chomhaltacht Choláiste Liacht Éigeandála.

In oirchill réamhaisnéis phaindéimeach H1N1 do na míonna geimhridh 2009, chríochnaigh an fhoireann altranas Roinn Éigeandála clár bunúsach Thraenáil Aerthóra. Bhí sé seo

luachmhar go háirithe i ndéileáil leis na hothair eile atá i mbaol báis le neamhdóthanacht riospráide.

Chríochnaigh ceithre altra foirne an Dioplóma larchéime in Altranas Speisialtóra (Timpiste & Éigeandála) ag Coláiste na Tríonóide. Ghlac sé altra foirne sa roinn páirt sa Bhunchúrsa Rionn Éigeandála. Chuaigh na haltraí foirne a chríochnaigh an Bunchúrsa ar aghaidh chun an Clár Thraenáil Athbheochana. Chríochnaigh aon bhall foirne is fiche an Clár Thraenáil Athbheochana Nuabheirthe a thionóladh an tOspidéal na mBan, an Cúm agus Ospidéal Ollscoile na bPáistí.

Leanann an traenáil FETAC do Chúntóir Chúram Sláinte a bheith mar an chéad Mhodúl Éigeandála FETAC a bheith feidhmithe i Meán Fómhair. Chríochnaigh ceithre HCA an modúl le mairc le gradam agus le tuillteanas.

Le tacaíocht agus cúnamh na gcomhghleachaithe i Scoil Liachta, Coláiste na Tríonóide agus ár gcomhospidéal, d’fhorbair muid modúl fochéimithe nua dírithe ar mhic léinn liachta dheireadh bliana, bunaithe ar léachtaí, ranganna teagasc agus cléireachais chliniciúla. Cumasaíonn gach mac léinn liachta dheireadh bliana taitheí Chúram Criticiúil a rochtain, 60% acu i Ranna Éigeandála, an 40% eile in Aonaid Dianchúraim.

Óimige



Patricia Eadie, Uasal
Stiúrthóir Cliniciúil

Shona Schneemann, Uasal
Bainisteoir Gnó

Dympna St. John Coss, Uasal
Bainisteoir Altraí

Réamhrá

Cuimsíonn Stiúrthóireacht Óimige na saincheirdeanna seo a leanas:

- Máinliacht Phlaisteach agus Atógalach
- An tAonad Náisiúnta Dónna (Daoine Fásta)
- Máinliacht Ortaipéideach
- An tAonad Mháinliacht Mhascaille agus Bhéil
- An tAonad Ortadóntach/Próisteadóntach Scoilte

Cuimsíonn an stiúrthóireacht barda Anne Young, barda Abraham Colles, an Roinn Mháinliacht Phlaisteach d' Othair Neamhchónaithe ag ionchorprú mionmháinliachta, an Roinn d'Ortaipéideach Othair Neamhchónaithe ag ionchorprú seomra plástair thiomanta, an tAonad Mhascaille agus Bhéil agus Ortadóntach Scoilte ag ionchorprú seomraí ghnáthamh Mhascaille agus Bhéil/Ortadóntach Scoilte/Próisteadóntach agus an tsaotharlann Mhascaille agus Bhéil.

Forbairtí in 2009

- Ag bunú eagraíocht Stiúrthóireacht Óimige agus struchtúr Bainistíochta, oifigí Stiúrthóireachta
- Traschur riarachán agus fhoireann Altranais OPD
- Ceapachán Riarthóir Stiúrthóireachta agus Bainisteoir Altra Cliniciúil do sheirbhísí OPD

- Traschur dualgais Airgeadais agus AD
- Bunú chórais IMS nua – CORE, Aithint Gutha, Deachtú Digiteach
- Athbhreithniú ranna, córas agus próiseas
- Forbairtí Comhairleacha
- Ba mhaith le Comhairligh agus foireann Stiúrthóireacht Óimige aitheantas a thabhairt don ranniocaíocht a thug an tUas. Frank Brady don Roinn Mhascaille agus Bhéil agus scor sona a ghuí air. Ghlac an tUas. Gerard Kearns an post mar Mháinlia Comhairleach Mhascaille agus Bhéil. Bhí an rath ag an tUas. Niall Hogan agus an tUas. Tom McCarthy ag an agallamh do phostanna mar Chomhairligh Ortaipéideacha. Ba mhaith leis an Stiúrthóireacht aitheantas a thabhairt don saineolas a thugann siad dá speisialtachtaí

Máinliacht Mhascaille agus Bhéil

Is aonad tánaisteach/treasach/náisiúnta atreorúcháin é an t-Aonad Náisiúnta Mhascaille agus Béil a bhaineann le:

- Tráma aghaidhe
- Ceartú míchumaí aghaidh agus carball broinne agus faighte
- Ailse bhéil agus máinliacht atógála
- Galar fhaireog sheileach
- Paiteolaíocht dhéid-aibheolach agus oro-aghaidhe
- Ionchlannáeolaíocht
- Ionchlanneolaíocht

Forbairtí i 2009

- Gnáthaimh Mhascaille agus Bhéil/ Ortadóntach Scoilte/ Próisteadóntach OPD a aithníodh mar gnáthaimh lae
- Aontuithe leibhéal seirbhíse a bhunaíodh do sheirbhís ortagnatach

An tAonad Ortadóntaice Scoilte

Is seirbhís threasach atreorúcháin é an tAonad Ortadóntaice Scoilte um bainistiú ortadóntaice leanaí agus daoine fásta a rugadh le bearna mhíl, carball scoilte agus iomrall cráiniaéadanach.

Tionóltar clinici ildisciplíneacha scoilte rialta in Ospidéal Naomh Séamas, in Ospidéal Ollscoile na Leanaí Shráid Temple agus in Ospidéal Mhuire na Leanaí mar chuid d'ionad scoilte mhórchearntar Bhaile Átha Cliath. Tionóltar comhclinici chomh maith le comhghleacaithe i Máinliacht Mhascaille agus Bhéil, i bPlastigh agus i bhFiaclóireacht Aisiríoch.

Coimeádann an Comhordaitheoir Scoilte an bunachar sonraí agus comhordaíonn rian chúram aonair an othair.

An tAonad Próisteadóntach

Feidhmíonn an tAonad Próisteadóntach mar ionad treasach atreorúcháin do bhainistíocht Phróisteadóntach othar a bhfuil riachtanais bhearna mhíl agus charbaill orthu agus cuimsíonn sé seirbhís theoranta um athshlánú inbhéalach próistéiteach othar ailse chinn agus mhuiníl ó Ospidéal Naomh Séamas agus ó Ospidéal Naomh Muire um Leanaí Breoite, Cromghlinn.

Saotharlann Mhascaille agus Bhéil

Cuireann an tSaotharlann Mhascaille agus Béil sainseirbhísí ar fáil do Chomhairligh Mhascaille agus Bhéil lena n-áirítear:

- Pleanáil Ortagnatach & Máinliacht Mhionsamhlach
- Próistéitic Mhascaille agus Bhéil
- Athchóiriú Próistéiteach
- Tacaíocht theicniúil um Mhíchumaí Scoilte/Cráinia-éadanacha
- Maisc Bhrú d'Othair le dónna aghaidhe

Máinliacht Ortaipéideach

Pléann an rannóg ortaipéideach le hualach oibre suntasach tráma mar aon le sainobair sna réimsí seo a leanas:

- Seirbhís ortaipéideach haemaifilia
- Máinliacht ilchasta cos agus rúitín

Forbairtí i 2009

- Clinici briste tiomanta d'othair nua agus fhillte
- Tionscadal scaoileadh fhisiteiripe (piolótach)

Máinliacht Phlaisteach agus Atógálach – Forbairtí

Leanann an Rannóg Mháinliacht Phlaisteach agus Atógálaach ag cur máinliacht ghinearálta phlaisteach agus atógálach ar fáil le comhairligh a bhfuil saineolas acu sna réimsí seo a leanas:

- Máinliacht láimhe
- Máinliacht aghaidhe
- Dónna
- Ailse Chraicinn
- Atógáil Chinn agus Mhuiníl
- Máinliacht agus atógáil chíce
- Máinliacht Chluaise
- Cleft lip & palate

Bearna mhíl agus carball scoilte Bhí laghdú ar othair a atreoraíodh chuig an tseirbhís tráma a cheaptar go bhfuil sé de bharr an chor chun donais eacnamaíoch agus go háirithe sa tionscadal tógála. D'fhéadfadh an laghdú ar othair a chur i leith shláinte & shábháilte san ionad oibre.




Forbairtí i 2009

- Athchóiriú roinn Mháinliacht Phlaisteach d'othair neamhchónaithe ag tabhairt seomraí cliniúla breise agus stiúideo ghrianghrafadóireachta tiomanta
- Seirbhís lí d'othair agus traenáil Fhoireann Altranais bhreise chun bainistíocht riain a chuimsiú
- Clinic comhphárteach Mháinliacht Phlaisteach/aipse chraicinn deirmeolaíochta
- Tionscadal leapacha cosanta

An tAonad Náisiúnta Dónna

Admháladh 134 othar i 2009, 64.93% fireannach agus 35.07% baineanach. Ba é 45.1 bliain an t-aois mheánach i rith admhála (admháladh 4 othar chuig an t-Aonad Dónna don dara uair sa bhliain fhéilire chéanna). Tugann an chairt thall sonraí faoi chúis admhála do 2009.

Cúis admhála 2009



Máinliacht Shoithíoch agus Ionshoithíoch



An tUasal Dermot Moore

Ceann Roinne

An Uasal Prakash Madhavan

Máinlia Soithíoch

An Dr. Mary Paula Colgan

Léachtóir Sinsearach

An Dr. Sean O'Neill

Máinlia Soithíoch

Réamhrá

Tá trí ról lárnacha ag an Roinn Máinliacht Shoithíoch laistigh den ospidéal.

- Measúnú agus bainistiú d'othair a bhfuil galar artaireach orthu; idir ceirbreashoithíoch agus forimeallach
- Seirbhís chuimsitheach fhéitheach
- Measúnú soithíoch neamhionsaitheach do na Ranna go léir laistigh de ospidéal agus do go leor ospidéil sheachtracha

Forbairtí i 2009

- Feidhmiú trí dheisiú hibrideach ainéaras thóracasach-bhoilg, na céad cinn dá gcineál in Éirinn
- Cóireáil ainéaras boilg aortaigh heirne trí theicnící ionshoithíocha
- Leathnú leantach an chlár EVAR le laghdú suntasach ar chostais chóireála i gcomparáid le hathchóiriú oscailte
- Leathnú chóireáil léasar inféithigh go dtí cásanna níos coimpléisce
- Bunú foirne ildisciplínaigh do bhainistíocht chosa diaibéiteacha deacra

Síciatracht



An tOllamh Brian Lawlor

Stiúrthóir Cliniciúil

An tUasal Oliver Claffey

Stiúrthóir Altranais

An tUasal Ray Bonar

Bainisteoir Sheirbhísí Sláinte Intinne

Réamhrá

Tá codanna ar leith ag Síciatracht in Ospidéal Naomh Séamas.

Tá an tseirbhís phobail mar chuid de Sheirbhísí Sláinte Intinne Chathair Theas Bhaile Átha Cliath agus soláthraíonn sí seirbhís do dhobharcheantar 134,700.

I measc na seirbhísí tá:

- Cúram othar cónaithe sa Chlinic Jonathan Swift
- Síciatracht Phobail atá earnáilbhunaithe agus roinnte idir an chathair istigh (An Chamóg agus Droimeanach) agus ceantar fho-uirbeacha (An Dothra Bheag)
- Síciatracht na Seanaoise, a sholáthraíonn géarchúram othar cónaithe in Aonad Conolly Norman, Aonad Jonathan Swift, seirbhís idirchaidrimh don ospidéal ginearálta do na othair thar 65 bliain agus seirbhís phobail do pobal dobharcheantair 20,000 duine thar aois 65 bliain
- Soláthraíonn an tSeirbhís Liacht Síceolaíochta, atá lonnaithe san ospidéal ginearálta, seirbhís Chomhairliúcháin-Idirchaidrimh don ospidéal ginearálta agus í ag obair go dlúth le seirbhísí pobail ag Clinic Jonathan Swift

- Cuimsíonn disciplíní laistigh den Sheirbhís Sláinte Intinne Chathair Theas Bhaile Átha Cliath liachta, altranas, síceolaíocht, teiripe shaothair agus obair shóisialta. Soláthraíonn foirne ildisciplíneacha cúram trí úsáid a bhaint as pleananna cóireála aonair

Bhí 461 iontráil sa chlinic Jonathan Swift in 2009. Ba iontrálacha nua 191 acu agus coinníodh 50 othair faoi Achtanna Sláinte Intinne 2001. I Síciatracht Aosach Ginearálta, bhí 314 measúnú nua. I Síciatracht na Seanaoise, bhí 273 measúnú nua agus 676 measúnú Idirchaidrimh nua.

Forbairtí i 2009

Tharla trasdul suntasach agus athrú pearsanra le linn 2009. D'fhill an Dr. Bernadette Cullen ar na SA agus ceapadh an Dr. Sean O'Domhnaill mar shíciatraí comhairleach ionaid i CAMAC.

Athraíodh pleananna chun an tAonad Thacaíocht Lae agus Ospidéal Lae Martha Whiteway a athlonnú go dtí an seansuíomh i Mí mar gheall ar aistarraingt mhaoiniú caipitil FSS. Leanfaidh an tOspidéal lae Martha Whiteway ar aghaidh i suíomh difriúil i gcampas Ospidéal Naomh Pádraig ar feadh bliana amháin eile, agus bogfaidh an tAonad Thacaíocht Lae go Brú Chaoimhin i 2010.

Riarachán

I rith 2009, chuaigh Ciorclán AD an FSS 15/2009 i bhfeidhm ar an tseirbhís, a chuir moratorium ar earcaíocht foirne de ghráid áirithe. Cailleadh 2 Altra, 1 Síciatraí, 2 Teiripeoir Saothair, 3 Ball Fhoireann Teaghlach. Bhí ar an tseirbhís a n-acmhainn reatha a athcheartú chun cailleadh na bpostanna seo a chúiteamh.

Síciatracht na Seanaoise

Ceapadh an Dr. Jeannette Golden chun post buan chomhairleach (0.5) Shíciatracht na Seanaoise. Ghlac an Dr. Odile Hally post ionaid comhairleach máithreachais sa roinn.

Bronnadh tacaíocht deontais breise €200,000 le haghaidh staidéir ar Uaigneas i nDaoine Aosta ar an tOllamh Lawlor.

Síceolaíocht

Lean an Roinn naisc a bheith aici leis na scoileanna traenála éagsúla creidiúnaithe i Síceolaíocht & Síciteiripe agus chuir sí lena croífhóireann le socrúcháin chliniciúla Síceolaíochta agus Síciteiripeach. I 2009, sholáthraigh sí 9 socrúchán cliniciúil mar sin ag soláthar acmhainn cliniciúla breise ag teastáil go géar agus ag cur le traenáil agus forbairt phroifisúnta. Stiúir an Roinn Clár Thraenáil Thús Eolais ar Shíciteiripe an-rathúil le rith 20 seachtaine a d'fhreastail ionadaithe ó Theiripe Shaothair,

Obair Shóisialta, Altranas, Síciatracht agus Síceolaíocht. Leann an Roinn ag stiúradh réimse idirghabhálacha grúpa, grúpa othar cónaithe, grúpa réamhscaoilte, grúpa 'choimeád slán', grúpa fear agus grúpa imní san áireamh. Chiallaigh lion foirne laghdaithe nach raibh muid ábalta clár DBT ag teastáil go gear a stiúradh mar a phleanáladh.

An Roinn Acadúil Síciatrachta

Bhí bliain an-rathúil ag an Roinn Acadúil Síciatrachta i 2009 ar bhonn cliniciúla, taighde agus múinte.

Bhí gníomhaíocht taighde dian i rith 2009 le forbairtí tábhachtacha i roinnt réimsí a léiríodh i liosta foilseachán forleathan (féach rogha thíos). Sheas trí réimse amach i rith 2009. An chéad cheann ná ár mbaint le staidéir ghéineolaíochta il-aonaid i scitsifréine mar chuid de Chuibhreas Scitsifréine Idirnáisiúnta. An dara réimse ná staidéar mórsála cosúil in Uathachas. An tríú réimse ratha ná ár n-obair i dtuiscint na n-éifeachtaí feidhmiúcháin daonna a bhaineann le géiní riosca i síocóis a d'aithin staidéir ghéineolaíochta.

D'fhorbair ról múinte na roinne i rithe 2009 freisin le tabhairt isteach cúrsa nua sa bhliain dheiridh a bhaineann le síciatracht idirchaidrimh agus réimsí eile ina n-idirghníomhaíonn sláinte fhísiciúil agus síceolaíocht le chéile.

An tSeirbhís Liacht Síceolaíochta

Thar an bhliain seo caite, tharla tacaíocht agus traenáil in idirghabhálacha alcóil agus achomaire don aonad mheasúnú géarliachta. Seo breis do rannpháirtíocht i gcomhdhálacha liachta ginearálta agus máinliachta i mhúineadh ar an ábhar seo. Sholáthraíodh traenáil shonrach ar bhonn rialta, le roinn éigeandála i mbainistíocht theacht i láthair dochtúra síciatraigh. Rinneadh traenáil in sícinceolaíocht, don fhoireann in Ospidéal Naomh Séamas agus ar fud na tíre. Rinneadh é seo trí chúrsaí tiomanta, ach trí rannpháirtíocht i gcuinníú ildisciplíneach cuí freisin.

Leantar ar aghaidh le roinnt tionscadal taighde. Leanadh idirghabháil iompair chognaíochta bunaithe ar aireachas leis an gclár píolótach a chríochnaíodh. Rinneadh obair eile maidir le tnáitheadh i measc na foirne agus tuirse in aise. Cuimsíonn tionscadail eile measúnú tuirse in othair iar-stróc i gcomhar le seirbhís stróc ag Ospidéal Naomh Séamas.

Stiúrthóireacht LabMed



An Dr. Brian O'Connell
Stiúrthóir Cliniciúil

An tUasal John Gibbons
Bainisteoir Saotharlainne

Réamhrá

Tagann na ranna saotharlainne cliniúla seo a leanas faoin Stiúrthóireacht LabMed: Bithcheimic Chlinice, Diagnóisic Mhóilíneacha ailse, Haemaiteolaíocht (ag ionchorprú Théachtadh agus Chrióbhitheolaíocht), Histeapaiteolaíocht (ag ionchorprú Chíteaphaiteolaíocht), Imdhíoneolaíocht, an tSaotharlann Tagartha Miceabhaictéir na hÉireann (IMRL), Micribhitheolaíocht (ag ionchorprú Víreolaíocht agus Smachtú agus Cosc Ionfhabhtaithe), an tSaotharlann Tagartha MRSA Náisiúnta (NMRSARL), Fleibeatóime agus Liacht Aistriú Fola.

Tá Stiúrthóireacht LabMed freagrach as bainistíocht agus as forbairt iomlán Sheirbhísí Shaotharlann Phaiteolaíocht Chliniciúil mar thaca le Ospidéal Naomh Séamas, dochtúirí ginearálta (DGanna), ospidéal eile agus gníomhaireachtaí seachtacha ar fud na tíre. Feidhmíonn sé mar shaotharlann tagartha ar fud na tíre, do mórán speisialtóirí i liacht shaotharlainne.

Creidiúnú/Ceadúnú

Creidiúnaítear gach disciplíní liacht shaotharlainne de réir chaighdeán Chreidiúnú Phaiteolaíocht Chliniciúil (CPA) (ag ionchorprú ISO 15189):

- Bithcheimic
- Diagnóisic Mhóilíneacha ailse
- Haemaiteolaíocht (ag cuimsiú an tSaotharlann Téachta den Ionad Náisiúnta do Ghalair Théachta Oidhreachtúla (NCHCD)

- Histeapaiteolaíocht (ag ionchorprú Chiteapaiteolaíocht)
- Imdhíoneolaíocht
- An tSaotharlann Tagartha Miceabhaictéir na hÉireann (IMRL)
- Micribhitheolaíocht
- An tSaotharlann Tagartha MRSA Náisiúnta (NMRSARL)
- Fleibeatóime

Creidiúnaítear Liacht Aistriú Fola, ag ionchorprú Haemafhaireachas de réir caighdeán ISO 15189 agus AML-BB (SI 360 de 2005) ó Bhord Creidiúnú Náisiúnta na hÉireann (INAB).

Tá an ceadúnú riachtanach ag **Bunaíocht Fhíochán Ospidéal Naomh Séamas** ag ionchorprú an tSaotharlann Chrióbhitheolaíochta chun feidhmiú mar Bunaíocht Fhíochán ó Bhord Leigheasra na hÉireann (IMB) tar éis iniúchta de réir treoir an AE 2004.23.EC; 2006/17/EC agus 2006/86/EC (SI 598 de 2007 agus SI 158 de 2006).

Forbairtí/Tionscadail

Forbairtí Infreastruchtúra

Thosaigh forbairt croíais saotharlainne do chóras saotharlainne uathobrithe iomláine do mheasúnachtaí ardtoirte i mbithcheimic, haemaiteolaíocht, imdhíoneolaíocht i 2009. Is athchumraíocht í an áis seo, in éineacht le lárúchán na gceantar saotharlainne seo chun próiseáil eiseamal cliniúil a fheabhsú de réir prionsabal Lean agus dea-chleachtas saotharlainne. Agus é críochnaithe, dlíte sa chéad cheathrú de 2010, beidh sé sa chéad áis dá mhéad sa tír.

Tionscadail Theicneolaíocht Fhaisnéise

Tharla forbairt agus tabhairt isteach modúl chumarsáid ordú DG (OCM) de Healthlink i Meitheamh 2009. Roimh Nollaig 2009, bhí 50% de DGanna ag baint úsáide as an gcóras go rathúil. Tá feabhsuithe breise ag dul chun cinn, go háirithe sa mhódul a chur i gcomhéadan le córas bhainistíocht chleachtas DG. Is é an aidhm ná úsáid 90% ag DGanna roimh an 4ú cheathrú de 2010.

Trealamh Nua

D'eisigh tairiscint d'éadail threalamh imdhíon-mheasa nua i 2009 agus beidh sí críochnaithe go luath i 2010. Críochnaíodh trealamh nua agus nuashonraithe i haemaiteolaíocht freisin. Bhí sé seo mar chuid de phlean forbartha iomlán do chórais uathobrithe iomlán sa chórais saotharlainne.

Ualach oibre

Mhéadaigh an t-ualach oibre ó thaobh istigh den ospidéal faoi leibhéil 6% san iomlán, leis an bpríomhmhéadú i Histeapaiteolaíocht de thoradh ar ainmniú an ospidéal mar aonad aille. Bhí laghdú 3% ar obair ó DGanna in aghaidh

leibhéal 2008. Ba é faoi 2.1 milliún an t-uimhir iomlán de iarratais eiseamal, a sheasann do 6.8 milliún toradh scrúduithe intuarascála. An ranníocaíocht Ospidéal Naomh Séamas don ualach oibre ná 65% agus do na DGanna ná 26%, an t-iarthar ag teacht ó ospidéal eile ar fud na tíre chomh maith le Baile Átha Cliath. Imlíntear figiúirí ualach oibre-2009, bunaithe ar iarratais saotharlainne, i Tábla 1.

Iarratais na Stiúirtheachta LabMed 2009

Roinn	Iomlán Tiom. 2008	Iomlán Tiom. 2009	% Méad/laghd 09/08
Haemaiteolaíocht	516,613	528,031	2
Téachtadh	177,441	180,118	2
Aistriú fola	34,948	32,647	-7
Bithcheimic	768,446	734,715	-4
Micribhitheolaíocht	361,794	350,282	-3
Hista – blocanna*	71,640	78,940	10
Cíteolaíocht**	15,119	4,513	-70
Imdhíoneolaíocht	134,737	134,574	-1
CMD	4,226	4,438	5
Iomlána in aghaidh an ospidéal	2,080,738	2,048,258	-1.5

TÁBLA 1 * Is éard is Histo-Blocanna ann ná meán de ghníomhaíocht ualach oibre Histeapaiteolaíochta ** Laghdú Cíteolaíochta mar gheall ar Chíteolaíocht cheirbheacsach ag dul chuig an earnáil príobháideach

Oideachas agus Traenáil

Is ionad oideachais atá sa Saotharlann don MRCPATH, BSc agus MSC in Eolaíocht Bithleigheas agus Paiteolaíocht Mhóilíneach. Tá sé gafa go gníomhach le taighde agus tionscadail fhorbartha agus bíonn cáilíochtaí céime agus iarchéime de thoradh orthu go dtí leibhéal MD agus PhD agus foilsítear go leor acu in irisí a bhfuil piarmheasúnú déanta orthu. Tá tiomantas iontach ó gach ball foirne phroifisiúnta d'fhoghlaim agus d'fhorbairt agus tá baint ag an-chuid acu i gclár fhorbartha phroifí siúnta leanúnacha chomh maith le múinteoireacht in Ollscoileanna agus Institiúidí Teicneolaíochta. Is é bunról an tseirbhís saotharlainne cliniúla páirt ghníomhach a ghlacadh i dtaighde aistritheach, agus mharcáilte agus de riailréimeanna feabhasaithe do bhainistiú othar mar thoradh orthu agus ar leith agus chun páirt a ghlacadh i bhfoirne ildhisciplíneacha chun bainistiú éifeachtach othar a uasmhéadú freisin.

Saotharlann Haemaiteolaíochta

Cuireann an Roinn Haemaiteolaíochta seirbhís chuimsitheach saotharlann diagnóiseach ar fáil d'Ospidéal Naomh Séamas, d'ospidéal cheantar Bhaile Átha Cliath agus do Dhochtúirí Ginearálta.

Faigheann sé atreoruithe náisiúnta le haghaidh iniúchtaí speisialaithe. Tá tacaíocht saotharlainne don

obair Stiúrthóireacht HOPE, an Lárionad Náisiúnta Trasplandaithe Fola agus Smeara do Dhaoine Fásta agus an Lárionad Náisiúnta maidir le Neamhord Dúchasach Téachta (NCHCD) san áireamh, mar chuid lárnach d'obair na roinne. Tá an Roinn lonnaithe i dtrí réimse laistigh den Ospidéal, an tSaotharlann Paiteolaíochta Lárnaigh (CPL), An tIonad Náisiúnta do Neamhoird Téachta Oidhreachtuil (NCHCD) agus an Fóntas Gaschealla Crióbhitheolaíochta lonnaithe i bhfóntas seomra ionghlan coigiltis ar chíos san fhoirgneamh IBTS. Taobh istigh den tSaotharlann Paiteolaíochta Lárnaigh tá saotharlann áireamh na gcill agus moirfeolaíochta, an tsaotharlann cíteaméadrachta cliniciúla agus haemaglóibineapaite diagnóiseach speisialta agus an tsaotharlann haematinicí agus mhonatóireacht drugaí trasplandaithe.

Forbairtí

Forbraíodh cur chuige imdhíon-fheinitópála nua do shiondróim mhiallidospláiseacha mar chuid de thionscadal MSc agus tá sé comhtháite sa ghnáthsheirbhís dhiagnóiseach. Déanfaidh tionscadal MSc eile staidéar ar chanúint Ghliceapróitéin Pláitíne i macrathrombaicítipéine. Tá an modh lorgaireachta ghalar iarmharach íosta (MRD) sé-dhatah do Leioicéime Géarlímfí cíteach (CLL) anois mar chuid lárnach de thriail náisiúnta CLL ICORG (Grúpa Taighde Oinceolaíochta Cliniciúil na hÉireann), le measúnú MRD lárnaithe in Ospidéal Naomh Séamas.

Saotharlann Áireamh Na gCill Agus Moirfeolaíochta

Bhí méadú de 2.7% ar iarratais agus 5.1% ar scrúduithe sceo fola ag an rannán saotharlainne seo, a láimhseálann scrúduithe ardtoirte, agáí tapa slánúcháin i 2009. Tugadh isteach córas moirfeolaíochta digitigh, an Cellavision DM96, go hiomlán in úsáid ghnáthaimh agus cuireadh é i gcomhéadan leis an gcóras eolas saotharlainne, agus é tar éis a cheannach tar éis tréimhse tástála an bhliain roimhe sin. Ba é Ospidéal Naomh Séamas an chéad ospidéal in Éirinn a fuair an t-anailíseoir úrscóthach, dua-sheachanta seo mar chuiditheoir luachmhar do tuairiscíú mhoirfeolaíocht chill fola. Dhaingnigh an rannán maoiniú chun tuilleadh uathoibríthe mar ullmhú do thraschur go dtí an croishaotharlann uathoibríthe nua, a chuimsíonn sórtálaí sampla TS500, uasghrádú go dtí an córas anailíse FBC agus uathoibríú iomlán de thástáil ESR.

Cíteaméadracht Chliniciúil agus Haemaglóibineapaite

Bhí bliain ghnóthach í 2009 do Chíteaméadracht Chliniciúil, mhéadaigh ualach oibre faoi 24.5% in aghaidh an bhliain roimhe sin le 1,705 iniúchadh imdhíon-fheinitópála déanta. Roimh dheireadh 2009, fuarthas Flow Cytometer, an BD FACS Canto II. Tugann an uirlis trí léasar tacaíocht obair shreabhach cíteaméadrachta 8 dath/10 paraiméadair. Tar

éis bailíochtaíthe, tugadh isteach an uirlis chun sheirbhís ghnáthaimh agus baineadh triail as 8 painéal daite go rathúil. Tugadh isteach cíteaméadracht shreafa go rathúil i 2009, uirlis diagnóiseach úsáideach d'othair a bhfuil leioicéime/liomfóma CNS orthu. Críochnaíodh tionscadal M.Sc. go rathúil sa rannán saotharlainne, darbh ainm dó 'Iniúchadh ar Dyspoiesis mialóideach agus monaicíteach in siondróm miallidospláiseach ag úsáid Chíteaméadracht Shreafa ceithre dath' a oiriúnaíodh é sa seirbhís ghnáthaimh agus roghnaíodh coimriú na hoibre seo a cuireadh isteach do Chumann Haemateolaíochta na hÉireann mar láithreoireacht bhéil ag comhdháil i gCill Chainnaigh i Meán Fómhair 2009.

Mhéadaigh an t-ualach oibre in haemaglóibineapaití i 2009 le líon scagthástála is airde a rinneadh (6,781) ó thosnaíodh an tseirbhís Shaotharlainne. Ag tús na bliana ceannaíodh anailíseoir HPLC nua, leagan Blo-Rad II, a tugadh isteach i seirbhís tar éis go luath i 2009. Fheabhsaigh an uirlis cumas bhainistíocht ualach oibre, aithint fheadáin phríomhaigh agus gné uath-shampláil pholladh caidhpe a laghdaíonn nochtadh foirne ar ábhar a d'fhéadfadh a bheith bighuaiseach.

An tSeirbhís Haematinicí Agus Mhonatóireacht Drugaí Trasplandaithe

Lean an tsaotharlann haematinicí agus mhonatóireacht drugaí trasplandaithe ionadaí a bheith aige ar choiste eolaíoch/stiúrtha (haematinicí) UK NEQAS. Lean an tsaotharlann seo lena comhoibriú leis na hAonaid um Smachtú Galar (CDC), Atlanta agus an tEagraíocht Shláinte Dhomhanda (WHO). Sholáthraigh sí treenail shaotharlainne mar chuid de chomhoibriú le agus an WHO agus an tEagraíocht Shláinte Pan-Mheiriceánach (PAHO) le haghaidh staidéar stádas fólaíití i bPeiriú, agus thug UNICEF cuireadh di chun páirt a ghlacadh mar chomhairleoir i staidéar idirnáisiúnta sa Chirgeastáin. I 2009 rinne an tsaotharlann anailís fólaíití do UNICEF agus CDC Atlanta mar chuid de shuirbhé náisiúnta na Cirgeastáine.

An tSaotharlann Téachta den Ionad Náisiúnta do Neamhoird Téachta Oidhreachtuil (NCHCD)

Soláthraíonn an Roinn Théachta sa Saotharlann Paiteolaíochta Lárnach seirbhís scrúdú saotharlainne d'neamhoird théachta d'othair chónaithe agus d'othair neamhchónaithe chomh maith le dochtúirí ghinearálta agus ospidéil sheachtracha. Déanann an tsaotharlann ag an NCHCD scrúduithe ar shamplaí ó othair taobh istigh den ospidéal agus ó atreoraithe náisiúnta chomh maith le neamhoird amhrasta bainteach le fuilliú agus le trombóis. Tá diagnóis neamhoird faighte agus ó oidhreacht, monathóireacht de theiripe agus scagthástáil do neamhoird ghéiniteach mar chuid den stór scrúdú sa saotharlann seo.

Forbairtí Seirbhíse i dTéachtadh

Bhí leathnú leantach sa stór tástála do dhiagnóis fhéinitíopa agus saotharlainne géinitigh neamhord fuilithe and trombóise. Cuimsíonn sé seo leathnú próifílí tástála do thrombaicítipéine a spreag Heparin agus Galar Von Willebrand. Chinntigh sé seo leathnú agus leanúint sheirbhís dhiagnóis chuimsitheach.

Bhí fairsingiú sa saotharlann mhóilíneach in 2008 nuair a athshuíodh an tseirbhís scrúduithe mhóilíneach chuig áiseanna athchóirithe níos mó taobh istigh den NCHCD. Rinneadh Líonra Saotharlainne Géiniteacha Haemaifí lia an RA iniúchadh ar an tsaotharlann.

An tSeirbhís Shaotharlainne Crióbhitheolaíochta

Tacaíonn Áis Ghaschill na Saotharlainne Crióbhitheolaíochta leis an gClár Náisiúnta Thrasphlandú Gaschealla ó Dhaoine Fásta Náisiúnta in Ospidéal Naomh Séamas agus Clár Deontóirí Neamhghaolta Smeara na hÉireann.

Tá an tsaotharlann chrióbhitheolaíochta lonnaithe in áis sheomra íonghlan GMP ar chóis ón Ionad Náisiúnta Fola. Cuireann sé an cuidí saotharlainne ar fáil don Bhunaíocht Fhíocháin, a tacaíonn leis an gClár Náisiúnta Trasphlandú Gaschealla do Dhaoine Fásta san Ospidéal.

Tá ceadúnas fíocháin ag an tSaotharlann Chrióbhitheolaíochta mar chuid den Bhunaíocht Fhíocháin ó Bhord Leigheasra na hÉireann chun gaschealla siblíne allataigineacha ó smior agus fuil imeallach slógtha, gaschealla uathlógacha ó smior nó fuil imeallach slógtha agus limfícítí deontóra a phróiseáil agus a stóráil. Próiseáiltear na táirgí gaschealla go léir in áis sheomra íonghlan na Saotharlainne Crióbhitheolaíochta le húsáid láithreach (allataigineach) nó crió-leasaítear agus stóráiltear iad i nítrigin leachtach pas gaile (uathlógach) le húsáid dírithe.

I measc foireann na saotharlainne tá ochtar eolaí liachta, bainisteoir cáilíochta agus Stiúrthóir Liachta. Rinneadh 57 trasphlandú gaschealla allataigineacha agus 64 trasphlandú gaschealla uathlógacha in 2009. Tá méadú tagtha ar líon na dtrasphlandaithe gaschealla neamhghaolta agus rinneadh 24 (42%) acu in 2009. Tá sé indéanta smior deontaithe nó fuil imeallach slógtha a bhailiú anois de bharr go dtaistealaíonn baill fhoirne go dtí Ionad Bhailiúcháin Idirnáisiúnta chun na gaschealla a bhailiú. Rinne an tSaotharlann Chrióbhitheolaíochta 793 gnáthamh san iomlán i 2009. Sábháladh agus próiseáladh 207 aonad tháirge smeara agus aifríse i 2009.

I 2009, d'éirigh an tOll. Shaun McCann, a bhunaigh clár Thasphlandú Smeara in Ospidéal Naomh Séamas agus a thug

an clár chuig caighdeán idirnáisiúnta is airde, as a phost mar Stiúrthóir Liachta agus duine freagrach san Eagraíocht Fhíocháin tar éis blianta fada de sheirbhís thiomanta.

Diagnóisic Mhóilíneach Ailse

Tá an tSaotharlann Diagnóisic Mhóilíneach Ailse (CMD) an t-aon cheann dá chineál sin sa tír. Soláthraíonn CMD seirbhís tástála móilíneach do shainaithe d'iomrall faighte in ailse, leioicéime agus liomfóma go háirithe agus má's cuí, déantar tástáil chun teacht ar ghalair iarmharach íosta (MRD), a d'fhéadfadh cuidiú le bainistiú othar le urchóideachtaí haemaiteolaíochta roghnaithe.

Is CMD é an lárshaotharlann mhóilíneach le haghaidh dhá thriail chliniciúil Ghrúpa Taighde Oinceolaíochta Chomhoibríthe Uile-Éireannach (ICORG) ag monatóiriú freagartha do dhruaí agus chomhcheangail dhruaí a úsáidtear i gcóireáil Leioicéime Mhialóideach Ainsealach agus Leioicéime Limfícíteach Ainsealach. Leanann an tsaotharlann ag coimeád próifíl idirnáisiúnta le taighde agus forbairt mar ról lánach na saotharlainne, a fianáidh trí fhoilseacháin agus roinnt láithreireachtaí ag comhdhálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta. Ceann de na buaicphointí de 2009 ná go raibh CMD ar cheann de na deich saotharlann idirnáisiúnta atá páirteach i gcarachtar ábhair atá creidiúnaithe ag an tEagraíocht Shláinte Dhomhanda mar ábhar tagartha príomhach le haghaidh mheasúnú tras-scríbhinní BCT-ABL ag RQ-PCR in othair Leioicéime Mhialóideach Ainsealach.

Tá soláthar scrúduithe nua, gaolmhaor don stór chuimsitheach reatha, ríthábhachtach do bhainistíocht Ildisciplíneach othar le hurchóideacht. Faigheann CMD cuid shuntasach dá samplaí ó fhoinsí seachtracha, ag soláthar tástála móilínigh do mórán aonad cliniciúil ar fud na tíre.

Roinn na Bithcheimice

Soláthraíonn Roinn na Bithcheimice seirbhís thacaíocht diagnóisic chuimsitheach d'Ospidéal Naomh Séamas, roinnt institiúid cúraim shláinte seachtracha agus ionad chúraim phiomhaigh forleathan. Glacann foireann liachta na saotharlainne páirt i mbainistíocht ghalair mheitibileacha, Diaibéiteas, Neamhoird Inchríneacha, bainistíocht thoisic riosca CVD, Oistéapóris san áireamh agus feidhmíonn siad clinici saineolaithe do Ghéar-Porphyrías agus hipircholaistéaróleime teaghlaigh. Tá an tsaotharlann ar an ionad tagartha náisiúnta de facto do dhiagnóis neamhoird mheitibileachtaí porfairine. Tá éisteachas ag an roinn a tacaíonn le taighde & forbairt, oideachas agus foghlaim taobh istigh d'Ospidéal Naomh Séamas agus in institiúidí acadúla gaolmhara.

I rith 2009, tugadh isteach mais-speictriméadracht teaindim chrómatagrafaíocht leachta i Roinn na Bithcheimice. Ba í saotharlann na bithcheimice Ospidéal Naomh Séamas an chéad cheann in Éirinn an teicneolaíocht sofaisticiúil a fháil. Baintear úsáid as faoi láthair le haghaidh anailís vitimín D

cost-éifeachtúil agus ceadaíonn sé don roinn difreáil idir cineálacha forlíontacha agus fiseolaíochta den vitimín. Cuirfear scrúduithe eile (téististéaróin agus metanephrine) amach anseo.

Lean an tsaotharlann ag forbairt a seirbhísí diagnóiseacha móilíneacha porfairine, le bailíochtú measúnacht géine FECH do scagthástáil dhiagnóisithe agus cascáide teaghlach buailte le Prótaphorfairine Eiritreapóisín (EPP). Lean obair ar aghaidh freisin ar fhorbairt measúnacht scagthástáil chlaohlú géine LDLR chun tacú le scagthástáil cascáide do Hipircholaistéaróilíme Teaglaigh i gClinic Meitibileach de chuid an Dr. Crowley agus Clinic Thoisc Riosca CVD.

Lean gníomhaíochtaí taighde taobh istigh den roinn, le tionscadail chomhoibritheacha le hInchríneolaíocht agus Diaibéiteas an Ospidéil, An Roinn Máinliachta TCD, Clinic Chosaint Chnámh an Ospidéil. Tá an roinn mar gheallsealbhóir sna Saotharlanna SPD Céim 1 nua-athchóirithe. Bhí baint ag foireann na roinne le roinnt foilseacháin in 2009 agus chuir siad obair i láthair ag cruinnithe náisiúnta agus idirnáisiúnta i bhfoirm póstaer agus béil. Chomh maith leis sin, lean páirteachas in iniúchadh cliniciúil leis an Dr. Silke, AMAU, an tOspidéal in 2009 le an-fhócas ar luach prognóiseach agus cliniciúil NT-proBNP

Seirbhís Saotharlainne Imdhíoneolaíochta

Is ionad do thástáil, bainistiú agus cóireáil d'othair a bhfuil neamhoird den chóras imdhíonachta orthu é an Roinn Imdhíoneolaíochta. Chomh maith leis sin, bíonn an roinn ag iarraidh tuiscint ar an gcóras imdhíonachta agus a ról i sláinte agus galair a spreagadh agus a chur chun cinn i measc othar, cliniceoirí, eolaithe agus an phobail i gcoitinne.

Seirbhís Saotharlainne

Tá méadú suntasach fós ag teacht ar ualach oibre na saotharlainne. I gcomhairliú leis an Stiúrthóireach Lab-Med, tá an roinn gafa le croíchoincheap na saotharlainne, a gcuirfidh ar a gcumas acu an méadú san ualach oibre a bhainistiú ar bhealach níos feidhmiúla. Beidh sé seo bunaithe ar fháil níos mó teicneolaíochtaí uathoibríocha le haghaidh bhainistiúchta ualach oibre.

Seirbhísí Cliniciúil

Ó ghalair athlastach, ailléirge agus easpa indhíonachta den chuid is mó a bhíonn othair a fheictear ag clinici d'othair seachtracha agus trí chomhairle othar cónaithe ag fulaingt. Leanann an Roinn ag glacadh páirte i roinnt staidéar idirnáisiúnta ilionaid ar othair a bhfuil roinnt neamhord ar an gcóras imdhíonachta orthu.

Oideachas agus Foghlaim

Tá clár foghlaim iarchéime substaintiúil ag an roinn le triúr mic léinn sa tóir ar chéimeanna iarchéime taighdeacha faoi láthair. Cuireann an roinn le roinnt clár mhúinte iarchéime MSc agus clár liachta iarchéime eile. Le déanaí, bhunaigh sé clár in indhíoneolaíocht do mheabhraíochta speisialtóir liachta. Chomh maith, cuireann sé go mór le múineadh fothchéime in Leigheas, in Eolaíocht Bithleigheis, Micribhitheolaíocht Chliniciúil, Liacht Spóirt agus Taighde. Anuas air sin, tá roinnt mac léinn ag an roinn in oiliúint inseirbhíse in Eolaíocht Bithleigheis. Cuireann sé le comhdhála paiteolaíocht-cliniciúil agus "Grand Rounds" an Ospidéil.

An Roinn Liacht Aistrithe

Tairgeann an roinn Liacht Aistrithe seirbhís aistrithe chuimsitheach d'Ospidéal Naomh Séamas, lena n-áirítear an tSeirbhís Thrasphlandú Gaschealla Náisiúnta do Dhaoine Fásta, an tIonad Náisiúnta do Neamhoird Téachta Oidhreachtúla agus aonad máinliachta cardatóracsach.

Aistríodh 2,134 othar le comhábhar fola i rith 2009, méadú de 2% faoin bhliain roimhe sin, aistríodh 12,114 aonad fola deirg a bhí mar laghdú beag de 1.5%, aistríodh 2,941 paca plasma (+10%) agus 6,051 paca pláitíní (+5%). Ba iad na húsáideoirí is mó ná haemaiteolaíocht/oinceolaíocht agus máinliachta chardatóracsach.

Choimeád an roinn Creidiúnú ISO 15189 i 2009. Buaileann an Coiste Úsáid Fola agus Táirge Fola go minic agus déanann sé athbhreithniú toradh iniúchta chomh maith le neamhcomhfhóirmithe dáiríre agus tugann sé comhairle ar chleachtas aistriú an ospidéil.

Feidhmíodh córas leictreonach le haghaidh bhainistiúchta stóráil agus bogadh ceall dearg i 2008 agus leabaíodh é trasna an champais i 2009. I gcomhar le córas bunaithe ar pháipéar ina dtugann an fhoireann chliniciúil dearbhú gach aistriú don tsaotharlann, soláthraíonn a úsáid inrianaitheacht iomlán d'fhuil de réir riachtantas an Threoir Fola an AE 2002/98/EC.

Tuairiscíodh foireann chliniciúil 78 imoibrí aistrithe amhrasta. I ndiaidh imscrúdaithe, cinníodh 38 acu mar imoibríthe bainteacha le haistriú (0.2% de na comhpháirtithe fola aistrithe in Ospidéal

Naomh Séamas). Tuairiscíodh imoibríthe aistríthe an-áibhirseacha agus ócáidí chuig an Oifig Haemafhaireachais Náisiúnta. Chomhlíon 16 imoibríú agus 14 n-ócáidí an critéar do thuairisciú in 2009.

Léiríonn iniúchadh rialta riachtanais traenála agus lean an oifig harmafhaireachais le chlár chun fianaise inniúlachta i gcleachtas aistríthe d'fhoireann liachta agus altranais i rith na bliana, le 87% de na haltraí agus 100% de na hintéimigh a bhfuil fianaise inniúlachta cláraithe. Mar chuid de chlár traenála, tá modúl r-fhoghlama d'aistriú fola le fail do gach ball foirne.

Seirbhísí Saotharlainne Micribhitheolaíochta

Cuireann an tSaotharlann Micribhitheolaíochta seirbhís dhianóise, rialú ionfhabhtáochta agus clinice ar fáil don Ospidéal, do DGanna an Chomhpháirtíocht Iardheisceart Bhaile Átha Cliath agus d'eagraíochtaí seachtracha.

Lean an tSaotharlann Micribhitheolaíochta ar aghaidh le hobair i gcomhdhlúthú agus in uasmhéadú éifeachtúlachtaí trí ghlacadh teicneolaíochtaí. Chomh maith leis sin, lean an tsaorthalann ar aghaidh le hobair fhorbartha anois tá sé in ann measúnachtaí nua a chur i feidhm d'diagnóis víreolaíoch. Lean obair fhorbartha Míceolaíochta ar aghaidh agus tá an tsaorthlann in ann tástáil aitheantais agus so-ghabhálachta feabhasaithe a chur i bhfeidhm do phataiginí fungasacha comóna. Dhírigh forbairt baictéareolaíochta ar iniúchadh a dhéanamh ar mhodhanna móilíneacha do dhiagnóis ionfhabhtaithe dáiríre i measc othar atá an-tinn. Baineadh úsáid as sonraí faireachais frithsheasmhachta in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbaigh, curtha le chéile ag eolaí faireachais na saotharlanna, chun treoirínte frithmhiocróbacha eimpíreacha a leagadh síos don ospidéal. Cuireann an tsaorthalann go mór le sonraí faireachais náisiúnta agus tá sí páirteach i roinnt tionscadal náisiúnta.

Rinneadh obair shuntasach thaighde sa roinn, go háirithe maidir le frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbaigh i measc baictéire Gram-diúltach, ionfhabhtú de bharr Staphylococcus aureus frithsheasmhach do mheiticillin, C. diffi cile, ionfhabhtú Aspergillus agus Clamaidia chomh maith le víris Herpes, víris ghastrastéigeacha agus riospráide.

Seirbhísí Rialú agus Chosc Ionfhabhtaithe

Lean na Seirbhísí Rialú agus Chosc Ionfhabhtaithe ar aghaidh i 2009 ag feidhmiú clár chun tionscnamh Náisiúnta a chuimsiú agus chun rátaí ionfhabhtaithe bainteach le cúram sláinte a laghdú. Bhí roinnt dúshlán an-shuntasach i 2009 a raibh ualach oibre suntasach agus dúshlán feidhmithe don ospidéal de thoradh orthu. Láimhseáladh na dúshlán seo, a chuimsigh flú paindéimeach agus treoracha go rathúil ag an bhfoireann Rialú agus Chosc Ionfhabhtaithe.

Is iad seo a leanas na príomhthionscnaimh in 2009:

- Iniúchadh ar chomhlíonadh shláinteachas láimhe
- Feachtais thuisceana ar shláinteachas láimhe
- Rannpháirtíocht IPCS le seirbhísí sláinteachais
- Leanúint d'fhaireachas sruth na fola a bhaineann le Cataitear agus leathnú den fhaireachas chun faireachas shuíomh mháinliacht steirnim a chuimsiú, agus faireachas shuíomh mháinliacht chíce
- Baint IPCS le caighdeáin bainteach le cúram Sláinte Náisiúnta
- Forbairt fhíseán oideachas ghléasadh gúnaí phaindéimeach H1N1
- Forbairt fhíseán shláinteachas láimhe agus 5 príomhnoiméid shláinteachas láimhe agus spárálaí scáileáin
- Baint choiste Steirifhaireachas díshlaithe le iniúchadh náisiúnta

Seirbhísí Histepaiteolaíochta

Tuairisceoireacht Fospesialtóireachta

Chun níos mó saineolais fhospesialtóireachta agus leanúnachas níos fearr a cheadú chomh maith le rannpháirteachas i gcomhdhálacha cliniciúla a éascú, bhog an Roinn chuig tuairisceoireacht fospesialtóireachta le linn 2005. Díriú Histepaiteolaithe comhairleacha aonair ar líon teoranta réimsí fospesialtóra. Theastaigh athriaradh an ualach oibre chomh maith le athruithe i saotharlainne agus dtascanna NCHD chun é seo a dhéanamh.

Rinneadh tuilleadh forbartha ar thuairisceoireacht fhospesialtóireachta le linn 2009 agus rinneadh é a chomhtháthú le comhdhálacha foirne ildhisiplínigh. De thoradh athbheithníú ar ábhair do na comhdhálacha seo, tháinig méadú suntasach ar an ualach oibre, go háirithe ó thaobh athbheithníú ar ábhar diagnóiseach seachtrach.

Bithbhanc Ailse Ospidéal Naomh Séamas

Stóráilann Bithbhanc Ailse Ospidéal Naomh Séamas – le cúnaimh Vodafone agus Iontaobhas Bithbhanc na hÉireann CHY 16085 i Lúnasa 2008 – samplaí reoite agus pairfín ó othair le hailse chíce agus dhrólainne le húsáid i dtionscadail thaighde ceadaithe go heiticiúil agus go heolaíoch atá dírithe ar an othar.

Le linn 18 míosa, is iomaí samplaí fhíocháin shiada agus normálta a bhailíodh ó 161 othar (92 ailse chíce agus 69 ailse dhrolainne). Ceadáítear an fhoirm thoilithe géineasaigh ag an gCoiste Taighde agus Eitice. Tacaítear leis seo ag othair – roimhe seo b'fhear le 94% "tarraingt as" a bheith ath-toilithe do thionscadal. Déantar gearrthacha reoite mar dhearbhu cáilíochta ar gach eiseamal. Déantar rialú cáilíochta ar ábhar asbhainte DNA, RNA agus próitéiní ó 10% de shamplaí.

Seasann bithbhancanna Ospidéal Naomh Séamas agus Beaumont, a rachfaidh bithbhancanna nua ag Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh agus Ospidéal Choláiste na Ollscoile, Gaillimh don chéad chéim de Líonra Bithbhanc Ailse na hÉireann. Baineann na bithbhancanna líonraí úsáid as na SOPanna céanna, roinnfidh said bunachar sonraí ar líne comónta le haghaidh sonraí códaithe teoranta agus tá éiteas neodrach acu. Tacaítar le gach ceann acu ag tabhartais do Bithbhancanna na hÉireann ó fhoinsí éagsúla, an Crannchur Náisiúnta agus deontais neamhtheoranta ó thionsadal san áireamh. Déanfar an líonra uasmhéadú ar acmhainní agus saineolas. Faoi dheireadh, cabhróidh le luathuithe taighde a fheidhmiú chun an chóireáil nua is sonraí a roghnú do gach othar, bunaithe ar p(h)róifíl mhóilíneach aonair a (h)ailse.

An tSaotharlann Náisiúnta Thagairt Staphylococcus aureus Meiticillin-Fhrithsheasmhach

Soláthraíonn an tSaotharlann Náisiúnta Thagairt Meiticillinfhriotaíoch (NMRSARL) seirbhís náisiúnta do:

- Tíopáil eipidéimeolaíochtúil aonraigh MRSA (chun cuidiú le hiniúchadh bhriseadh amach)
- Brath frithsheasmhachta antaibheathaigh {go háirithe deimhniú fhrithsheasmhacht meticillinfhriotaíochta/ocsaicillinfhriotaíochta agus iniúchadh fhrithsheasmhacht ghlicipeiptide (vancomycin) féideartha}
- Gnáthmhonatóireacht aonaráin shaothrán fola MRSA ó ospidéal Éireannacha atá páirteach i gCóras Faireachais Friotaíochta Frighmhiocróbaigh na hÉorpa (EARSS)
- Comhairle maidir le cóireáil othar a bhfuil MRSA orthu tríd an Stiúrthóir Liachta
- Comhairle ar smachtú ionfhabhtaithe trí Fhoireann Smachtú Ionfhabhtaithe Ospidéal Naomh Séamas
- Comhairle ar ghnéithe shaotharlann MRSA trí fhoireann eolaíoch NMRSARL
- I rith 2009, i measc na mórforbairtí in NMRSARL bhí:
- Carachtracht aonrán MRSA roghnaithe trí thíopáil phróitéine staphylococcal A (spa)
- Comhoibriú i dtionscadal Taighde Aistriúcháin MRSA leis na hOllaimh Davide Coleman (Coláiste na Tríonóide) agus Hilary Humphreys (Coláiste Ríoga Máinlianna in Éirinn agus Ospidéal Beaumont), iniúchadh mhodh thíopáil

eipidéimeolaíochta móilínigh nua agus meastóireacht chliniciúil den trealamh Xpert-MRSA™ do lorgaireacht ghasta MRSA san áireamh

- Ag tionól dara chruinniú eolaíochta idirnáisiúnta den NMRSARL i gcomhpháirtíocht leis an Ollamh Hilary Humphreys

In 2009, rinne NMRSARL próiseáil ar:

- 383 aonarán curtha isteach faoin scéim EARSS (is figiúir sealadach é seo go dtí go bhfuil gach aonarán in 2009 curtha isteach chuig NMRSARL)
- 32 iarratas ar eolas saotharlainne maidir le MRSA
- 177 iarratas ar iniúchadh aonaráin (ar 432 aonarán a áiríonn 20 iarratas imscrúdaithe breiseadh amach)

Saotharlann Thagairt Mhíceabhaictéire na hÉireann (IMRL)

Réamhrá

Rinne an IMRL seirbhís atreorú eiseamail ar shaothrán TB do roinnt ospidéal ar fud na tíre.

Ualach oibre

Ba bhliain ghnóthach í 2009 don IMRL le breis agus 6,000 eiseamal saothraithe. Atreoraíodh 196 saothrán chuig an tSaotharlann le haghaidh aitheanta agus thástáil sho-ghabhálachta. Seo méadú de 25% faoi 2008, 36% faoi 2007 agus méadú 192% faoi 2006.

Forbairtí Seirbhíse

- Críochnaíodh athchóiriú áiseanna Shrianadh TB Leibhéal 3
- Bhí roinn micribitheolaíochta an Mater ina úsáideoir sheirbhís an IMRL do thástáil sho-ghabhálachta aonarán M.tuberculosis
- Tugadh isteach an trealamh móilíneach Míceabhaictéarach Díreach HAIN GenoType i seirbhís. Ceadaióinn an trealamh seo aithint tapa láithreach M. avium, M. intracellulare, M. kansasii, M. malmoense and coimpléacs M. tuberculosis ó eiseamail scamhógacha agus seach-Scamhógacha
- Tosaíodh próiseas bhunú agus measúnú agus deimhniú teicnicí móilíneacha bunaithe ar ghlóthach le haghaidh thíopáil 24 MIRU/VNTR aonarán M.tuberculosis, atá mar aidhm aige



Taighde agus Forbairtí in 2008

- Críochnaíodh taighde ar “anailís ar aonaráin *M. bovis* a tugadh ó dhaoine agus aonaráin a thugadh ó ainmhí ag baint úsáide as teicnící móilíneacha” agus tá sé á ullmhú le haghaidh foilsíocháin
- Tosaíodh iniúchadh ar dhá mheasúnacht Gáma Inteirféaróin neamhspleách i mbrath eitinne folaigh in aonaráin lagaithe maidir le himdhíonacht agus aonaráin inniúla maidir le himdhíonacht
- I Meán Fómhair, moladh an IMRL agus ainmníodh é go hoifigiúil ag na Lárionaid Náisiúnta Micribhitheolaíochta (NMFPanna) chun obair a dhéanamh leis an ECDC ar thionscadal nua chun diagnóis TB, tástáil sho-ghabhálacht drugaí agus idirnáisiúnta a neartú. Déantar é trí obair chomhpháirteach na mball go léir i Líonra Shaotharlann Tagartha do hEitinn (ERLN-TB)
- Thionóil an IMRL foireann Shaineolaithe Eitinne ón Fhionlainn a chuimsigh léachtaí agus cuairt ar an tsaotharlann. Cheap na Fionlannaigh gurbh é a gcuairt idirnáisiúnta is sáisiúla
- Lean cruinnithe ildhisciplíneacha idir baill fhoirne éagsúla ó na Stiúrthóireachtaí CREST, GUIDE agus DiagIM, in éineacht le baill fhoirne ón IMRL, Micribhitheolaíocht, Cógaisíocht agus Sláinte Poiblí ar bhonn míosúil
- Lean Noel Gibbons, an Príomheolaí Liachta, agus an tOllamh Tom Rogers ag cur le forbairt agus dearadh “Ionad agus Saotharlann Thagairt Eitinn For-Réigiúnach” nua an ospidéal

Fóram Náisiúnta

Lean an tOll. Tom Rogers agus Noel Gibbons ag déanamh ionadaíochta don IMRL ar Choiste Chomhairliúcháin Eitinne Náisiúnta.

Stiúrthóireacht Diaglm



An Dr M. Keogan
Stiúrthóir Cliniciúil

Suzanne Dennon Uas.,
Bainisteoir Seirbhísí Radagrafaíochta (A)

Paula Corby Uas.,
Bainisteoir Gnó

Réamhrá


Cuireann Stiúrthóireacht Diaglm seirbhís íomháithe diagnóisigh ar fáil d'othair agus cliniceoirí Ospidéal Naomh Séamas. Cuirtear seirbhís ar fáil do dhochtúirí ginearálta sa dobharcheantar freisin mar aon le cúram treasach d'ospidéal lasmuigh den dobharcheantar.

Forbairtí in 2009

PET/CT

Tá áis PET CT oibríochtúil go iomlán anois agus rinneadh breis is 1200 staidéar roimhe seo. Feidhmíonn an t-ionad PET CT ag Ospidéal Naomh Séamas mar ionad atreoraithe poiblí don FSS go léir. Comhcheanglaíonn é seo le cruinnithe ildisciplíneach iolracha laistigh den ospidéal. Cé go bhfuil an fócas ar othair ailse den chuid is mó, déanann muid líon méadaithe staidéar inchinne PET le haghaidh mheasúnacht néalraithe.

Feidhmíonn an t-ionad i gcumas traenáil do SpRanna raideolaíochta, radagrafaithe agus mic léinn fisice, le roinnt tionscadal taighde leantach agus tráchtas mic léinn MSc.




Whole body image taken with PET/CT

PACS/RIS/EPR

Bhí méadú suntasach i bhfeidhmíocht chórais agus i bhfeabhsuithe shreabhadh oibre araon in Ospidéal Naomh Séamas tar éis clár teicneolaíochta nua i gcomhar le huasghrádú chuig na scaoilít réitigh reatha. Mhéadaigh táirgiúlacht na raideolaithe faoi 12% thar gach módúlacht íomháiithe tar éis an clár crua-earraí a uasghrádú laistigh de Raideolaíocht.

Ag obair in éineacht le Cerner, is é Ospidéal Naomh Séamas an chéad ospidéal in Éireann córas tacaíochta cinntí réamhghníomhach a úsáid laistigh dá Chuntas Othar Leictreonach (EPR) chun cuidiú le líon staidéar angagram scamhógach CT (CTPA) nach gá a rinneadh ar a n-othair a laghdú, mar sin ag laghdú a nochtadh Raideolaíochta nach gá.

Ionchorpraíodh liosta seiceála bunaithe ar chritéir Wells, a úsáidtear chun oiriúnacht staidéir CTPA a dhearbhu, in EPR Cerner Mílaoise. Cruthaíodh práinn laistigh de réiteach tacaíocht chinneadh cliniúil Cerner Discern Advisor™ a spreagann dochtúirí liosta seiceála chritéir Wells a chríochnú sula gcuirtear ordú do scagthástáil CTPA d'othar.



Seirbhís Cíche

Cuireann Raideolaíocht Chíche seirbhís ardchaighdeán ar fáil fós d'othair chúram cíche agus tá ról lárnach aici san fhoireann um Chúram Cíche Ildisciplíneach fós. In 2009 tháinig méaduithe suntasacha gníomhaíochta i ngach gné d'íomháu agus d'idirghabháil.

Tharla méadú suntasach ar atreoruithe chuig an clinic cíche de bharr atheagrú sheirbhísí cíche go náisiúnta, go háirithe dúnadh aonad chíoch Tamhlachta. Chonacthas 3,275 othar nua i 2009, ag seasamh do mhéadú de 49% ó 2008. Ag léiriú na gníomhaíochta seo, rinneadh breis is 4,000 mamagram i 2009, méadú de 19% in aghaidh fhigiúirí 2008. Rinneadh 3,900 ultrafhuaim chíche, ag seasamh do mhéadú de 43% in aghaidh 2008. Leanann MRI cíche ról méadaithe a bheith aige i scagthástáil a dhéanamh ar ár bpobal ard-riosca agus i stáisiú ailse chíche maothánach agus il-lárnaíoch. Méadaigh MRI cíche faoi 59% i gcomparáid le 2008. Taispeáineann idirghabháil chíche méaduithe níos mó ar mhéid, go háirithe croibhithóipse chíche ultrafhuaim-threoraithe ag méadú faoi 62% ó 2008.

Chumasaigh líon méadaithe seisiúin raideolaíochta comhairligh tiomanta do íomháu an laghdú suntasach seo ar ghníomhaíocht. Chomh maith leis sin, tharla ceapachán raideolaí comhairleach nua le suim speisialtóra in íomháu cíche. Tosóidh an Dr. Sylvia O’Keeffe ag cleachtadh i Lúnasa 2010. Coimisiúnaíodh aonad mamagrafaíochta nua i 2009.

Oifig Thaighde Raideolaíochta Cliniciúla

Bunaíodh oifig thaighde cliniúil ag an Stiúrthóir Cliniciúil chun tacaíocht a sholáthar do thaighde cliniúil na roinne. Tá an oifig seo lonnaithe san fhoirgneamh PET/CT agus sholáthraíonn Crístin Leavy Uas. foireann dí, a bhainistíonn an sonraíocht thaighde cliniúil laistigh den roinn. Tá an fócas tosaigh ar CT agus PET/CT agus ar chruthú agus bhainistíocht bhunachair shonraí ionchais chun taighde a chumasú ar theicneolaíochtaí íomháiithe á dtabhairt isteach sa roinn raideolaíochta.

Forbairtí raideolaíochta

I 2009, d'éirigh Bernadette Moran, Stiúrthóir Sheirbhísí Raideolaíochta as a post in Ospidéal Naomh Séamas tar éis 30 bliain de sheirbhís. Guffimid gach rath ar Bhernadette in a ról mar Chomhairleoir Raideolaíochta don Aonad Raideolaíocht Nochtadh Liachta (MER), Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Tá Bernadette Moran an-ghníomhach freisin i bhforbairt agus seachadadh chúrsaí raideolaíochta iarchéime náisiúnta ag an Roinn Liachta Cliniciúla, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath i gcomhar le Ospidéal Naomh Séamas.

Athstruchtúradh cúrsaí raideolaíochta iarchéime MSc/Diplóma chun an MSc in Íomháu Liachta a chruthú le gcláir i Liacht Núicléach PET (Tomagrafaíocht Astúchán Posatróin) san áireamh nó Íomháu Athshondais Mhaighnéadaigh. Is í Bernadette Moran Stiúrthóir Cúrsa an MSc in Íomháu Liachta agus is í Suzanne Dennon, Bainisteoir Gníomhach Sheirbhísí Raideolaíochta comhordaitheoir an cúrsa.



Glactar traenáil chliniciúil leantach mac léinn raideolaíochta fochéime mar chúram ag na Radagrafaí laistigh den Stiúrthóireacht.

Mar chuid dá obair seachtrach, d'éascaigh an Grúpa Oideachasúil Radagrafach ag Ospidéal Naomh Séamas na cúrsaí scileanna a leanas:

- Cúrsa ponc dearg
- Cúrsa PET/CT do Radagrafaiithe
- Laethanta staidéir chosaint radaíochta d'Altraí
- Cosaint radaíochta do Chleachtóirí Liachta Neamh-Radaíochta agus Pearsanra an Ospidéil
- Cúrsa Oifigigh Shábháilteach Radaíochta
- Cúrsa dlí-liachta do Radagrafaiithe
- Traenáil Scileanna IV do Radagrafaiithe
- Cúrsa físfhluarascópachta do Radagrafaiithe

- Cúrsa Radaíocht Tráma
- Cúrsa MRI i bCleachtas

Bainistíocht Fheidhmíochta Foireannbhunaithe (TBPM)

I rith nab liana, ghlac an Stiúrthóireacht páirt i gclár píolótach Bhainistíocht Fheidhmíochta Foireannbhunaithe an Ospidéil (TBPM). Tá sé mar phríomhaidhm ag an dtionscadal Diagma TBPM éifeachtúlacht agus sreabhadh oibre an Oifig Sceidealaithe X-Gha. Chuimsigh an fhoireann tionscadail ionadaithe ó Radagrafaiithe, ó Chúntóirí Chúram Sláinte agus ó Fhoireann Chléireachais/Riaracháin. Thaispeáin rath an tionscadail seo conas a d'fhéadfadh tairbhe shuntasach a bhaint amach ó obair fhoirme éifeachtach trí sheachadadh sheirbhíse agus cáilíocht eispéireas an othar a fheabhsú.

CLAONTA SEIRBHÍSE

Anailís Ghníomhaíocht inchoimparáide de réir Módúlachta

Módúlacht Íomháiithe	2008	2009	Variance
Raideolaíocht Ghinearálta + (mascaille agus béil)	113,995	114,163	0%
G.I. (I.V.P. san áireamh)	1,614	1,574	-2%
Mamagrafaíocht	3,429	4,067	19%
Ultrafhuaim	13,094	14,814	13%
C.T.	22,595	23,792	5%
Raideolaíocht Idirghabhálach:	2,511	2,641	5%
Raideolaíocht Idirghabhálach:Diagnóiseach	513	515	0%
Leigheas Núicléach	2,770	2,604	-6%
M.R.I	4,952	4,904	-1%
Pet/ct	0	5,113 **	100%
Iomlán	165,473	174,187	5%

** Seo figiúr ualáithe, amh-uimhir iarbhir de PET/CTanna = 1230

Stiúrthóireacht ORIAN



An Dr. Jeanne Moriarty
Stiúrthóir Cliniciúil

Cora Keary Uas.,
Bainisteoir Gnó

Fiona Murphy Uas.,
Bainisteoir Altranais

Réamhrá

Is é atá i Stiúrthóireacht ORIAN Seomraí Oibráide, Ainéistéise, an tAonad Dianchúraim (ADC), an tAonad Ardspleáchais (AAS), an tSeirbhís Liacht Phéine, Aonad LASER agus Ionsoithíoch agus Soláthairtí Steiriúla, agus soláthraíonn sí ainéistéise, obrádlann, cúram criticiúil, míochaine péine agus seirbhísí steiriliúcháin don ospidéal.

Forbairtí i 2009

Ag deireadh 2009, chríochnaigh an Dr. Jeanne Moriarty a dara téarma mar stiúrthóir cliniciúil agus tosaíonn an Dr. Carl Fagan sa phost ó 2010. Chríochnaigh an Dr. Vaughan mar chathaoirleach an Roinn Ainéistéise agus tosaíonn an Dr. Wall sa phost seo ó 2010.

I 2009:

- Chríochnaigh 277 duine an cúrsa ALERT
- Chríochnaigh 12 duine an bunchúrsa in Altranais Dianchúraim
- Chríochnaigh 8 ball foirne an diplóma iarchéime in cúram altranais agus fuair Altra Ospidéal Naomh Séamas Orla Fitzpatrick na marcanna is airde i gcúrsaí Speisialtacht Altranais, Coláiste na Tionóide agus fuair sí an Duais Norman

- Tá 2 altra ag glacadh páirte sa Diplóma Iarchéime in Altranas Imobráide
- D'éirigh leis an Dr. Conor Healy sa scrúdú Comhaltachta i bPian Idirghabhála a thairg Coiste Phian an Domhain i 2009 agus is é an chéad oiliúnaí ó Éirinn a fuair an cháilíocht seo
- Toghaíodh an Dr. Jeanne Moriarty ina Uachtarán Choláiste Ainéistéisithe na hÉireann i mBealtaine 2009
- Ionadaíodh boird na n-obrádlanna mar chuid de chlár atrealmhú obrádlanna trí bliana
- Sholáthair an tAonad Mháinliacht Lae áiseanna d'othair ag dul faoi Bhithóipsí Scámhóige CT-threoraithe. Éascaíodh 34 othar i 2009
- Ceapadh an Dr. Nikolay Nikolov agus an Dr. Christoph Kemps mar ainéistéisithe comhairleacha

An Roinn Ainéistéise, Liacht Péine agus Dianchúraim

Soláthraíonn na Comhairligh agus baill fhoireann leighis faoi oiliúint ORIAN ainéistéis, seirbhísí dianchúraim agus bainistithe péine ar fud an ospidéil. Aithníonn coláistí iarchéime uile na hÉireann mar aon le Dámh Liacht Dhianchúraim na hAstráile agus na Nua-Shéalainne an Roinn as an oiliúint a thugann sí san ainéistéise, i liacht dhianchúraim agus liacht péine.

Tá triúr teagascóir Coláiste ainmnithe agus glacann comhaltáir na Roinne páirt ghníomhach sa mhúinteoireacht ar fud an ospidéil.

Obrádlann

Úsáideann gach speisialtacht mháinliachta, liacht péine, gaistrentreoleaíocht, heipiteolaíocht agus cairdeolaíocht na háiseanna agus na seirbhísí obrádlainne. Soláthraíonn an obrádlann seirbhís ionscópachta le haghaidh gnáthamh roghnach agus éigeandála, agus 2,086 eipeasóid athphróiseáil ionscópice aici. I 2009, rinneadh 8,153 gnáthamh i bpríomhsuíomh na hobrádlainne, 6,302 ceann roghnach agus 1,851 ceann éigeandála.

- Rinneadh 93 gnáthamh in Obrádlann Dónna agus 198 gnáthamh san Obrádlann Ionsoithíoch.
- Atosaíodh Diplóma Iarchéime in Altranas Imobráide i Meán Fómhair 2009 i gcomhar le AMNCH le dhá mhac léinn ó Ospidéal Naomh Séamas
- Tá modúil scileanna FETAC do Chúntóirí Chúram Sláinte leantach agus éascaíonn CNM2 Anne Murphy modúl 5


An tIonad Mháinliacht Lae

Is aonad aonair é an tIonad Mháinliacht Lae le 18 tralaí othar réamh/iarobráid lae. Tá dhá obrádlann ghinearálta, obrádlann mionmháinliachta amháin, seomra téarnaimh, seirbhís ainéistéiseach réamh-mheasúnaithe, agus toglann réamh-scaoilte ag an Ionad.

Soláthraíonn an tIonad Mháinliacht Lae seirbhísí d'othair ag dul faoi ghnáthamh mháinliacht lae faoi ainéistéise ghinearálta, réigiúnach agus áitiúil do Mháinliacht Ghinearálta, Mháinliacht Phlaisteach, Ghínéiceolaíocht, Úireolaíocht, E.N.T., Ortaipéidic, Mhascaille agus béil, Mháinliacht Shoithíoch, Bhainistíocht Phéine, Chairdeolaíocht, Dheirmeolaíocht agus Deonadh Smeara. Soláthraítar seirbhís teoranta freisin d'othair ag dul faoi ghnáthamh i bPríomhobrádlann agus an Roinn Íomháu Diagnóiseach.

Bhí 6,383 freastal ar an Ionad Mháinliacht Lae i rith 2009. Taispeáineann an graf thíos an gníomhaíocht ag fás sna gnáthamh a ghactar ag na ranna obrádlainne éagsúla sa Stiúrthóirtheacht Orian.

Gníomhaíocht Orian




ICU agus HDU


Bhí an 15 leaba san ADC go hiomlán oibríochtúil in 2009. Bhí áitíocht leapa ar 97%. Tháinig 785 othar isteach (8.6 AVLOS). Tháinig 599 othar isteach san AAS a bhfuil ceithre leaba ann.

Soláthraíonn an ADC agus an AAS cúram leighis d'othair a bhfuil tinneas criticiúil orthu, a bhfuil riochtaí orthu ar féidir cóireáil ina aghaidh agus a dteastaíonn tacaíocht orgáin uathu. I rith 2009, bhí ab t-aonad bainteach i gcóireáil de thart ar 18 othar a bhfuil an víreas H1N1 orthu, roinnt acu a raibh cóireáil ag teastáil uathu leis an NovaLung, gléas cúnta aeráil seachtraigh ag laghdú an riosca a bhaineann le baratráma ó aeráil mheicniúil i ngéarghortú scámhóige.

Sealbhú míosúil do 2009




Speisialtachtaí a chóireáladh i 2009



Liacht Phéine

Ó bunaíodh Míochaine Phéine Idirghabhálach in Ospidéal Naomh Séamas in 2004 tá méadú tagtha ar atreoruithe othar cónaitheach ó 116 in 2004 go 1,724 i 2009. Táthar ag súil go dtiocfaidh méadú breise ar ghníomhaíocht le hathchóiriú na seirbhísí ailse.

Gníomhaíocht na Seirbhís Phéine



TCuireann an tseirbhís saineolas ar fáil sna cóireálacha seo a leanas: riseatóime-ceirbeacsach-tóracsach-lumbach, spreagadh chord an dromlaigh, teiripe radaimhnicíochta bíogaí néaróige agus néarfhréimhe, néareisídiúchán trígheimineach, teiripe intéiceach agus bainistiú péine ailse idirghabhálach, chomh maith le teiripe anailgése faoi stiúir

an othair agus eipeadúrach, teiripí péine idirghabhála, clinicí comhairleacha othar seachtrach, clinic aireachais agus clinic oideachais faoi stiúir altraí.

An t-Aonad Léasair

D'oibrigh an tseirbhís othar cónaithe le comhairligh Plaistice agus Deirmeolaíochta ar phleananna chúram othar agus sholáthair sé 1,149 cóireáil i 2009 le haghaidh mórán cóireála, a chuimsigh baint:

- De bhail bhroinne, smáil phórtfhíona, loit shoithíocha agus coilim keloid – (Léasair Bíogacha Ruaimé)
- Haemangómaí, loit lítheacha agus gruaig (Alexandrite Gentlelase)
- Loit cheireatóiteacha agus carcanómaí bonnchille (Léasar CO2)
- Tatúnna Iar-Iarthrámachacha agus Iar-Raideolaíochta (Léasar Rúibín Q-lasctha)

Seirbhísí Steiriúla an Ospidéal

Bhí an tríú bliain de mhic léinn Skillvec-cláraithe ag an ASSO, clár a chuimsíonn modúil speisialaithe sa phróiseas Díshalaithe. Tá 11 de na teicneoirí tar éis na modúil seo a chríochnú nó a ghlacadh anois. I mBealtaine 2009, ardaíodh duine de na teicneoirí, Seamus Lennon, céimí de FETAC Leibhéal 6, chun phost maoirseachta

- Athphróiseáladh an ASSO 26,398 sraith uirlis i rith na bliana
- Lean obair thionscadal freisin ar chóras rianú agus inrianaitheacht trealamh liachta náisiúnta FSS-mhaoinaithe dá bhfuil an ASSO ar an suíomh píolótach

SCOPE



Philomena Flood

Bainisteoir

Patricia Reilly

Riarthóir

Gina O'Donohue Uas.

Bainisteoir Teiripe Urlabhra agus Teanga

Sandra Brady Uas.

Bainisteoir Cothúcháin Chliniciúil

Angela Keane Uas.

Bainisteoir Oibre Shóisialta

Niamh Merriman Uas.

Bainisteoir Theiripe Shaothair

Niamh Murphy Uas.

Bainisteoir Síctearipe

Réamhrá

Cuimsíonn SCOPE Teiripe Urlabhra agus Teanga, Obair Shóisialta Liachta, Cothúchán Cliniciúil, Teiripe Shaothair agus Fisiteiripe.

Forbairtí Nua/Tionscnaimh Cháilíochta

- Chomhlíon SCOPE an chuid is mó de na Stiúirthóireachtaí Cliniciúla chun léirshamhail imeascha níos éifeachtúla a bhunú do na Gairmeacha Comhghaolmhara Sláinte chun seachadadh cúraim d'othair agus bealaí cumarsáide idir SCOPE agus na Stiúirthóireachtaí a fheabhsú
- Thosaigh Athbheithnithe um Chuspóirí a leagan síos (OSR) do bhainisteoirí na ranna i Lúnasa 2009
- Thosaigh atreoruithe SCOPE ar chóras Chuntas Leictreonach Othar (CLO) go luath i 2009
- Ghlac foireann SCOPE páirt i gclár pólótach Thine r-Fhoghlama chun éifeachtacht na traenála seo a mheas

Roinn an Choathúcháin Chliniciúil

Treochtaí Seirbhíse

- Mhéadaigh gníomhaíocht othar neamhchónaithe faoi 5% agus laghdaigh rátaí asláithreachta faoi 15% i 2009 i gcomparáid le 2008

Forbairtí Nua/Tionscnaimh Cháilíochta

- Coimeádadh dlúthnaisc le seirbhísí chothúchán an phobail & diaitéitice, le hothair atreoraithe d'athleanúint diaitéitice ina gceantar nuair is cuí
- Leathnaíodh tionscadal píolótach maoinithe ag SKILL chun ról na gcúntóirí diaitéitice i suíomh ghéarchúram sláinte na hÉireann go deireadh 2009. Bhí na cinn seo a leanas i measc na ndualgas i gceist, scagthástáil agus measúnacht chothaitheach, bailiúchán sonraí, feidhmiúchán pleananna chúram cothaitheach, rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí chur chun cinn sláinte, cothú trealamh agus soláthairtí agus tascanna riaracháin
- Chumasaigh deontas ó Fhondúireacht Ospidéal Naomh Séamas don choiste Iónadóireachta ildisciplínaigh chun an trealamh riachtanach a cheannach le haghaidh sholáthar béilí purée d'othair le diosfaige ag iarraidh an chomhsheasmhacht seo mar chuid dá dteiripe chothaitheach agus dhiosfaige
- Chuidigh scagthástáil chothaitheach riosca ag na cúntóirí diaitéiteacha in (AIGL) Aonad Iontráil Géarriachta & MedEI le sainaitheint othar a bhí míchothaithe nó i mbaol a bheith míchothaithe, ionas go mbeadh said atreoraithe agus curtha in ord tosaíochta le haghaidh measúnachta agus idirghabhála
- Críochnaíodh triail ag scrúdú sábháilteachta, lamhátais agus éifeachtúlachta cliniciúla fhorbhia cothaitheach béil in othair mhíchothaithe atá curtha san ospidéal in Aibreán 2009, le sraitheanna sonraí lána faighte d'othair 41 othar
- Mhainaigh an Bord Taighde Sláinte taighde i siondróm agus ailse meitibileach, le torthaí a taispeánadh ag roinnt comhdhálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta i 2009
- Rinne Coiste Choithúchán Cliniciúil agus Teiripe Urlabhra & Teanga athbhreithniú agus uasghrádú ar threoirínte othar ar aistí bia comhsheasmhachta mionathraithe agus sreabháin tiubhaithe chun a chinntiú go soláthraigh an dá roinn eolas comhsheasmhach

Oideachas/Forbairt Phroifisiúnta Leanúnach

- Chríochnaigh sé mac léinn fochéime BSc (Hons) Cothú & Diaitéitic Daonna a socrúchán cleachta cliniciúla. Soláthar an roinn socrúchán tionsclaíochta do mhac léinn fochéime ó Ollscoil Uladh
- D'fhreastal saineolaí cothúcháin cliniciúil sinsearach in Diaibéiteas & Inchríneolaíocht traenáil oideachais

struchtúrtha ag DESMOND agus freisin d'eagraigh said seisiún traenáil ar chomhaireamh carbaihiodráite le haghaidh fhoireann cothaithe cliniciúla, altranaís agus liachta san Aonad Lae Diaibéitigh

- Chríochnaigh sé mball foirne an cúrsa thraenáil stiúrthóireacht chliniciúil neamh-bhainistiúla (SCNB), agus mar gheall air sin ba 18 líon iomlán na foireann sinsearach in SCNB
- Soláthraítar traenáil Bhainistíocht Ama do gach ball foirne

Roinn Obair Sóisialta Liachta

I Nollaig 2009 d'éirigh Angela Keane, Bainisteoir Obair Sóisialta ar feadh 3 bliana as a post.

Forbairtí Nua/Tionscnaimh Cháilíochta

- Chríochnaigh an roinn Obair Sóisialta Liachta polasaithe ar 15 réimse gnáthaimh agus cleachtais, cosaint daoine aosta, leas agus cosaint leanaí san áireamh
- Chuidigh an roinn Obair Sóisialta Liachta agus a dteaghlacha chun iarratas a chur isteach ar an scéim "Chothrom na Féinne" a chuimsíonn riachtanais chúraim agus measúnacht airgeadais
- Bhí Oibrí Sóisialta Liachta Méala Sinsearach bainteach i mbunú 2 líne chabhrach de thoradh ar an Tuarascáil Wills ar coinneáil organ
- Sholáthar an Oibrí Sóisialta Liachta Méala Sinsearach ionchur don iniúchadh agus caighdeán don cháipéis chúram 'Dheireadh Saoil' ag Foras Ospíse na hÉireann
- In Eanáir 2009 thosaigh post Oibrí Sóisialta Liachta i Seirbhís Aonad Mheasúnacht Ghalar Scamhóige Toirmeascaigh Ainsealaigh/Riosparáide. Soláthraíonn an tseirbhís seo comhairleoireacht tacúil, measúnacht tacaíochtaí baile agus pobail agus pleanáil chúraim. Éascaíonn said obair ghrúpa i réimsí bhainistíocht imní agus struis, leagan síos cuspóirí agus teidlíochtaí agus tacaíochtaí pobail tríd an Clár Shoithíoch Athshlánaithe. Comh-éascaíonn said an Grúpa Thacaíocht Ghalar Scamhóige Toirmeascaigh Ainsealaigh

Oideachas/Forbairt Proifisiúnta Leanúnach

- D'fhreastal an fhoireann ar thraenáil a chuimsigh Cosc ar Fhéimmarú [Cúnta], Ag Maireachtáil le Féimmarú, Drochíde ar Dhaoine Aosta, Cothrom na Féinne, Cúram Cairdiach, Measúnacht Mhéala, Leanáil agus Cailliúint, Néaltrú, Teascadh, MDT

- D'fhreastal an fhoireann ar chomhdhála, Cumann Oibríthe Sóisialta na hÉireann, an t-ochtú Comhdháil Nordach VEID san áireamh, Comhdháil Fóram Sláinte d'Fhir Aerach
- Sholáthar Oibríthe Sóisialta Liachta 8 sochrúchán do mhic léinn ag glacadh cúrsaí próifisiúnta obair shóisialta
- Chríochnaigh ceithre Oibrí Sóisialta Liachta cúrsa ar Mhúineadh Chleachtas [TDC/UCD]
- Sholáthar an fhoireann traenáil d'fhoireann an ospidéal ar 'Dhrochíde ar Dhaoine Aosta' agus ar 'Chothrom na Féinne'
- Ghlac Oibríthe Sóisialta Liachta an taighde seo a leanas faoi chúram sa Chlinic GUIDE
 - Staidéar ar othair a chailleadh ag Seirbhísí VEID. [2009] Tá sé mar aidhm ag an taighde seo tuiscint a fháil ar phróifílí agus fhothorthaí na n-othar a chailleadh ag athleanúint [LTFU]
 - Ról féideartha oibre sóisialta in dul ngleic le othair chun rannpháirtíocht le seirbhísí a choimeád

Teiripe Shaothair

Treochtaí Seirbhíse

Mhéadaigh gníomhaíochtaí i 2009 faoi 2.5%, le méadú de 6.2% do theagmhálaithe othar neamhchónaithe. Críochnaíodh 194 measúnú baile agus tharla 117 scaoileadh ráthúil abhaile de thoradh orthu

Forbairtí/Tionscnaimh Cháilíochta Nua

- Ag obair le comhghleacaithe Theiripe Shaothair Phobail i gCathair Bhaile Átha Cliath Theas, i mBaile Átha Cliath Thiar-Theas, i mBaile Átha Cliath Thiar, soláthraíodh trealamh cumasúcháin do 84 othar chun scaoileadh abhaile a éascú go tráthúil
- Faoi réir chúram imeasctha, críochnaíodh an chéad rothlú Theiripe Shaothair ghrád fhoireann ospidéal/pobail idir Ospidéal Naomh Séamas agus Baile Átha Cliath Thiar-Theas ó Iúil – Nollaig 2009
- D'oibrigh Teiripe Shaothair leis an tseirbhís Theiripe Shaothair i gCathair Bhaile Átha Cliath Theas maidir le prótacal cúraim roinnte ina ndéantar cóireáil ar othair ag iarraidh cleithíneachta neamhchoimpléasca sa phobal in ionad an ghéarshuimh
- Ag baint úsáide as Bainistíocht Fheidhmiúcháin Fhoireannbhunaithe, bunaíodh Foireann Sheirbhísí Imeasctha na mBainisteoirí Teiripe Shaothair chun obair a

dhéanamh chun líonra forbartha leanúnaigh a bhaint amach le haghaidh sheirbhísí TS imeasctha do sheirbhísí géara agus PCCC

- D'éascaigh Teiripeoirí Saothair grúpaí gortóireachta teiripeacha i Polathollán Garraíodóireachta MedEI, ag éascú d'othair agus do theaghlacha chun taitneamh a bhaint as an t-eispéireas garraíodóireachta

Oideachas & Traenáil

- Ghlac Teiripe Shaothair páirt i gceardlann 2 lae ar Scileanna Láithreoireachta
- Chríochnaigh Teiripeoirí Saothair an cúrsa Harrison ar mheasúnacht agus chóireáil Mífheidhmithe Cognaíocha/Aireachtála
- Chríochnaigh dhá Theiripeoir Saothair cúrsaí Leibhéal 1 agus 2 Chumann Theiripe Láimh na Breataine
- Chríochnaigh dhá Theiripeoir Saothair MSc i mBainistíocht Chúram Sláinte
- Críochnaíodh Cúrsa Scileanna Chúntóir Chúram Sláinte FETAC ag CTS

Fisiteiripe

Treochtaí Seirbhíse

Othair Fhisiteiripe Nua a chonacthas



Forbairtí Nua

Buaiteoir Dhuais Nuálaíocht Seirbhíse. Comhdháil CFCE (Cumann Fisiteiripeoirí Cairte na hÉireann) Samhain 2009

Tionscnaimh Bhainistíocht Fheidhmiúcháin Fhoireannbhunaithe idir seirbhísí fisiteiripe sa phobal agus ONS

Idirghabháil fhisiteiripe luath le hothair stróc

Soláthar foirne reatha athstructúrtha, chun idirghabháil fhisiteiripe a éascú laistigh de 48 uair de hiontráil othar CVA chuig AMAU



€16,000 sábháilte ar fhearis

I gcomhoibriú le seirbhísí chúram pobail tugadh isteach córas le haghaidh bhainistíocht agus rianú oideas frámaí siúil

Liosta fanachta laghdaithe do Chlár Athshlánú Soithíoch

Ó bliain amháin go 4 mí

Oideachas Proifisiúnta Seachtrach

- 75 socrúchán Fisiteiripe fochéime soláthartha
- Tréimhse oiriúnaithe amháin d'Fhisiteiripeoir oilte thar lear
- Soláthar Lá Staidéar Oideachais Chliniciúla Náisiúnta go Oideachasóirí Cleachtais
- Soláthar Lá Staidéar Oideachasóir Ardchleachtais, 5ú Samhain 2009
- Forbairt modúl r-fhoghlama ISCP ag Clare Bailey

Teiripe Urlabhra agus Teanga

Treochtaí Seirbhíse

Bhí méadú de 10% ar atreuithe chuig an Roinn Theiripe Urlabhra agus Teanga i 2009, agus bhí méadú de 8% ar ghníomhaíocht na roinne.

Forbairtí/Tionscnaimh Cháilíochta Nua

Críochnaíodh iniúchadh cliniciúil 5 bliana ar sheirbhís Theiripe Urlabhra agus Teanga i ngéarchúram a rinneadh athbhreithniú ar phatrún/rátaí, ar fhorbairt sheirbhíse agus ar athrú roil laistigh den réimse speisialachtachta seo.

Daingnaíodh maoiniú trí Thionscnamh Stróc Fhóras Ospidéal Naomh Séamas chun trealamh a cheannach chun seirbhís SSIS (Scrúdú Snáthoptaice Ionscópach ar Slogadh). Tosaíodh pleanáil d'fhorbairt na seirbhíse seo mar thosaíocht na roinne.

Athbhunaigh an roinn Clinic Stróbascópachta míosúla comhpháirteacha SLT/ENT go ráthúil ag soláthar seirbhís speisialtachta d'othair le neamhoird ghutha.

Oideachas/Forbairt Phroifisiúnta Leanúnach

- Chríochnaigh teiripeoir sinsearach amháin a Máistreacht
- Thug cúig teiripeoir láithreoirachtaí ag Comhdháil dhébhlíantúil IASLT an chumainn Phroifisiúnta a chéiliúir 40 bliain an phroisiúin in Éirinn
- Tionóladh lá Thraenáil Afáise “Déan cumarsáid le muinín” d'fhoireann an ospidéal go léir ag obair chun cúram a fheabhsú d'othair le heasnamh cumarsáide
- Tionóladh cúrsa Athchóiriú Guth Máinliachta don tríú bliain

An Roinn Chógaisíochta



Veronica Treacy Uas.

Stiúrthóir Seirbhísí Cógaisíochta

Gail Melanophy Uas.

Cógaiseoir Príomach 1

Sandra Conaty Uas.

Bainisteoir Gnó

Réamhrá

Is í an Roinn Cógaisíochta a cheannaíonn, a fhodháileann agus a dháileann táirgí cógaisíochta agus parachógaisíochta laistigh den Ospidéal. Cuirtear seirbhís chógaisíochta chliniciúla ar fáil do gach barda agus d'áiteanna áirithe speisialtóra chun úsáid shábáilte, éifeachtach agus bhairinneach na dtáirgí seo a chinntiú.

I measc na seirbhísí eile tá seirbhís chumaisc aiseiptigh, faisnéis leigheasanna, dáiliúchán othar seachtrach go dtí Ospidéal 5 agus oideachas agus traenáil d'othair agus comhaltáí foirne cliniciúla araon. Ba í an Roinn Chógaisíochta a sholáthair gach seirbhís cógaisíochta d'Ospidéal Naomh Lúcas agus Ospís Mhuire. Bhí méadú gníomhaíochta i ngach réimse le linn 2009.

Achoimre ar Fhorbairtí i 2009


- Foilsiú agus dáileadh Treoir nua an Oideasóra 2009, Treoirlínte Antaibheathach Eimpíreach an Ospidéil san áireamh
- Leathnú chóras mhonatóireacht teochta 24/7 chuig an Príomhchógaslann, Ospidéal 5
- Suiteáil agus coimisiúnú anraitheoir ceimiteiripe nua don Aonad Cumaisc Aiseiptigh

- Suiteáil agus coimisiúnú aonraitheoir ceimiteiripe nua don Aonad Cumaisc Aiseiptigh
- Críochnú traschur sraitheanna riaracháin agus táirgí chothú béil chuig bainistíocht ábhar, chun riachtanais chumais stórala ag fás a chuimsiú laistigh den chógaslann
- Bronnadh tairiscintí d'cóirithe, do fhrithmhiocróbaigh agus antineo-phlaistic
- Tugadh isteach próiseas thraenáil intéirigh nua do chéimithe cógaslainne
- Críochnaíodh tionscadal píolótach ar sheirbhís bhainistithe do shreabháin scaghealaithe

Seirbhísí Íoclainne agus Leithdháilte

Lean an Íoclann ar aghaidh le seirbhís bhreisithe a sholáthar don Ospidéal in 2009. D'fhan caiteachas drugaí ag leibhéal 2008 agus ag an am céanna mhéadaigh an mhéid dáiliúcháin faoi 2.5%.

Líon carnach iomlán na n-idirbheart 2001-2009



I 2009 chláraigh an Roinn Chógaisíochta le Cumann Chógaiseoirí na hÉireann faoin Acht Chógaisíochta 2007.


Leanann an tSeirbhís Chógaisíocht Dhualgas Éigeandála – a chuirtear ar fáil chun leigheasanna práinneacha nó faisnéis phráinneach a sholáthar do bhaill fhoirne ag an ospidéal seo lasmuigh de na huaireanta oscailte – a bheith gnóthach. I 2009, sheas sé do 5% den ghníomhaíocht iomlán de 402,277 idirbheart.

Seirbhísí Aiseipteacha/Cumaisc

Déantúsaíonn an tAonad Chumasc Aiseiptigh réimse leathan táirgí cíteatocsaineacha agus táirgí steiriúla

eile d'othair chónaithe agus othair neamhchónaithe araon. Léiríonn an graf thíos fi giúirí táirgíochta an ACA, bliain i ndiaidh bliana, don 5 bliana deireanacha.

Figiuiri ACA 2005-2009



I 2009, bhí an fócas ar athchreidiúnú na foirne i gach gné den bpróiseas déantúsaithe. Forbraíodh clár athchreidiúnaithe agus chríochnaigh gach ball foirne athchreidiúnú. Déanfar athchreidiúnú ar bhonn bliantiúil. Lean na grúpaí oibríú Chlaonadh Próisis agus Smachtú Cáilíochta, a bheith i ról maighdeogach laistigh de chlár bhainistíocht cháilíochta an ACA.

Seirbhísí Cógaisíochta Cliniciúla 2009

Tá páirtíocht Chógaisíochta ag leibhéal barda dírithe ar úsáid shábáilte, éifeachtach, bharrainneach drugaí a chur chun cinn. I measc na seirbhísí tá:

- Páirtíocht i gcuariteanna barda faoi stiúir chomhairligh i réimsí áirithe speisialtóra
- Cuairteanna laethúla a thabhairt ar othair chun cinntiú go n-athbhreithnítear soláthar agus oideas drugaí
- Soláthar seirbhís Eolas Leigheasra
- Athbhreithniú Réiteach Leighis ar iontráil. Forbairt leantach ar fhoirm chaighdeánaithe do chógaiseoirí cliniciúla a dhéanann stair leigheas othair a thaifeadadh mar a d'fhorhuiníodh ag Tuirisc Madden, 'Building a Culture of Patient Safety' agus Coiste Cógaisíochta agus Treapeolaíochta
- Oideachas a chur ar othair chónaithe (agus ar othair neamhchónaithe más cuí) faoi leigheas roimh scaoileadh. I 2009 tugadh isteach cárta práinne cortacaistéaróidigh d'othair
- Soláthar cártaí thaifead leigheas agus bileoga eolas othair ar scaoileadh chun comhlíonadh a fheabhsú le coimpléisc chógais chasta. Teagmháil a dhéanamh le Cógaiseoirí Pobail chun cinntiú nach n-éiríonn fadhbanna soláthair ar scaoileadh
- Teagmháil a dhéanamh le speisialtóirí ó na foirne leighis agus altranais chun athbhreithniú a dhéanamh ar threoirlínte oidis don Ospidéal. I 2009 chuimsigh treoir nuashonraithe bainistíocht hipiglicéime, bainistíocht anaifolacsais agus

monatóireacht drugaí teiripeacha litiam, diogocsain agus phenytoin

- Páirtíocht leantach i dtrialacha cliniciúla sa stiúthóireacht MedEI

SEIRBHÍSÍ GUIDE

Is é an Chógaslann GUIDe, Cógaslann shatailíte ar an láthair, an soláthróir is mó cógas d’othair VEID i bPoblacht na hÉireann. Tá ról lárnach ag an bhfoireann Chógaisíochta i bhforáil soláthar cógaisíochta agus seirbhís chógaisíochta cliniciúla araon do gach othar cónaithe agus othar neamhchónaithe VEID, ag oiliúint othar agus lianna maidir le teiripí agus idirghabhálacha druga. Bainistíonn said ionfhabhtuithe víreasacha fhrithsheasmhacha in aghaidh ildrugáí, ceisteanna comhlíonta, agus soláthraíonn said treoir tráthúil agus riachtanach ar thocsaineachtaí, fadhbanna cardashoithíochta agus castachtaí duánacha san áireamh. Cabhraíonn an áis ar láthair freisin i soláthar sheirbhís eolas leigheasra agus bainistíocht trialacha cliniciúla.

Tharla líon othar i bhfad níos mó ag fail ART agus leighis bainteacha VEID eile ón gCógaslann GUIDe anois de thoradh ar an laghdú suntasach ar ghalracht agus ar mhortlaíocht a bhaineann le cóireáil VEID anois, chomh maith le líon méadaithe othar VEID-deimhneacha nuadhiagnóisithe go bliantúil agus an treoir idirnáisiúnta chun othair VEID-ionfhabhtaithe a thosú ar dhrugaí frith-aisvíreasacha (FAV) níos luaithe i stair náisiúnta ionfhabhtaithe.

MSc. i gCógaisíocht an Ospidéal

Cúrsa ar bhonn cleachtais is ea an MSc i gCógaisíocht an Ospidéal a dearadh chun eolas agus scileanna chógaiseoirí an ospidéal a bharrfheabhsú, ag cumasú orthu a chur go dearfach le cúram othar i ngach gné de bhainistíocht leigheasra. Soláthraíonn Scoil na Cógaisíochta agus na nEolaíochtaí Cógaisíochta TCD, i gcomhar le roinnt ospidéal oiliúna agus comhordaítear é ó Ospidéal Naomh Séamas. Chríochnaigh deich mac léinn an clár dhá bliana go rathúil i Nollaig 2009. Glacadh páipéir ó dtrí mac léinn le haghaidh foilseacháin, bunaithe ar a dtionscadail taighde.

Gníomhaíochtaí Oideachais agus Taighde

Tá an Roinn bainteach le múinteoireacht leantach do mhic léinn cógaisíochta, altranaís agus leighis ar leibhéal bunchéime agus ar leibhéal iarchéime.

larchéimithe cógaisíochta rathúla

- Roisín O’Connor - MSc Cógaisíocht Chliniciúil UCC
- Orla Maguire & Fiona Kelly – MSc Cógaisíocht Ospidéal TCD
- Fionnuala King MSc Stiúthóireacht Chruthaitheach agus Foghlaim Eagraíochtúil RCSI

- Shirley Guerin– Diplóma Iarchéime i gCógaisíocht Síciatrach, Aston

Ionad d’Ard Teiripeacha Cliniciúla (IATC)

An Dr Mary Teeling

Stiúrthóir

An tOll. John Feely (go Meitheamh 2009)

Stiúrthóir Liachta

I rith 2009, lean an tIonad ag cur cúrsaí oideachais fhorbartha gairmiúla (FLG) ar fáil chun proifisiúnaigh a chumasú in earnáil an chúraim shláinte agus i seirbhís gaolmhara a bheith ar an eolas faoi dhul chun cinn i réimse na cógaisíochta. Reáchtáladh roinnt cúrsaí gearra, lena n-áirítear modhanna taighde chliniciúil, faireachas cógas/sábháilteacht drugaí agus “Bunchúrsa san Oinceolaíocht” (i gcomhar leis an Stiúthóireacht HOPE) i rith na bliana. Reáchtáil an tIonad gearrchúrsa ar ról na cógaseacnamaíocht i gcúram sláinte in Éirinn i gcomhar leis an Ionad Náisiúnta don Chógaseacnamaíocht. Lean an tIonad ag obair le ag eagrú bunchúrsaí agus ardchúrsaí staitisticí do Chláraitheoirí Speisialtachta.

Lean an tIonad den chomhoibriú le Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath i reáchtáil Dhiplóma Iarchéime/MSc sa Mhíochaine Chógaisíochta. D’oibrigh an tIonad le Scoil na Cógaisíochta, Coláiste na hOllscoile Corcaigh i reáchtáil an MSc sa Chógaisíocht Chliniciúil (cúrsa cianfhoghlama) go Nollaig 2009 nuair a chríochnaíodh an Conradh.

Ba mhaith leis an tIonad fíis agus tacaíocht an Oll. John Feely a admháil, Stiúrthóir Liachta a chailleadh faraoir i Meitheamh 2009.

Ionad Náisiúnta um Eolas Leigheasra (INEL)

Claudine Hughes

Príomh-Chógaiseoir II

An Dr Mary Teeling/An Dr Mary Jo MacAvin

Comhairleoirí Liachta

Dr. Michael Barry

Stiúrthóir Liachta (Gníomhach)

Cuireann an INEM eolas ar fáil ar aon gné de theiripe drugaí do chleachtóirí cúraim shláinte.

Forbairt i 2009

- Tionscadal píolótach chun bunachar sonraí Scagthástáil Horizon i gcomhar leis an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte.
- Comhpháirtíocht le Coláiste Ríoga Léa na hÉireann i seachadadh traenála ar ordú sábháilte mar chuid de chlár thraenáil phroifisiúnta ginearálta NCHD.

Treochtaí Seirbhíse

I 2009, bhunaigh breis is 70% de fhiosrúcháin don sheirbhís fhreagairt fhiosrúcháin NMIC ó chúram príomha, agus is iad an t-eolas maidir le riarachán/dáileog leigheaseanna, idirghabhálacha druga, agus frithghníomhuithe díobhálach in aghaidh druga na saghasanna eolais is coitianta a iarrtar.

Chomh maith leis sin, soláthraíonn an t-aonad eolas go réamhghníomhach faoi leigheasanna trína dhá fhoilseachán, nuachtlitir mhíosúil thuisceana reatha “Therapeutics Today” agus bullaitín démhíosúil treapeolaíochta. I measc na n-ábhar a cuimsíodh i 2009 (Iml. 15) tá Ordú Géineasach agus Ordú i Leanaí. Cuirtear gach foilseachán INEM chuig dochtúirí agus cógaiseoirí ar fud na tíre agus tá siad ar fáil ar www.nmic.ie

Ionad Náisiúnta don Chógaseacnamaíocht (NCPE)

An Dr Michael Barry

Stiúrthóir Cliniciúil

Bunaíodh an tIonad Náisiúnta don Chógaseacnamaíocht, atá lonnaithe in Ospidéal Naomh Séamas Bhaile Átha Cliath, in Éirinn i 1998, le maoiniú ag an Roinn Sláinte agus Leanaí. Cuireann an tIonad saineolas in Éirinn chun cinn ar mhaithe le forás an disciplín chógaseacnamaíochta trí chleachtadh, taighde agus oideachas. I measc na ngníomhaíochtaí tá measúnú eacnamaíoch táirgí cógaisíochta agus forbairt ordaithe chost-éifeachtúil. Déanann an NCPE taighde, a dhíríonn go príomha ar mheasúnú eacnamaíoch réimsí ard chostais, ar nós teiripe frith TNF don airtríteas réamatóideach. Cabhraíonn an NCPE le curaclam bunchéime na cógaseolaíochta agus le hoiliúint iarchéime freisin.

Tá os cionn 50 measúnú déanta ag an Ionad d’Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus don Roinn Sláinte agus Leanaí. Ina measc na measúnuithe le déanaí bhí: Prasugrel (Efiect®), Ustekinumab (Sterlara®), Agomelatine (Valdoxan®), agus vacsaín rótaivíris.

Rinne an NCPE an Measúnú Teicneolaíochta Sláinte ar an ról atá ag an vacsaín in aghaidh an tsineánómaivíris dhaonna maidir le baol na hailse ceirbheacs a laghdú ar son an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte. Chomhoibrigh an tIonad le déanaí leis an gClár Náisiúnta Ailse chun measúnú a dhéanamh ar chost éifeachtúlacht mhodhanna scagthástála le haghaidh ailse calaireictí.

Is é an Dr Barry, Stiúrthóir Cliniciúil NCPE uachtarán an Chumann Idirnáisiúnta Chógaseacnamaíochta agus Taighde Torthaí agus Stiúrthóireacht an Choiste Chlár Eolaíochta Idirnáisiúnta don 7ú Cruinniú Bliantúil Idirnáisiúnta Mheasúnacht Theicneolaíocht Shláinte a tharlóidh i mBaile Átha Cliath i Meitheamh 2010.

Fisic Liachta & Bith-Innealtóireacht



An tOll. Neil O'Hare

Ceannaire na Roinne

An Dr Geraldine O'Reilly Leas

Leas-cheannaire na Roinne

An tUas. John O'Meara

Príomh-theicneoir


Réamhrá

Tá réimse leathan scileanna ag foirne lianna, teicneoirí agus innealtóirí na Roinne Fisice Liachta agus Bith-Innealtóireachta chun seirbhísí a sholáthar d'Ospidéal Naomh Séamas i mbainistíocht trealaimh, tacaíocht chliniciúil, bainistíocht tionscadail agus sábháilteacht. Go hoibríochtúil oibríonn an roinn i ngrúpaí a shainfheidhmíonn i dteicneolaíocht íomháithe, cúram criticiúil agus trealamh ginearálta leighis, seirbhísí steiriúla agus córais optacha/ionscópacha. Soláthraíonn an roinn seirbhísí Comhairle Cosanta Radaíochta do chuid mhór institiúidí seachtracha chomh maith.


Forbairtí

Lean an Roinn ag forbairt a gcóras TF Bhainistíocht Trealamh le gach réimse ag baint úsáide as gcóras le haghaidh bhainistíocht sócmhainne agus logáil ghla. Tacaíonn an Roinn le breis is 3,900 sócmhainn le costas caipitil de €49m agus buiséid tacaíochta de €2.3m.

Líon na dtrealamh liachta a thacaíonn FLBI



Luach na dtrealamh liachta a thacaíonn FLBI



- Ba ball foirne eochrach é Físic Lichtha i ndearadh agus i gcoimisiúnú an Aonaid PET/CT. Leanann ról na roinne ar aghaidh le tacaíocht leantach do sheirbhís ghnáthaimh agus rannpháirtíocht i agus tús a chur le gníomhaíochtaí taighde. Chuir sí an obair seo fobairt roinnt uirlisí iniúchta i PET, Liacht Núicléach agus Teiripe Radanúicléide i gcomhoibriú le húsáideoirí cliniciúla agus déanta mar chuid d’fhorbairt iniúchta cliniciúla
- Sholáthar an roinn tacaíocht Físice do liacht núicléach, sonraíocht, forbairt agus measúnacht tairisceana san áireamh do chóras nua SPECT-CT; tacaíocht Físice don tseirbhís Teiripe Radanúicléide agus athleanúint Íomháithe; agus tacaíocht do theiripe Zevalin d’othair NHL & eisídiú d’Ailse Thíoróideach
- Lean comhaltaí foirne na roinne den bhaint atá acu le cuid mhór coistí agus tionscadail náisiúnta agus idirnáisiúnta.
- Ceannaire Tionscadail – Tionscadal Chóras Íomhái Liachta Comhtháite Náisiúnta (CÍLCN) (FSS); Ball Choiste Chomhairleach Liachta d’Institiúid Éireann um Chosaint Raideolaíoch agus mar chuid den obair sin ceann de phríomhúdair an cháipéis Treorach ‘Treoirínte ar chosaint an linbh gan bhreith i rith nochtadh liachta diagnóisigh’ (Nollaig 2009)

- Cathaoirleach – Tionscnamh na nEolaíochtaí Físiceacha sa Leigheas
- Ball de ghrúpa saineolaithe Airteagal 31, grúpa comhairleach don Coimisiún Eorpach. Dhréachtaigh an Grúpa na Treoracha athbhreithnithe agus athmhúnaithe ar shábháilteacht raideolaíoch d’oibrith, othair agus an phobail
- Ionadaí Físice ar an gComhairle Fiaclóireachta
- Dhá bhall ar Ghrúpa Chomhaireach Iniúchadh Raideolaíoch Déadach an Choiste Shábháilteacht Raideolaíoch Déadach Bhaile Átha Cliath Thuaidh Thoir/Bhaile Átha Cliath Lár-Laighean
- Ball de Choiste Chlár Chónaitheacht Fhísic Oinceolaíoch Raideolaíoch Náisiúnta a bhunaigh clár traenála náisiúnta d’Fhísiceoirí Liachta
- Ionchur in athbhreithniú fhoilsiúchán an Choimisiúin Eorpaigh Cosaint Raideolaíochta

Oideachas/Gníomhaíochtaí Oiliúna

- Comhordaíodh agus seachadaíodh MSc Eolaíochtaí Físiceacha sa Leigheas (TCD); Chríochnaigh 11 mac léinn an cúrsa MSc Eolaíochtaí Físiceacha sa Leigheas comhordaithe le MPBE ag TCD. Tar éis athbhreithniú a rinne Institiúid Fhísice & Innealtóireachta sa Leigheas (IFIL) rinneadh athchreidiúnú mar IPEM MSC aitheanta go ceann cúig bliana eile
- Comhordaíodh & soláthraíodh léachtóirí don chlár Físice do Chomhaltacht Cuid 1 i Raideolaíocht, RCSI
- Comhordaíodh & soláthraíodh léachtóirí do Mhodúl Chosaint Raideolaíochta do Dhioplóma i Liacht Núicléach, TCD
- Seachadaíodh modúil i bhFísic & Íomhái Liachta do roinnt institiúidí, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, An Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath & Coláiste na Tionóide, Baile Átha Cliath

Gníomhaíochtaí Taighde

Leanann an roinn ar aghaidh le réimse tionscadal MSc agus PhD a mhaoirsiú agus tacú leo, tionscadail i réimsí mar seo a leanas: Íomhái Diagnóisigh, Cosaint Radaíochta, Forbairt Fheistí, Dáileogmhéadracht Radaíochta UV agus Íomhái Athshondais Mhaighnéadaigh.



IAÍL (Ionad um Ard Íomháu Liachta): Osclaíodh an córas ÍAM taighde 3T, atá maoinithe ag an BTS, in 2008 agus chuir FMBI go mór leis seo. Ceapadh fisicí taighde MRI lánaimseartha de chuid FMBI don ionad.

Taighde chrith súile: Chríochnaigh Mohammed al-Kalbani taighde PhD go rathúil ar mhicrea-chrith súilí faoi mhaoirseacht an tOll. Davis Coakley, an Roinn Seaneolaíocht Liachta, TCD agus an Dr. Gerard Boyle, an Roinn Fhísic Liachta agus Bith-innealtóireachta (MPBE), Ospidéal Naomh Séamas. Lean Emer Kenny Uas. ar aghaidh lena hobair thaighde maoinithe ag SFI ar fhorbairtí modhanna súilí ar thomhais OMT. Mar chuid den obair seo, ceannaíodh físcemara ard-sonraíochta a fheidhmaíonn ag luasanna agus íogaireacht i bhfad níos airde ná gnáth-físcemara.

Lean comhoibriú le máinliacht shoithíoch ar thionscadal taighde ag déanamh iniúchadh ar cheisteanna dháileog radaíochta bainteach le gnáthaimh EVARs.

Taighde Medel/TRIL: Lean clinic taighde TRIL (MIRA) ar aghaidh ag déanamh measúnuithe ar dhaoine is sine le linn 2009 maidir le tosca riosca titime, comhcheangailteacht shóisialta agus feidhmiú cognaíoch. Thug FMBI tacaíocht don phróiseas measúnaithe mar aon le hanailís sonraí i roinnt tionscadal laistigh de TRIL. Chuir FMBI roinnt tionscadal nua trasdisciplíneach i ngníomh ar theicneolaíocht i gcúram daoine aosta i gcomhar leis an bhfoireann chliniciúil. Eascraíonn na tionscadail seo as comhoibriú atá ann le fada le MedEL ar fheidhmeanna na teicneolaíochta.

Bhí tionscadail ar fhorbairt mhodh nua measúnaithe chothromaíochta, staidéar ar bhith aisfhotha chun feabhas a chur ar choisíocht othar a bhfuil galar Parkinson orthu agus measúnú cluichí ríomhaire in athshlánú stróc. Lean obair iarchéime ar aghaidh chun tuiscint a thabhairt chun cinn maidir le hiompraíocht chórais chardashoithíoch an duine a thit; tá an obair seo ar siúl i gcomhar leis an Aonad Titimí agus Sioncóipise.

Seirbhísí Tacaíochta Ginearálta



An tUasal Craig Roberston

Bainisteoir na Seirbhísí Tacaíochta Ginearálta
(a d'éirigh as a phost i 2009)



An tUasal Vincent Callan

Bainisteoir Gníomhach na Seirbhísí Tacaíochta Ginearálta
(a thosaigh Nollaig 2009)



Grace Rothwell Uas.

Bainisteoir Gníomhach na Seirbhísí Tacaíochta Ginearálta
(a thosaigh Nollaig 2009)

Réamhrá

Is iad Seirbhísí Tacaíochta Ginearálta an grúpa de sheirbhísí tacaíochta neamhchliniciúla - ina measc tá lónadóireacht, glantachán, seirbhísí timpeallachta, póirtéireacht, slándáil, neachtlan, cumarsáid, séipilíneacht, agus comhthionól.

Eochairfhorbhairtí

- Lean an rannóg sláinteachais ag aithint agus ag feidhmiú tionscainmh fheabhsú cáilíochta thar réimse sheirbhísí sláinteachais
- Lean tionscainmh athchóirithe le 16 seomra glantóra uasghrádaithe agus 4 cistin bharda uasghrádaithe
- Ghlac póirtéireacht an fhreagracht i leith sheachadadh cógasaíochta, bia agus lín ar fud champas an ospidéil

An Roinn Lónadóireachta

Soláthraíonn an Roinn Lónadóireachta biachláir roghnaíoch d'othair, ag soláthar réimse béilí atá feiliúnach d'othair a bhfuil aiste bia athraithe acu freisin. Ullmhaíonn agus dáileann sé beagnach milliún béile othar in aghaidh na bliana. I gcomhar le Páirtíocht, IMS agus an Roinn Chliniciúil Cothaithe roghnaíodh córas ordú biachláir othar ríomhairithe agus bronnadh an tairiscint. In éineacht leis an Roinn Chliniciúil Cothaithe tugadh isteach rogha biachláir fheabhsuithe agus san am céanna soithí oiriúnacha d'othair le deactrachtaí slogtha.

Lean an clár athcóirithe do phantraí na mbardaí ar feadh 2009 le críochnú ceithre pantrach eile. Chomh maith leis sin rinneadh síneadh agus oibreacha uasghráduithe i mBialann na Foirne a chumsigh áis Bheár Caife ionchorpraithe san ionad bia agus oibreacha uasghráduithe sa phríomhionad Ghlanadh Pota.

Bhí monatóireacht chuimsitheach ar an gcóras líonadóireachta, bunaithe ar phrionsabail HACCP, i bhfeidhm go leanúnach ionas go seiceáladh nósanna imeachta oibríochtúla go córasach mar ghnáthamh.

Seirbhísí Póirtéireachta

Soláthraíonn seirbhísí póirtéireachta seirbhís do gach réimse cliniciúil ar bhonn 24 uaire 7 lae. I measc na bhfeidhmeanna bhí traschur othar laistigh de na bardaí agus de shuíomh an ospidéil, bailiúchán eiseamal, fola agus tháirgí fola agus bailiúchán agus seachadadh earraí cógasaíochta.

Seachadaíonn an tseirbhís teachtaireachta réimse leathan de phost práinneach agus earraí eile ar fud Chathair Bhaile Átha Cliath.

I 2009 ghlac an tseirbhís phóirtéireachta freagracht as iompar agus seachadadh na n-earraí cógasaíochta, bia agus líon ar fad an champais.

An Roinn Slándála

I 2009 lean an Roinn Slándála ag cur a forbairt chun cinn, sholáthar áis an Seomra Rialaithe monatóireacht chóras 24 uaire mar shampla TCI, Aláirim Phráinne, Aláirim Ionróra, Guthán Éigeandáil Shlándála agus an Bheolíne Shlándála ó oifig fáilte an Chomhthionóil.

Lean Córais Shlándála Leictreonach- agus TF-bhunaithe a fhobairt chun an caighdeán is airde i dtimpeallacht chúraim shláinte a bhaint amach.

Lean an clár Faire Ospidéil a bheith rathúil le hidirchaidreamh méadaithe leis An Garda Síochana agus tiomantas Oifigigh idirchaidreamh na nGardaí. Lean an fhoireann Shlándála cur chuige neamhfhulaingthe i leith Iompar Frith-Shóisialta ar Champas an Ospidéil a ghlacadh agus mar gheall air rinneadh roinnt gabhálacha suntasacha agus baineadh amach roinnt ionchúiseamh suntasacha.

Chomh maith leis sin, i 2009 chuidigh an tAonad Chosc ar an gCoireacht leis an Roinn Shlándála chun moltaí a dhéanamh maidir le Slándáil Thailte agus Imlíne ag an Ospidéal chomh maith le uasghrádú Shlándáil na Cógasaíochta chun comhlíonadh le reachtaíocht úrnua. Chomh maith leis sin,

i 2009 chuidigh an tAonad Chosc ar an gCoireacht leis an Roinn Shlándála chun moltaí a dhéanamh maidir le Slándáil Thailte agus Imlíne ag an Ospidéal chomh maith le uasghrádú Shlándáil na Cógasaíochta chun comhlíonadh le reachtaíocht úrnua.

Tar éis eachtra i Lúnasa 2009, rinneadh díospóireacht chun na Príomhgheataí isteach chuig Ospidéal Naomh Séamas in aghaidh trétráchtá iar- 23:00 uair. Tógadh Bacainní Tráchtrialaithe Leictreonacha le TCI breise ag Geataí Ospidéal Naomh Séamas agus Rialto araon a fheidhmíonn Pearsanra Sábhála idir 23:00 uair agus 06:00 uair. Deimhníodh é seo a bheith mar acmhainn éifeachtach chun trácht agus eachtraí frith-shóisialta a smachtú tríd an suíomh.

An Roinn Teileachumarsáide

Láimhseáileann an Roinn Teileachumarsáide thart ar 2500 in aghaidh an lae agus logáil agus rianú 600 blípe freisin. I 2009, chuaigh 9.5 milliún glao (isteach agus amach) trí líonra ghuthán an Ospidéil. Déanann an Roinn Teileachumarsáide monatóiriú ar aláirim éagsúla le haghaidh Tine, gáis ocsaíd nítríúla agus leictreachas [cliseadh cumhachta].

I rith 2009 bhí forbairt ar an gcóras theileafónaíocht phrótacal idirlín laistigh den ospidéal. Suiteáladh an córas Fhreagairt Idirghníomhach Ghutha sa Chlinic GUIDE agus san Ionad Diaibéiteach Lae, de bharr rath an tionscadail seo, ceaptar go rollfar amach an córas seo chuig áiteanna eile i 2010.

Seirbhísí Fódóireachta/Glantacháin

Leasaíodh an Clár Feabhsúcháin um Cháilíocht chun dáta ar bhonn leanúnach i rith na bliana le tionscnaimh shuntasacha a ghlac na ranna éagsúla a bhí bainteach le seirbhísí sláinteachais, iad dearth chun cabhair a thabhairt don Ospidéal caighdeán sláinteachais a chothabháil ar son leas na n-othar, na gcomhaltaí foirne agus na gcuairteoirí mar an gcéanna.

Seirbhísí Timpeallachta

Chomh maith le tiomantas méadaithe maidir le hathchúrsáil, lean ‘Iniúchadh ar Bhaol Dramháiola’, tugann na torthaí tacaíocht d’fhorbairt agus do dhul chun cinn leithscaradh leantach na sruthanna éagsúla dramháiola.

Cuireann cruinnuithe rialta le soláthraithe seirbhíse caidreamh maith oibre chun cinn agus cinntíonn siad peirspictíocht níos leithne maidir le laghdú leantach na dramháiola neamhbhaolaí do líonadh talún agus leis an méadú comhfhreagrach dramháiola d’athchúrsáil.



Seirbhísí Neachtlainne

I lár 2009, d'éirigh Margaret Quinn, Bainisteoir Neachtlainne agus iar-Oifigeach Sheirbhísí Baile, as a post.

I gcomhpháirtíocht le Líon Ceilteach, páirtí seirbhíse seachtraigh, bainistíonn an Neachtlan seirbhís líon an leapa do gach barda agus roinn ar fud an ospidéil, soláthraíonn sé seirbhís neachtlainne d'othair fadfhanachta, éidí, mapaí, cuirtíní agus éarraí ilchineálacha eile.

An Roinn Séiplíneachta

Soláthraíonn an Roinn Séiplíneachta seirbhís 24 uaire don ospidéal. Cuimsíonn an fhoireann Séiplínigh Oirnithe agus Reiligiúnacha chomh maith le hEaglais na hÉireann. Chomh maith leis sin, tá breis is 36 oibrí deonach a oibríonn mar Ministir na hEocairiste agus a cuidíonn leis an gComaoineach a thabhairt do na hothair ar bhonn laethúla.

I 2009, d'fhreastal na séiplínigh ar breis is 1000 bás agus thug said 200 cuairt réamhobráidein aghaidh na seachtaine ar othar a d'iarr cuairt.

Tionóladh Aifreann Cuimhnimh Speisialta i Samhain do bhaill fhoirne a chailleadh, a dteaghligh agus a gcairde a thug seans do bhaill fhoirne agus a dteaghligh agus a gcairde atá dobrón orthu chun teacht le chéile agus smaoineadh ar a gcairde i 'Searmanas Choinneal Chuimhnimh'.

Comhthionól

Is é an deasc fáiltithe ar an bPríomhchomhthionól an comhéadan tosaigh d'othair, cuairteoirí agus an fhoireann ag teacht isteach sa phríomhospidéal, agus tá súil ag an bhfoireann iomhá a thaispeáint atá éifeachtúil agus éifeachtach, agus a chuireann áis chúram sláinte profisiúnta chun cinn.

Is í príomhfheidhm an Phríomhchomhthionóil ná cinntiú go n-éascaítear rochtain inmhianaithe chuig an áit sa phríomhospidéal trí chomharthaíocht agus/nó chúnamh éifeachtach ón bhfoireann, agus chun áiseanna tráchtála agus lónadóireachta d'othair agus don fhoireann i suíomh oiriúnach a sholáthar.

Roinn na Seirbhísí Teicniúla



An tUasal Peter Ford

Oifigeach Cothabhála

